I measc na bpríomhphearsanra Bainistíochta i bhForas na Mara tá comhaltaí an Bhoird agus baill Fhoireann Cheannaireachta Shinsearach Fhoras na Mara, lena n-áirítear an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin (POF). Tá luach iomlán na sochar fostaithe don príomhphearsanra leagtha amach thuas. Ní dhearnadh aon íocaíochtaí i leith íocaíochtaí foirceanta nó árachas sláinte i 2022. Ní fholáin sé seo luach na sochar scoir a tuilleadh sa tréimhse. Is baill de Scéim Aoisiúntais Foirne Fhoras na Mara 1998 nó Scéim Pinsin na Seirbhíse Poiblí Aonair iad an Fhoireann Cheannaireachta Shinsearach lena n-áirítear an POF agus ní théann a dteidíochtaí chuige sin thar théarmaí na scéime pinsin eiseamláireach seirbhíse poiblí. Ba é €33,545 (2021: €15,727) an speansas iomlána a aisíocadh le príomhbhainistíocht feidhmiúcháin maidir le caiteachas a bhain le gnó.

#### Miondealú Sochair Ghearrthéarmacha Fostaithe

Déantar sochair gearrthéarmacha fostaithe (pá agus tuarastail) de bhreis ar €60,000 a chatagóiriú sna bandaí seo a leanas:

	2022 Uimh	2021 Uimh
€60,000 - €69,999	33	28
€70,000 - €79,999	35	33
€80,000 - €89,999	16	14
€90,000 - €99,999	12	6
€100,000 - €109,999	3	2
€110,000 - €119,999	2	2
€120,000 - €129,999	1	2
€130,000 - €139,999	1	-
€140,000 - €149,999	-	-
€150,000 - €159,999	1	-

Nóta: Chun críocha an nochta seo, áirítear le sochair fhostaithe gearrthéarmacha maidir le seirbhísí a soláthraíodh le linn na tréimhse tuairiscithe tuarastal, liúntais ragoibre agus íocaíochtaí eile a dhéantar thar ceann an fhostaí, ach ní áirítear ÁSPC an fhostóra agus pá saoire fabhráithe.

## 6. Costais Oibriúcháin Árthaigh

	2022 €'000	2021 €'000
Párolla agus Costais Ghaolmhara	5,702	5,087
Breosla	2,178	939
Árachas	363	277
Biatachas	267	169
Táille Bainistíochta	279	263
Táillí Calafóirt agus Sábháilteacht	103	75
Léasanna agus Stóráil Cíos	126	154
Costais Innealtóireachta agus Chothabhála	1,079	905
Costais Oibriúcháin agus Riaracháin	816	664
	<b>10,913</b>	<b>8,533</b>

Ní áirítear leis na costais oibriúcháin soithí costas trealamh agus athfheistithe soithí, atá caipitlithe i nóta 15, toisc go gcomhlíonann siad na critéir maidir le haitheantas mar réadmhaoín, gléasra agus trealamh. Is le Foras na Mara na soithí agus tá oibríochtaí na soithí ar fochonradh do chuideachta bhainistíochta soithí tríú páirtí.

## 7. Costais Taistil

	2022 €'000	2021 €'000
Taisteal agus Cothabháil		
Inmheánach	536	312
Eachtrach	280	30
	<b>816</b>	<b>342</b>

Baineann cuid den speansas seo le tionscadail mhaoinithe, áit a ndéanfar an costas a thabhaítear a aisíoc le Foras na Mara.

## 8. Deontais agus Soláthraithe Seirbhíse Seachtracha

	2022 €'000	2021 €'000
Deontais Chlár Taighde Mara agus costais tacaíochta (Nóta 12)	3,791	4,821
Oiliúint & Oideachas do Mharaithe	140	121
Conraitheoirí, Soláthraithe Seirbhíse Seachtracha, Táillí Gairmiúla agus Maoiniú Taighde Eile*	8,031	6,618
Anailís Shamplach	297	307
	<b>12,259</b>	<b>11,867</b>

\*Áirítear leis seo íocaíochtaí tionscadail le comhpháirtithe arb é Foras na Mara an príomh-chomhpháirtí i dtionscadail atá maoinithe ag an AE, íocaíochtaí a bhaineann le tionscadail arna maoiniú ag an CEMI/EMFAF agus íocaíochtaí le soláthraithe conartha eile le haghaidh samplaí, suirbhéanna eolaíoch, tacaíocht oibríochtaí, conraitheoirí suirbhé seachtracha agus nithe eile a theastaíonn chun go bhféadfaidh Foras na Mara a shainordú reachtúil a chomhlíonadh.

## 9. Costais Áiseanna

	2022 €'000	2021 €'000
Cothabháil	1,416	1,287
Solas & Teas	769	450
Athsholáthairtí	394	172
Eile	294	237
	<b>2,873</b>	<b>2,146</b>

## 10. Costais Eile Riaracháin agus Trealamh ar cíós

	2022 €'000	2021 €'000
Cíós, Rátaí & Costais Maoine Eile	243	215
Síntiúis Irise, Ballraíochtaí agus Costais Leabharlainne	230	308
Oiliúint	238	171
Stáiseanóireacht & Earraí Inchaite	151	131
Foilseacháin, Ábhair do Chur Chun Cinn agus Dearadh	296	284
Árachas	167	136
Táille iniúcháireachta	29	27
Fruiliú ar Threalamh & Soithí	442	253
Trealamh Ilchineálach	456	456
Costais Riaracháin Eile	803	549
	<b>3,055</b>	<b>2,530</b>

Tá feidhm ag forálacha Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála), 2012 (S.I. Uimh. 580 de 2012) maidir le Foras na Mara. Ba é an t-ús agus an cúiteamh a íocadh le linn 2022 ná €171 (2021: €396).

## 11. Cánachas

Tá Foras na Mara díolmhaithe go sonrach ó chánachas faoi fhorálacha Alt 32 agus Sceideal 2 den Acht Airgeadais 1994. Dá réir sin, níl aon mhúirear cánach san áireamh sna ráitis airgeadais.

## 12. Íocaíochtaí Clár Taighde Mara – Caipiteal arna Mhaoiniú ag an Státchiste

Is nóta meabhráin é seo, a bhfuil sé mar fheidhm aige cur i bhfeidhm an mhaoinithe caipitil de €19.75m a fuarthas i 2022 (2021: €19.5m) a thaispeáint, mar a caitheadh é ar thacú leis an *Straitéis Náisiúnta um Thaighde agus Nuálaíocht Mara 2017-2021*. Déantar an caiteachas a chatagóiriú ar fud na ráiteas airgeadais mar a shonraítear thíos.

Foilsíodh an *Straitéis Náisiúnta um Thaighde agus Nuálaíocht Mara 2017-2021* i mí an Mheithimh 2017, agus shainithníodh 15 théama taighde faoi na trí sprioc atá ag *Feidhm a Bhaint as Saibhreas Ár nAigéin*. Leag an straitéis seo amach na tosaíochtaí taighde i 2021 agus 2022, ar feitheamh foilsiú straitéise nua náisiúnta um Thaighde agus Nuálaíocht Mara i 2023.

	2022 €'000	2021 €'000
Ioncam Oireachtas (Nóta 2)	19,750	19,500
Ioncam Eile nó Ioncam Cómhainithe	464	294
<b>Ioncam Iomlán</b>	<b>20,214</b>	<b>19,794</b>
<i>Caiteachas ar thionscadail an Chláir Taighde Mara</i>		
Dámhachtain um Rochtain ar Long-Ama	4,722	3,200
Deontais do Chlár Taighde Mara (Nóta 8)	3,791	4,821
Tacaíocht Beartais Taighde Mara, Oideachas agus For-rochtain agus Íocaíochtaí Riaracháin	1,106	624
Caipiteal, TF, Ártach, Athchóiriú Soitheach agus Trealamh Aigéaneolaíochta	2,615	2,144
Íocaíocht deiridh Soithí Nua a fháil	7,983	9,000
<b>Caiteachas Iomlán</b>	<b>20,217</b>	<b>19,789</b>

### Dámhachtain Rochtana ar Long-Ama

Cuirtear rochtain ar shoithí taighde na hInstitiúide ar fáil do Thaighdeoirí, lena n-áirítear Institiúidí Ardoideachais chun críocha taighde agus oideachais, tar éis glao iomaíoch bliantúil "Dámhachtain Long-Ama". Is é an €4,722,000 luach na dámhachtana "comhchineáil" seo do na hiarratasóirí rathúla, nach ngearrtar táille úsáide airgeadaíochta orthu. Is é an €4,722,000 costas oibriúcháin measta na soithí, agus iad in úsáid ag iarratasóirí dá leithéid. Tá an tsuim seo mar chuid de chostais iomlána oibriúcháin áirítear sa chuntas ioncaim agus caiteachais.

### Deontais an Chláir Taighde Mara

Áirítear leis seo íocaíochtaí atá nasctha leis an *Straitéis Náisiúnta um Thaighde agus Nuálaíocht Mara 2017-2021* le haghaidh dámhachtainí i réimsí tábhachtacha straitéiseacha de thaighde mara. Tá tionscadail taighde a dhámhtar faoi réir conarthaí a shonraíonn go ndéanfar íocaíocht tosaigh ar shíniú an chonartha; féadfar íocaíocht(aí) eatramhacha a dhéanamh faoi réir feidhmíochta sásúla agus íocaíocht deiridh a dhéanamh ar éileamh a fháil agus a fhíorú. Tá na híocaíochtaí seo san áireamh i "Deontais agus Soláthraithe Seirbhíse Seachtracha" sa chuntas Ioncaim agus Caiteachais.

### Tacaíocht Beartais um Thaighde Mara /Oideachas agus For-rochtain/ agus Íocaíochtaí Riaracháin

Áirítear leis seo costais riaracháin, iniúchára agus luachála an Chláir Taighde Mara, tacaíocht bheartais d'eagraíochtaí taighde Idirnáisiúnta agus costas na gclár oideachais agus for-rochtana. Áirítear na híocaíochtaí seo i bhfotheidil éagsúla sa chuntas Ioncaim agus Caiteachais.

### Caipiteal, TF, Ártach, Athchóiriú Soitheach agus Trealamh Aigéaneolaíochta

Áirítear leis seo ceannach trealamh caipitil, costais athfheistithe agus costais TF. Déantar na costais seo, a mhéid a chomhlíonann siad an sainmhíniú ar shócmhainn faoi FRS 102, a chaipitliú sa ráiteas ar an staid airgeadais.

### Soitheach Nua "RV Tom Crean" a fháil

In 2019, rinne Foras na Mara gealltanais chonartha de €25m maidir le soitheach taighde nua a thógáil. Seachadadh ártach taighde Tom Crean agus cuireadh i seirbhís é le linn 2022 ar chostas iomlán de €24.983m.

Gearrta caiteachas sna ráitis airgeadais de réir mar a thabhaítear é de réir bheartas cuntasíochta an Chláir Taighde Mara. Ar 31 Nollaig 2022 bhí íocaíochtaí de €513,576 (2021: €357,003) gan íoc agus áirítear iad laistigh de nithe iníochta.

### 13. An Clár Taighde Mara Tiomantais Chaipitil don Todhchaí

Ritheann an Clár Taighde Mara i dtimthriallta maoinithe seacht mbliana, agus an timthriall reatha ó 2021 go 2027. Ag tús 2022 bhí 85 tionscadal fós ar siúl, bronnadh 42 dámhachtain nua i 2022, agus críochnaíodh 37 dámhachtain i 2022, rud a d'fhág go raibh 90 tionscadal ar siúl amhail an 31 Nollaig 2022.

Déantar anailís mar seo a leanas ar ghealltanais chonarhacha amhail an 31 Nollaig 2022, nár cuireadh de mhúirear ar na ráitis airgeadais go fóill:

	Iomlán €'000
<b>Gealltanais amhail ag 1 Eanáir 2022</b>	<b>22,191</b>
Dídhlísihe 2022	(62)
Ceangaltais Nua 2022 - Deontais don Chlár Taighde Mara	2,857
Íoctha i 2022	(11,879)
<b>Ceangaltais amhail ag 31 Nollaig 2022</b>	<b>13,107</b>

### 14. Cuntas Caipitil

	2022 €'000	2022 €'000	2021 €'000	2021 €'000
Iarmhéid ag an 1 Eanáir		30,667		22,712
<i>Aistriú (chuig)/ón Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais</i>				
Ioncam (glan) leithdháilte do mhaoiniú Caipitil	10,736		12,549	
Táille dhímheasa don bhliain	(5,542)	5,194	(4,918)	7,631
Múirear ar an gCúlchiste Athluachála		108		324
Tionchar diúscairthe maoinne, gléasra agus trealamh		(7)		
<b>Iarmhéid ag 31 Nollaig</b>		<b>35,962</b>		<b>30,667</b>

Is ionann iarmhéid comhiomlán an Chuntais Chaipitil (€35.962m) agus an Cúlchiste Athluachála (€5.028m) agus Glanluach Leabhar Réadmhaoinne, Gléasra agus Trealamh de €40.990m amhail an 31 Nollaig 2022.

### 15. Maoin, Gléasra agus Trealamh

	Talamh & Maoin agus Feabhsúcháin Léasachta €'000	Árthach Taighde €'000	Sócmhainní atá á dtógáil €'000	Trealamh Soithigh €'000	Trealamh/Daingneáin & Feistis €'000	Ríomhairí €'000	Mótarfheithiclí €'000	Iomlán €'000
<i>Costas nó Luacháil</i>								
Iarmhéid ag an 1 Eanáir 2022	9,916	31,803	17,092	7,918	28,354	7,804	451	103,338
Suimiúcháin	-	1,056	8,134	123	759	664	-	10,736
Diúscairtí	-	(265)	-	(268)	(250)	(153)	-	(936)
Aistriú sócmhainní	-	24,983	(25,075)	-	92	-	-	-
<b>Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2022</b>	<b>9,916</b>	<b>57,577</b>	<b>151</b>	<b>7,773</b>	<b>28,955</b>	<b>8,315</b>	<b>451</b>	<b>113,138</b>
<i>Dímheas</i>								
Iarmhéid ag an 1 Eanáir 2022	2,047	25,718	-	7,096	25,121	7,130	423	67,535
Múirear don bhliain airgeadais	200	2,581	-	483	1,631	634	13	5,542
Diúscairt	-	(265)	-	(266)	(245)	(153)	-	(929)
<b>Iarmhéid amhail ag 31 Nollaig 2022</b>	<b>2,247</b>	<b>28,034</b>	<b>-</b>	<b>7,313</b>	<b>26,507</b>	<b>7,611</b>	<b>436</b>	<b>72,148</b>
<i>Glanluach Leabhar</i>								
Ag 31 Nollaig 2022	7,669	29,543	151	460	2,448	704	15	40,990
Ag 31 Nollaig 2021	7,869	6,085	17,092	822	3,233	674	28	35,803

Tá ceanncheathrú Fhoras na Mara ag Rinn an Bhile, Órán Mór, Co. na Gaillimhe. Tá an foirgneamh seo, atá faoi úinéireacht OOP, curtha ar fáil saor ó chíos. Is leis an Institiúid talamh agus foirgnimh sa Phort Nua, Co. Mhaigh Eo agus sa Pháirc Mhór, Gaillimh. Rinne luachálaithe cáilithe gairmiúla neamhspleácha an talamh ar fad agus na foirgnimh ar le Foras na Mara iad a athluacháil le linn 2018. Coinnítear na háitribh éagsúla eile a úsáideann an Institiúid i mBaile Átha Cliath agus ag na láithreacha calafoirt timpeall na hÉireann faoi léasanna oibriúcháin nó faoi chomhaontuithe cíosa mar atá leagtha amach i Nóta 20.

Níor aithníodh dímheas amhail an 31 Nollaig 2022 i ndáil le €0.151m de sócmhainní atá á dtógáil. Na míreanna seo a chomhlíonann an sainmhíniú ar sócmhainn ach nach raibh in úsáid ar 31 Nollaig 2022, níor chuir siad tús lena saolréanna úsáideacha chun críocha dímheasa in 2022.

I rith 2022, críochnaíodh árthach taighde agus trealamh nua na hInstitiúide a bhí á dtógáil ar 31 Nollaig 2021 agus cuireadh in úsáid iad. Aistríodh na míreanna seo ó sócmhainní atá á dtógáil go dtí catagóirí sócmhainní ábhartha agus bhí siad faoi réir dímheasa le linn na bliana dar críoch 31ú Nollaig 2022.

De réir bheartas na hInstitiúide, cuirfeadh tús le dímheas, agus gearrfar bliain iomlán dímheasa sa bhliain a dtagann an tsócmhainn in úsáid.

## 16. Cúlchiste Athluachála

	2022 €'000	2021 €'000
Iarmhéid ag an 1 Eanáir	5,136	5,460
Gluaiseacht sa bhliain	(108)	(324)
<b>Iarmhéid ag 31 Nollaig</b>	<b>5,028</b>	<b>5,136</b>

Athraíodh an bonn le luacháil talún agus réadmhaoine i 2018 ó chostas go hathluacháil, agus b'ionann an méid de €5.460m agus an méadú dá réir ar luach, a cuireadh san áireamh sa chúlchiste athluachála i 2018. Is é an méid de €5.028m amhail an 31 Nollaig 2022 an t-iarmhéid ar an gcontas cúlchiste athluachála tar éis dímhéas a ghearradh ar na sócmhainní athluachála a chur san áireamh.

## 17. Infháiltais

	2022 €'000	2021 €'000
Infhaighte Trádála	274	77
Ioncam Conartha	779	863
Réamhíocaíochtaí	529	371
	<b>1,582</b>	<b>1,311</b>

Tá gach infhaighte dlite laistigh de bhliain amháin. Taispeántar nithe infhaighte trádála glan ó bhearnú i leith fiacha amhrasacha.

## 18. Nithe Iníochta

	2022 €'000	2021 €'000
<i>Suímeanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin</i>		
Nithe Iníochta Trádála	1,466	2,892
Ioncam Iarchurtha	4,900	3,225
Fabhrú an Chláir Taighde Mara (Nóta 12)	513	357
Fabhruithe	38	48
Párolla agus Fabhruithe Ioncaim	482	417
Fabhrú Pá Saoire (Nóta 5)	464	401
	<b>7,863</b>	<b>7,340</b>

San áireamh sna nithe iníochta thuas tá na méideanna seo a leanas atá dlite do na Coimisinéirí Ioncaim:

	2022 €'000	2021 €'000
Cáin Shiarchoinneálach ar Sheirbhís Ghairmiúil	161	203
ÍMAT/ÁSPC/MSU	452	414
CBL	107	96
Cáin Chonartha Iomchuí	6	1
	<b>726</b>	<b>714</b>

## 19. Scéim Aoisliúntais agus Scéim na Sochar Scoir Ranníocach do Chéilí agus Leanaí

## a) Tuairisc Ghinearálta na Scéime

Is gníomhaireacht reachtúil Stáit é Foras na Mara, a bunaíodh faoi alt 3(1) den Acht um Fhoras na Mara, 1991 (Uimh. 2 de 1991). Forálann alt 9(1) den Acht go ndéanfaidh an Foras scéimeanna chun sochair aoisliúntais a dheonú do chomhaltaí foirne agus ina leith, faoi réir cheadú an Aire. Tá dhá scéim cheadaithe den sórt sin - Scéim Aoisliúntais Fhoireann Fhoras na Mara 1998 agus Scéim Pinsin Ranníocach do Chéilí agus Leanaí Fhoras na Mara 1998 á n-oibriú ag an bhForas. Soláthraíonn an iarscém sochair scoir (cnapshuim agus pinsean) do bhaill fhoirne agus sochair aisce bháis maidir le bás le linn seirbhíse. Soláthraíonn an scéim ní ba dheireanaí sochair phinsin do chéilí marthanacha agus do leanaí cleithiúnacha na mball nach maireann. Is í an ghnáthaois scoir ná 65ú breithlá an chomhalta. Is scéimeanna aoisliúntais sochair shainithe iad an dá scéim. Íoctar ranníocaíochtaí Aoisliúntais Foirne leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara.

Is í an Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair (Scéim Aonair) an scéim pinsin shochair shainithe do sheirbhísigh poiblí inphinsin arna gceapadh den chéad uair ar 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh de réir an Achte um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012. Soláthraíonn an scéim do phinsean agus cnapshuim scoir bunaithe ar mheánluach saothair inphinsin gairme, agus pinsin chéilí agus leanaí. Is é 66 bliain an aois íosta pinsin (ag ardú de réir athruithe ar aois an phinsin Stáit). Áirítear leis saoráid luathscoir laghdaithe go hachtúireach ó 55 bliain d'aois ar aghaidh. Ardaítear pinsin atá á n-íoc ag teacht leis an treoir-innéacs praghsanna do thomhaltóirí.

Chun críocha tuairiscithe de réir FRS 102, tá an Institiúid tar éis comhairle a fháil ó aachtúire cáilithe a d'ullmhaigh luacháil iomlán chun dliteanas na scéimeanna aoisliúntais amhail an 31 Nollaig 2022 a mheas.

Is iad seo a leanas na príomhthoimhdí aachtúireacha atá bunaithe ar chomhairle aachtúireach ghairmiúil, in aghaidh na bliana:

	2022	2021	2020
Méadú ar ráta boilsicthe	2.60%	1.50%	1.50%
Méadú ar ráta tuarastail	3.60%	2.50%	2.50%
Méadú ar ráta pinsin	3.10%	2.00%	2.00%
Ráta lascaine dliteanas scéime	4.25%	1.25%	0.80%

Toisc go bhfuil méaduithe pinsin faoi scéimeanna Fhoras na Mara bunaithe ar arduithe tuarastail seachas ar arduithe praghsais, ní gá toimhde boilsicthe praghsais chun críocha na luachála seo. Mar sin féin, ós rud é go n-éilíonn FRS 102 tagairt do ráta toimhdithe boilsicthe, bheadh an ráta thuas oiriúnach chun na críche seo.

Is é seo a leanas an meán-ionchas saoil atá fágtha sa todhchaí de réir na dtáblaí básmhaireachta a úsáidtear chun dliteanas phinsin a chinneadh:

	2022	2021
Fear 65 bliain d'aois	22.6	21.8
Mná 65 bliain d'aois	24.3	24.2

Ar bhonn na mbonn tuisceana seo agus eile agus an modh aonaid réamh-mheasta a fhorordaítear i FRS 102 á chur i bhfeidhm, is iad seo a leanas an tsócmhainn mhaoinithe iarchurtha agus an dliteanas sochair scoir:

	2022	2021
Dlitéanas sochair scoir fabhraithe iomlán	€61.28m	€97.60m

## b) Anailís ar na Costais Iomlána Phinsin a cuireadh de mhúirear ar Chaiteachas

	2022 €'000	2021 €'000
Costas Seirbhíse Reatha	5,079	4,721
Ús ar dhliteanais scéime pinsin	1,217	708
Ranníocaíochtaí Fostaithe	(642)	(594)
	<b>5,654</b>	<b>4,835</b>

## c) Anailís ar an méid atá aitheanta sa Ráiteas Cuimsitheach Ioncam

	2022 €'000	2021 €'000
Gnóthachain/(Cailiteanais) Taithí	(4,065)	1,515
Athruithe ar bhoinn tuisceana achtúireacha atá mar bhonn le luach reatha na scéime	46,138	(5,311)
<b>Gnóthachan/(cailiteanas) achtúireach aitheanta sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach</b>	<b>42,073</b>	<b>(3,796)</b>

## d) Glanmhaoiniú Iarchurtha do Phinsin Aitheanta sa bhliain

	2022 €'000	2021 €'000
Costas Seirbhíse agus Úis Reatha	6,296	5,429
Íoctar níos lú sochair sa bhliain	(550)	(430)
	<b>5,746</b>	<b>4,999</b>

Aithníonn Foras na Mara méideanna atá dlite ón Stát mar shócmhainn a fhreagraíonn don dliteanas iarchurtha neamh-mhaoinithe do phinsin ar bhonn na mbonn tuisceana a bhfuil cur síos déanta orthu thuas agus roinnt imeachtaí san am a chuaigh thart. Áirítear ar na himeachtaí seo an bonn reachtúil do bhunú na scéime aoisliúntais agus an polasaí agus an cleachtas maidir le pinsin seirbhíse poiblí a mhaoiniú, lena n-áirítear ranníocaíochtaí ó fhostaithe agus an próiseas meastachán bliantúil. Cosúil le scéimeanna aoisliúntais na seirbhíse poiblí i gcoitinne, ní choinnítear aon chiste ar leith, ná ní shealbhaítear sócmhainní, chun íocaíocht pinsin agus aiscí a mhaoiniú.

Ag teacht leis an nós agus leis an gcleachtas mar atá glactha ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara go dtí seo, níl aon fhianaise ag Foras na Mara nach leanfaidh an beartas maoinithe seo ag freastal ar na suimeanna sin de réir an chleachtais reatha. B'ionann an tsócmhainn mhaoinithe iarchurtha do phinsin amháil ag 31 Nollaig 2022 agus €61.28 milliún (2021: €97.6 milliún). Tá cainníochtú an dliteanais bunaithe ar na boinn tuisceana airgeadais atá leagtha amach sa nóta seo.

## e) Anailís ar ghluaiseacht sa ghlan-dlitéanas pinsin i rith na bliana

	2022 €'000	2021 €'000	2020 €'000	2019 €'000	2018 €'000
Dlitéanas ag tús na bliana	97,605	88,810	74,341	63,129	59,599
Costas Seirbhíse Reatha	5,079	4,721	4,066	3,550	3,493
Ús ar Dhliteanais Scéime	1,217	708	889	1,194	1,188
Achtúireach (Gnóthachan)/Cailiteanas aitheanta sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach	(42,073)	3,796	9,946	7,145	(766)
Sochair a íocadh sa bhliain	(550)	(430)	(432)	(677)	(385)
<b>Dlitéanas ag tús na bliana</b>	<b>61,278</b>	<b>97,605</b>	<b>88,810</b>	<b>74,341</b>	<b>63,129</b>

## f) Stair d'Oibleagáidí Sochair Shainithe

	2022 €'000	2021 €'000	2020 €'000	2019 €'000	2018 €'000
Oibleagáidí sochair easnaimh	61,278	97,605	88,810	74,341	63,129
Gnóthachain/(Cailiteanais) Taithí ar Dhliteanais Scéime	(4,065)	1,515	(1,124)	273	(1)
<b>An Céatadán de Dhliteanais Scéime</b>	<b>6.6%</b>	<b>1.5%</b>	<b>1.3%</b>	<b>0%</b>	<b>0%</b>
Gnóthachain/(Cailiteanais) Tuisceana ar Dhliteanais Scéime	46,138	(5,311)	(8,822)	(7,418)	(767)
<b>An Céatadán de Dhliteanais Scéime</b>	<b>75.3%</b>	<b>5.44%</b>	<b>9.93%</b>	<b>9.97%</b>	<b>1.21%</b>

Is é an gnóthachan achtúireach carnach a aithnítear sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach ná €13,091,000.

## 20. Ceangaltais Léasa Oibriúcháin

Tá áitribh ar léas agus ar cíos ag Foras na Mara sna háiteanna seo a leanas:

- **Léas 1:** Cuireadh tús le 3 Plás na Páirce, Baile Átha Cliath 2, i Meitheamh 2019 ar feadh tréimhse 25 bliain agus tá sé le críochnú ar 31 Deireadh Fómhair 2044.
- **Léas 2:** Cuireadh tús le Páirc Oifige na Páirce Móire, Gaillimh, i 1999 ar feadh tréimhse 25 bliain le hathbheithnithe cíosa cúig bliana.
- **Léas 3:** Cuireadh tús le Red Sail Warehouse, Cuan na Gaillimhe, i 2013 ar feadh tréimhse 11 bhliain le hathbheithniú cíosa i 2018.
- **Léas 4:** Cuireadh tús le Talamh Tionsclaíoch, Cuan na Gaillimhe, i 2014 ar feadh tréimhse 5 bliana agus an rogha ann síneadh go Lúnasa 2024. Rinneadh an rogha seo a fheidhmiú.
- **Léas 5:** Cuireadh tús le Talamh Tionsclaíoch, Páirc Theicneolaíochta na Gaillimhe, i 1988 ar feadh tréimhse 999 bliain, le hathbheithnithe cíosa cúig bliana.
- **Léas 6:** Léas urthrú sa Spidéal, arna dheonú ar feadh 35 bliain le héifeacht ón 15 Nollaig 2017.
- **Léas 7:** Spás Saotharlainne i mBeanntaí arna dheonú ar feadh 3 bliana le héifeacht ón 1 Nollaig 2019. Chuaigh an léas seo in éag an 1 Nollaig 2022, ach fanann áitiú agus muirir i gcomhréir leis an gcomhaontú a chuaigh in éag.
- **Léas 8:** Spás Saotharlainne i mBaile Chaisteáin Bhéarra deonaithe ar feadh 10 mbliana le héifeacht ón 1 Nollaig 2013.
- **Léas 9:** Spás Saotharlainne sa Chaisteán Nua ar feadh 5 bliana le héifeacht ón 1 Meitheamh 2020.
- **Comhaontuithe Cíosa:** Tá roinnt comhaontuithe cíosa gearrthéarmacha ag an Institiúid freisin maidir le céanna, saotharlanna agus seideanna.

Is iad seo a leanas iomlán na n-íocaíochtaí léasa íosta sa todhchaí faoi léasanna oibriúcháin neamh-incháilithe, baineann siad ar fad le Talamh & Foirgnimh:

Maidir le léasanna	2022 €'000	2021 €'000
Iníoctha laistigh de bhliain amháin	288	296
Iníoctha idir 2 agus 5 bliana	537	704
Iníoctha ina dhiaidh sin	2,046	2,173
	<b>2,871</b>	<b>3,173</b>

B'ionann íocaíochtaí léasa oibriúcháin a aithníodh mar speansas i 2022 agus €296,935 (2021: €295,997).



## 21. Idirbhearta Páirtithe Gaolmhara

Ar an 4 Meitheamh 2021, ceapadh Ms Charlotte O'Kelly ar Bhord Foras na Mara. Is páirtí rialaithe agus comhalta Boird de Techworks Marine Limited í Ms O'Kelly, soláthraí d'Fhoras na Mara. B'ionann ceannacháin (gan CBL) ó Techworks Marine Limited agus €41,513 i 2022 agus €133,456 i 2021 sa tréimhse tar éis cheapachán Iníon Uí Cheallaigh ar an mBord. Rinneadh na hidirbhearta go léir ar neamhthuilleamaí de réir ghnáthnósanna imeachta soláthair an Fhorais, i gcomhréir le rialacháin soláthair poiblí.

## 22. Clár leasanna


Tá nósanna imeachta glactha ag an bhForas de réir na dtreoirlínte atá eisithe ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe maidir le nochtadh leasanna ag an mBord agus chloígh an Foras leis na nósanna imeachta seo. Seachas na hidirbhearta le Techworks Marine Limited a nochtar i nóta 21, ní raibh aon idirbhearta i rith na bliana maidir le gníomhaíochtaí an Fhorais a raibh leas tairbhiúil ag comhaltaí an Bhoird iontu.

## 23. Imeachtaí tar éis dheireadh na bliana airgeadais

Níl an Bord ar an eolas faoi aon imeachtaí a tharla tar éis an 31 Nollaig 2022 a théann i bhfeidhm ar na ráitis airgeadais seo. Aithníonn an Bord gur imeacht suntasach é tionchar Chogadh na hÚcráine ar phraghas an fhuinnimh agus nithe eile go háirithe a bhfuil an Bord ag tabhairt go dáiríre faoi agus ag déanamh monatóireachta air i gcomhar leis an mbainistíocht, ar bhonn leanúnach.

## 24. Faomhadh an Bhoird

D'fhaomh an Bord na ráitis airgeadais an 28 Meitheamh 2023.



Foras na Mara Rinn Mhíl, Órán Mór,  
Co. Na Gaillimhe, H91 R673  
Tel: +353 91 387 200  
Fax: +353 91 387 201  
Email: [institute.mail@marine.ie](mailto:institute.mail@marine.ie)

Foras na Mara, Baile Átha Cliath,  
Plás na Trí Pháirc,  
Sráid Haiste Uachtarach,  
Baile Átha Cliath 2, D02 FX65  
Teil: +353 1 7753900  
Facs: +353 91 387201  
Ríomhphost: [institute.mail@marine.ie](mailto:institute.mail@marine.ie)

Saoráid Taighde Dobharcheantar Foras  
na Mara,  
Foirnéise, Baile Uí Fhiacháin,  
Co Mhaigh Eo, F28 PF65  
Teil: +353 98 42300  
Ríomhphost: [institute.mail@marine.ie](mailto:institute.mail@marine.ie)



 [marineinstituteireland](https://www.facebook.com/marineinstituteireland)

 [@MarineInst](https://twitter.com/MarineInst)

 [marine-institute](https://www.linkedin.com/company/marine-institute)

 [@marineinstituteireland](https://www.instagram.com/marineinstituteireland)



TUARASCÁIL BHLIANTÚIL

2022





## Ábhair

Oifigí ÚCIM	1
2022 Sracfhéachaint	2
Ráiteas Straitéise ÚCIM	3
Ráiteas an Chathaoirligh	4
<b>Spríoc 1 - Rialáil Éifeachtach</b>	<b>6</b>
Comhlíonadh a Chur Chun Cinn	8
Rialú Iascaigh Mhara	10
Sábháilteacht Bia Mara	11
Trádáil Idirnáisiúnta	14
Ciste Eorpach Muirí Iascaigh agus Dobharshaothraithe	16
<b>Spríoc 2 - Cumarsáid agus Rannpháirtíocht</b>	<b>18</b>
Cumarsáid	20
Rannpháirtíocht Náisiúnta agus Eorpach	24
An Coiste Comhairleach um Chosaint Iascaigh Mhara	28
<b>Spríoc 3 - Seachadadh Tiomanta ag Sonraí</b>	<b>30</b>
Bainistíocht Sonraí	32
Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide	33
<b>Spríoc 4 - Sármhaitheas Eagraíochtúil</b>	<b>34</b>
Tuarascáil Rialachais Chorparáidigh	36
Tuarascáil an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca	40
<b>Spríoc 5 - Forbairt agus Tacaíocht Foirne</b>	<b>44</b>
Struchtúr Eagrúcháin agus Cultúr	46
Tuarascáil Sláinte agus Sábháilteachta	48
Athbhreithniú ar Chumas Eagrúcháin	49
Tuarascáil agus Ráitis Airgeadais	50

## Faoin ÚCIM

### Bunaíodh an tÚdarás um Chosaint Iascaigh Mhara (ÚCIM) faoi fhorálacha an Achta um Iascaigh Mhara agus Dhlínse Mhuirí 2006 ("an tAcht") agus feidhmíonn sé faoi choimirce na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara.

Tá príomhfheidhmeanna an ÚCIM leagtha amach in Alt 43 den Acht Iascaigh Mhara agus Dlínse Muirí 2006 mar a leanas:

- Forfheidhmiú éifeachtach agus éifeachtúil an dlí iascaigh mhara agus an dlí um shábháilteacht bia a áirithiú.
- Comhlíonadh le agus cosc a chur ar sháruithe ar an dlí iascaigh mhara agus ar an dlí um shábháilteacht bia a chur chun cinn.
- Sáruithe ar dhlí iascaigh mhara agus ar dhlí sábháilteachta bia a bhrath.
- Faisnéis a sholáthar do na hearnálacha iascaigh mhara agus bia mara ar dhlí iascaigh mhara agus ar dhlí sábháilteachta bia agus ar ábhair ábhartha laistigh de shainchúram an Údaráis, tríd an gCoiste Comhairliúcháin nó trí mhodh ar bith eile is cuí leis.
- Comhairle a thabhairt don Aire maidir le beartas ar fhorfheidhmiú éifeachtach an dlí iascaigh mhara agus an dlí um shábháilteacht bia.
- Cúnamh agus eolas a sholáthar don Aire maidir le sainchúram an Údaráis.
- Sonraí a bhailiú agus a thuairisciú maidir le hiascaigh mhara agus sábháilteacht bia mar a éilíonn an tAire agus faoi dhlí an Chomhphobail
- aonadaíocht a dhéanamh nó cabhrú le haonadaíocht an Stáit ag fóraim náisiúnta, pobail agus idirnáisiúnta de réir mar a iarrann an tAire; agus
- Dul i mbun aon ghníomhaíochtaí eile a bhaineann le feidhmeanna an Údaráis de réir mar a cheadóidh an tAire.

# Oifigí ÚCIM



# 2022 SRACFHÉACHAINT



**45,031** ghabháil de **267,517** tonna

Próiseáil **3,670** teastas sláinte  
47 Gnó Onnmhairithe Éireannacha




Fíorú **2,831** deimhniú gabhála a bhaineann le **11,747** tona táirgí a allmhairiú ó gach tríú tír




Deimhníodh **78,171** tona agus **26** speiceas le haghaidh onnmhairiú ó 47 Gnólacht Bia go 48 tír lasmuigh den AE



**10,800** tona d'onnmhairiú bia mara na hÉireann deimhnithe

**1,903** iniúchadh soithí iascaireachta déanta




**75,457** tona táirgí ó soithí iascaireachta neamh-AE go hÉirinn



**1,571** Sampla Sliogéisc tógtha


**51** Ceadúnais Imeall Trá Athbhreithnithe



**1,958** rialú oifigiúil sábháilteachta bia déanta


Imscrúdaíodh **74** Eachtra/ Gearán Sábháilteachta Bia

**1,249** Sampla Rialaithe Oifigiúil tógtha



Osclaíodh **87** cáschomhad in 2022

Braitheadh **161** sárú in 2022 thar na 87 cáschomhad



# Ráiteas Straitéise ÚCIM

Leagann Ráiteas Straitéise ÚCIM 2021-2023 amach fócas na hoibre thar cúig sprioc straitéiseacha agus 23 chuspóir straitéiseacha.

## Ár Spriocanna



### SPRIOC 1

#### Rialachán Éifeachtach

Seirbhís phoiblí ardchaighdeáin a sheachadadh agus a rialáil ar bhealach cothrom, oibiachtúil agus comhréireach.



### SPRIOC 2

#### Cumarsáid agus rannpháirtíocht

Comhpháirtíochtaí a neartú agus caidrimh le geallsealbhóirí a athshainiú.



### SPRIOC 3

#### Seachadadh Tiomáinte Sonraí

Úsáid sonraí a chur chun cinn agus a chumasú chun seachadadh seirbhíse a fheabhsú, chun eolas a chur ar fáil do chinnteoireacht, chun tacú le cuntasacht agus chun rannpháirtíocht le geallsealbhóirí a shimplíú.



### SPRIOC 4

#### Sármhaitheas Eagrúcháin

Cumas straitéiseach agus oibriúcháin a chothú agus a fhorbairt chun sármhaitheas eagraíochtúil a sheachadadh.



### SPRIOC 5

#### Forbairt agus Tacaíocht Foirne

Foireann ÚCIM a fhorbairt agus tacú leo.

## Ár bhFís

Le bheith i do rialtóir iontaofa a chuireann chun cinn agus a fhíoraíonn comhlíonadh a thacaíonn le hinbhuanaitheacht in earnáil iascaigh mhara agus bia mara na hÉireann ar bhealach cothrom, comhréireach agus trédhearcach agus nuair is gá a fhorghníomhaíonn an dlí iascaigh mhara agus sábháilteachta bia mara go héifeachtach.

## Ár Misean

Tá ÚCIM tiomanta do chomhlíonadh agus do rialáil éifeachtach agus chothrom a chur chun cinn ar na hearnálacha iascaireachta mara agus bia mara a thagann faoi shainordú an Údaráis chun tacú le bia mara atá sábháilte agus inbhuanaithe. Ciallaíonn sé seo go ndéantar rialáil chothrom ar gach soitheach iascaireachta a oibríonn laistigh de theorainn 200 míle na hÉireann agus ar shoithí iascaireachta na hÉireann cibé áit a bhfeidhmíonn siad, agus ar gach bia mara a tháirgtear in Éirinn.

## Ár Luachanna

- Cuireann ÚCIM cultúr cuntasachta, gairmiúlachta, obair foirne agus trédhearcachta chun cinn.
- Tá éiteas neamhspleáchais, ionracais agus neamhchlaontachta ag ÚCIM.
- Tá sé mar aidhm ag ÚCIM sármhaitheas a bhaint amach tríd an bhfaisnéis is fearr atá ar fáil a úsáid chun cinntí a dhéanamh agus chun tacú le foghlaim leanúnach, nuálaíocht agus comhoibriú laistigh den eagraíocht.
- Tá ÚCIM tiomanta don éagsúlacht, don chuimsiú, agus do chaitheamh cothrom, ómósach agus comhionann le gach duine.

# Ráiteas An Chathaoirligh

**Is é ÚCIM údarás inniúil na hÉireann a bhfuil sé de chúram air inbhuanaitheacht iascaigh mhara inár gCrios Eacnamaíoch Eisiach a chosaint agus sábháilteacht bia mara a chinntiú do thomhaltóirí chomh maith le tacú le trádáil bia mara - is é an ról atá againn ná an earnáil bia mara a rialáil chun tacú le bia mara atá sábháilte agus inbhuanaithe.**

Ciallaíonn sé seo go ndéantar gach soitheach iascaireachta ó gach náisiúntacht a oibríonn laistigh de theorainn 200 míle na hÉireann a rialáil, an beagnach 2,000 soitheach iascaireachta atá cláraithe in Éirinn cibé áit a n-oibríonn siad, na táirgeoirí bia mara go léir atá ag feidhmiú sa Stát agus deimhniú gach bia mara Éireannach a onnmhairítear thar lear chuig Tríú Tíortha. Tá rialáil mar bhonn agus mar thaca ag muinín as sábháilteacht táirgí bia mara na hÉireann, rud a thugann athdhearbhú rithabhachtach do mhiondíoltóirí, gnólachtaí fáilteachais agus tomhaltóirí sa bhaile agus thar lear. Tá sé rithabhachtach go gcoinneofaí clú méadaitheach na hÉireann as bia mara den scoth a tháirgeadh. Ina theannta sin, is féidir le bainistiú inbhuanaithe iascaigh cuidiú le sláinte éiceachórais mhuirí a chothabháil, rud a thacaíonn le slíte beatha go leor pobal cósta atá ag brath ar iascach. Tríd is tríd, tá sé rithabhachtach iascaigh a chothú chun a chinntiú gur féidir linn leanúint ar aghaidh ag baint taitnimh as iasc mar fhoirse bia sláintiúil, ag tacú le slíte beatha iascairí, agus ag cosaint sláinte agus folláine ar n-aigéan agus ár bpobal cósta.

**Tá áthas orm ár dTuarascáil Bhliantúil don bhliain 2022 a thíolacadh ina sonraítear an clár oibre fairsing a rinne ÚCIM i gcaitheamh na bliana chun ár dtiomantas dár sainchúram reactúil a chomhlíonadh.**

Ba bhliain í 2022 inar tharla athruithe suntasacha laistigh den ÚCIM nuair a ceapadh Údarás nua agus baill nua den bhainistíocht shinsearach ar fud na heagraíochta. Le ceannaireacht athnuaithe agus cur i bhfeidhm substaintiúil an Athbheithnithe ar Chumas Eagrúcháin 2020, léirigh ÚCIM a chumas mar rialtóir agus tionscnóir éifeachtach, cothrom ar chomhlíonadh an dlí iascaigh mhara agus sábháilteachta bia mara i rith 2022.

Ceann de ghníomhaíochtaí rithabhachtacha ÚCIM agus ár nOifigigh um Chosaint Iascaigh Mhara (OCIManna) atá ag feidhmiú ar fud na tíre agus ar muir trínár gcomhpháirtíocht leis an nGníomhaireacht Eorpach um Rialú ar Iascach (EFCA) agus inbhuanaitheacht iascaigh mhara a chosaint agus in aghaidh gníomhaíochtaí iascaireachta mídhleathacha a chosaint agus a chosaint ar ghníomhaíochtaí iascaireachta mídhleathacha le Seirbhís Chabhlaigh na hÉireann. Le linn 2022, thug ár OCIManna faoi 1,903 iniúchadh soithí iascaireachta, rud a léirigh méadú 41% ar ghníomhaíocht iniúchta ó 2021. Le linn 2022 osclaíodh 87 cáschomhad san iomlán mar thoradh ar 161 sárú amhrasta iascaigh mhara. Léiríonn an figiúr de 161 iomlán na sáruithe ar shábháilteacht bia agus iascach mara araon. Cuireadh pointí le haghaidh sáruithe tromchúiseacha i bhfeidhm i sé chás as seacht gcás a cuireadh ar aghaidh agus cuireadh pointí i gcás amháin i bhfeidhm ar Mháistir soitheach iascaireachta den chéad uair faoi reachtaíocht nua. Cuireann cigireacht agus forheidhmiú méadaithe uirlis éifeachtach ar fáil chun cosaint a thabhairt ar ghníomhaíocht iascaireachta mídhleathach.

Tá sé rithabhachtach sábháilteacht bia mara a chosaint, ní hamháin don chlú atá ar thairiscintí bia mara na hÉireann sa bhaile agus thar lear ach ar deireadh thiar do shláinte agus folláine tomhaltóirí táirgí bia mara na hÉireann. Chuige sin, rinne na OCIManna 1,958 rialú oifigiúil sábháilteachta bia ar fud 2,323 áitreabh bia faoi shainchúram an Údaráis. D'fhreagair ÚCIM do 74 teagmhas bia ina raibh imní an maidir le sábháilteacht nó cáilíocht an bhia ar ghá iad a scrúdú ar mhaithe le sláinte an phobail. Chuirimsigh bearta forheidhmithe sábháilteachta bia mara in 2022 ó bhearta comhairleacha neamhfhoirmiúla go dtí seirbheáil Fógraí Comhlíonta, chomh maith le tús a chur le hionchúisimh choiriúla mar gheall ar neamhchomhlíonta tromchúiseacha. In 2022, cuireadh tús le dhá ionchúiseamh choiriúla ar leith i gcoinne oibreoirí gnó bia mar gheall ar shárúithe ar na rialacháin maidir le sábháilteacht bia lena n-áirítear sláinteachas, rialuithe teochta, rialú lotnaidí agus ceanglais inrianaitheachta. Eisíodh 16 Fhógra Comhlíonta in 2022.

Cuireann Éire mar náisiún onnmhairithe bia béim shuntasach ar ár seasamh mar sholáthraí bia ardchaighdeán atá sábháilte, inrianaithe agus a tháirgtear go hinbhuanaithe. Is cuid luachmhar den tairiscint seo bia mara.





Tá an ÚCIM mar rialtóir feasach ar ár ról maidir le sláine ár mbia mara a chinntiú agus go straitéiseach maidir leis an gcaoi a bhfuil clú na hÉireann mar onnmhaireoir bia roghnaithe ag brath ar gach nasc sa slabhra.

Mar údarás inniúil na hÉireann do chomhlíonadh trádála bia mara, tugann ÚCIM faoi raon gníomhaíochtaí atá ríthábhachtach chun geilleagar bia mara na hÉireann a chumasú. Bhí luach €530 milliún 1 ar onnmhairí bia mara na hÉireann in 20221, rud a léiríonn fás ar luach €17 milliún 1 ar onnmhairí ón mbliain roimhe sin.

Oibríonn Aonad Comhlíonta Trádála ÚCIM, arna thacú ag ár OCIManna ar fud na tíre, go dian dícheallach chun tacú lenár dtáirgeoirí bia mara easpórtáil go hidirnáisiúnta agus feidhmiú ár slabhraí soláthair táirgíochta bia mara a chumasú. Mar thoradh ar an Bhreathimeacht agus teacht chun cinn na Ríochta Aontaithe mar Thríú Tír tá éileamh méadaithe ar an ÚCIM. Is ábhar misnigh dom an chaoi ar éirigh leis an eagraíocht dul i ngleic leis an dúshlán seo agus a chabhraigh le gluaiseacht táirgí bia mara a choinneáil gan cur isteach suntasach.

Ba bhliain dhúshlánach í 2022 d'earnáil bia mara na hÉireann leis na hiarmhairtí leanúnacha ón Bhreathimeacht, an toradh ó ionradh na Rúise ar an Úcráin, tionchar leanúnach COVID-19 ar mhargaí easpórtála, an ghéarchéim fuinnimh agus an ghéarchéim chostais mhaireachtála ag cruthú timpeallacht trádála dhúshlánach. Léiríodh é seo sa laghdú ar onnmhairí tríú tíortha ó Éirinn go 78,171 tona agus 26 speiceas ó 47 Gnólacht Bia go 48 tír lasmuigh den AE in 2022 ó 121,395 tona in 2021.

*Ba príomhchuspóir do 2022 é faomhadh a fháil do Phlean Rialaithe lascaigh Mhara buan a sholáthraíonn díolúine ó mheá ar chur i dtír do 95% de dhíluchtuithe peiligeach agus cuid de dhíluchtuithe éisc ghrinnill.*

Chuireamar fáilte roimh dheimhniú ó Choimisiún an AE go raibh an dréacht-Phlean Rialaithe lascaigh Mhara a cuireadh isteach i Meán Fómhair 2022 ceadaithe le teacht i bhfeidhm an 1 Eanáir 2023. D'oibrigh foireann ÚCIM go dian i rith na bliana ar an bPlean Rialaithe athbhreithnithe a thugann cinnteacht a bhfuil géarghá léi do gach duine a bhfuil baint acu leis an tionscal san fhadtéarma. Chuige sin, bhíomar i dteagmháil go forleathan le haonadaithe tionscail agus go díreach le hoibreoírí chun ábhar mionteagaisc a sholáthar trí chruinnithe duine le duine, trí chruinnithe faisnéise ar líne agus i scríbhinn lena chinntiú go ndearnadh breithmheas iomlán orthu siúd ar mian leo leas a bhaint as an maolú a sholáthraíonn an Plean Rialaithe de na téarmaí agus coinníollacha atá i bhfeidhm.

Tacaíonn an tSeirbhís Chabhlaigh agus an tAerchór le ÚCIM inár gcigireachtaí iascaigh mhara, agus is mór againn a gcúnamh luachmhar. Gabhaim buíochas freisin le comhaltáí Choiste Iníuchta agus Riosca ÚCIM agus an Choiste Comhairliúcháin um Chosaint Iascaigh Mhara as a dtacaíocht leanúnach agus a dtreoir luachmhar.

Tá an tÚdarás um Chosaint Iascaigh Mhara ag cloí leis na gnéithe ábhartha den Chód Caiteachais Phoiblí.

Thar ceann an Údaráis, gabhaim buíochas freisin leis an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara, mar aon leis na feidhmeannaigh agus an fhoireann laistigh dá Roinn as a dtacaíocht leanúnach don ÚCIM ina chuid iarrachtaí agus gníomhaíochtaí i mbliana. Ar deireadh, ba mhaith liom aitheantas a thabhairt do thiomantas fhoireann uile ÚCIM a leanann dá dtiomantas d'obair ardchaighdeána a tháirgeadh agus a chinntiú go gcuirtear an Ráiteas Straitéise i gcrích.

**Paschal Hayes**

CATHAOIRLEACH FEIDHMIÚCHÁIN

<sup>1</sup>Figúirí tógtha ó "Export Performance and Prospects Report 2022 - 2023" Bord Bia <https://www.bordbia.ie/globalassets/bordbia.ie/industry/2022---2023-export-performance--prospects-final.pdf>

# SPRIOIC 1



## Rialachán Éifeachtach

Seirbhís phoiblí ardchaighdeáin a sheachadadh agus a rialáil ar bhealach cothrom, oibiachtúil agus comhréireach.

---



# Ag cur chun cinn Comhlíonta

**Is é sprioc an ÚCIM ná seirbhís phoiblí ar ardchaighdeán a sholáthar agus é á rialú ar bhealach cothrom, oibiachtúil agus comhréireach.**

Baintear é seo amach trí chigireachtaí rialta, trí chomhairle agus treoir a sholáthar don tionscal agus trí ghníomh forfheidhmithe a dhéanamh nuair is gá chun aghaidh a thabhairt ar neamhchomhlíonadh. Ar deireadh thiar, tiocfaidh tionscal níos comhlíontach agus níos inbhuanaithe as seo. Is é an toradh straitéiseach ar iarrachtaí ÚCIM comhlíonadh a chur chun cinn trí rannpháirtíocht agus cumarsáid tionscail ná a bheith ina rialtóir réamhghníomhach, agus ag an am céanna ag méadú tuiscint agus cumas an tionscail chun na ceanglais ábhartha a chomhlíonadh.

Tá príomhtháscairí feidhmíochta bunaithe ag Ráiteas Straitéise ÚCIM 2021-2023 chun comhlíonadh a chur chun cinn i measc geallsealbhóirí an tionscail. Áirítear orthu sin athsheoladh na líne rúnda chun neamhchomhlíonta a thuairisciú, fógraí faisnéise iascaigh a eisiúint chun an tionscal a choinneáil ar an eolas faoi athruithe rialála, cumarsáid rialta trí eisiúintí meán, cruinnithe le haonadaithe tionscail chun aon ábhair inní a phlé agus chun aghaidh a thabhairt orthu agus trí obair chigireachta laethúil ÚCIM. Tá na bearta seo deartha chun cultúr comhlíonta a chothú agus a chinntiú go bhfuil ÚCIM ag comhlíonadh a fheachtaí rialála go héifeachtach.

## Líne Rúnda

Chuir ÚCIM feachtas Líne Rúnda i bhfeidhm go luath in 2022 ar fud foilseacháin meán réigiúnacha agus trádála d'fhonn Líne Rúnda an ÚCIM a chur chun cinn chun comhlíonadh a fheabhsú trí spreagadh a thabhairt dóibh siúd atá ag obair laistigh den tionscal iascaigh mhara chomh maith leis an bpobal gníomhaíocht amhrasach nó neamhdhleathach a thuairisciú don ÚCIM faoi rún.

Chuimsigh an feachtas uimhir theileafóin (1800 76 76 76) agus seoladh seoladh ríomhphoist (confidential@ÚCIM.ie) chun go bhféadfadh daoine teagmhais a bhaineann le rialú iascaigh agus sábháilteacht bia a thuairisciú. Fuair Líne Rúnda ÚCIM 73 teagmhála san iomlán, a chuimsigh 48 glao agus 25 ríomhphost. As na 73 teagmhálaí in 2022, bhain tuarascáil amháin le sábháilteacht bia, bhain 71 le rialú iascaigh agus bhain tuarascáil amháin le 'eile'. Is ionann é sin agus méadú 53% ar theagmhálacha ón mbliain roimhe sin, agus fuarthas 38 tuairisc in 2021. Ba iad na catagóirí tuairiscithe amhrasta is coitianta in 2022 ná iascaireacht mhídhleathach in uiscí na hÉireann, iascaireacht neamhcheadúnaithe, iascaireacht róbheag agus díolachán agus úsáid trealaimh iascaireachta mídhleathach.

## Fógraí Faisnéise Iascaigh

Is uirlis thábhachtach iad Fógraí Faisnéise Iascaigh (FINanna) ÚCIM chun an tionscal a choinneáil ar an eolas faoi athruithe rialála agus chun treoir a sholáthar maidir le conas na ceanglais ábhartha a chomhlíonadh. Forbraítear na nótaí comhairleacha seo chun cabhrú leis an tionscal reachtaíocht iascaigh agus bia a thuiscint agus a chomhlíonadh. Is é cuspóir na FINanna an fhaisnéis a sholáthar i bhfoirm soláimhsithe agus, á dhéanamh sin, tá sé teoranta d'eilimintí bunriachtanacha na faisnéise. In 2022, foilsíodh aon FIN déag san iomlán, a chlúdaigh raon leathan ábhar lena n-áirítear an Plean Rialaithe Eatramhach agus an Buanphlean Rialaithe, an Plean Samplála nuashonraithe, toirmisc agus srianta ar thuinnín gorm i gCrios Eacnamaíoch Eisiach na hÉireann, agus Oibleagáidí Tógála.

Creideann ÚCIM, tríd an eolas cuimsitheach agus tráthúil seo a sholáthar don tionscal, go méadóidh sé tuiscint ar na ceanglais dhlíthiúla agus go gcuideoidh sé le cultúr comhlíonta a chothú. Spreagtar geallsealbhóirí tionscail na FINanna a léamh i gcomhar leis an reachtaíocht rialaithe chun fanacht ar an eolas agus na ceanglais chomhlíonta a thuiscint.



*Déanann ÚCIM gníomhaíochtaí rannpháirtíochta rialta le páirtithe leasmhara an tionscail chun comhlíonadh a chur chun cinn i measc geallsealbhóirí an tionscail.*

## Gníomhaíochtaí Rannpháirtíochta le Tionscal

Déanann ÚCIM gníomhaíochtaí rannpháirtíochta rialta le páirtithe leasmhara an tionscail chun comhlíonadh a chur chun cinn i measc geallsealbhóirí an tionscail. I measc na ngníomhaíochtaí seo tá cruinnithe, seisiúin faisnéise agus seisiúin oiliúna ar ábhair éagsúla mar an oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír, an Córas Leictreonach Taifeadta & Tuairiscithe (ERS), Plean Rialaithe agus comhlíonadh rialacháin amhail nótaí díolacháin, lipéadú, agus Pleananna Samplála nua. Úsáidtear an fhaisnéis seo mar bhonnline chun dul chun cinn a thomhas agus chun réimsí a aithint inar féidir feabhsúcháin a dhéanamh chun comhlíonadh a chur chun cinn i measc geallsealbhóirí an tionscail.

## Rialuithe Oifigiúla: Obair Chigireachta Oibríochtúil Laethúil ÚCIM

Tá an obair iniúchta oibríochtúil laethúil a dhéanann Oifig um Chosaint lascaigh Mhara (OCIManna) rithabhachtach chun comhlíonadh a chur chun cinn i measc geallsealbhóirí an tionscail. Áirítear leis seo iniúchtaí rialta a dhéanamh chun comhlíonadh na rialachán a chinntiú, comhairle agus treoir a sholáthar don tionscal, agus gníomh forfheidhmithe a ghlacadh nuair is gá chun aghaidh a thabhairt ar neamhchomhlíonadh. Tá na bearta seo deartha lena chinntiú go bhfuil an tionscal ar an eolas faoina oibleagáidí agus go bhfuil an ÚCIM ag déanamh monatóireachta éifeachtach ar chomhlíonadh ar bhonn leanúnach, rud a fhágann go bhfuil sé ina phríomhchuid d'iarrachtaí ÚCIM comhlíonadh a chur chun cinn i measc geallsealbhóirí an tionscail.

## Plean Buan Rialaithe lascaigh Mhara a fhorbairt

I Meán Fómhair 2021, chuir ÚCIM Plean Rialaithe lascaigh Mhara na hÉireann faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh, maolú a cheadaíonn iasc a mheá tar éis iompair. Glacadh an plean seo ar bhonn eatramhach ó thús na bliana 2022 agus bhí sé le dul in éag ar dtús i mí Aibreáin 2022 ach leathnaigh Coimisiún an AE é níos déanaí go deireadh 2022.

Dhírigh ÚCIM ar an bPlean Rialaithe Eatramhach a chur i bhfeidhm in 2022 trí chomhlíonadh a chur chun cinn trí mhionteagasc, Fógraí Faisnéise lascaigh, agus trí cheadanna meáite a cheadú d'áitribh tionscail a chomhlíon riachtanais an Phlean Rialaithe Eatramhaigh. Dhírigh OCIM ar an bpróiseas formheasta do cheadanna meáite a cheadaíonn áitribh a mheá tar éis iompair agus rialuithe oifigiúla a sheachadadh lena chinntiú go gcomhlíontar an Plean Rialaithe Eatramhach. Rinne ÚCIM raon rialuithe oifigiúla, iniúchtaí agus nuair ba ghá, forfheidhmiú chun comhlíonadh an Phlean Rialaithe Eatramhaigh a chinntiú. Chuir ÚCIM agus OCIManna comhairle agus cruinnithe ar fáil don tionscal chun cabhrú leo an Plean Rialaithe a thuiscint agus a chomhlíonadh.

Bhí an Plean Rialaithe nua ina phríomhfhócas d'iarrachtaí ÚCIM in 2022, nuair a chuaigh ÚCIM i mbun caibidlíochta le Coimisiún an AE chun teacht ar chomhaontú ar Phlean Rialaithe nua. Cuireadh Plean Rialaithe athbhreithnithe faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh i mí Mheán Fómhair agus glacadh é ó Eanáir 2023.

Sa ráithe deiridh de 2022, dhírigh ÚCIM ar chomhlíonadh an Phlean Rialaithe Buan nua a chur chun cinn. Baineadh é seo amach trí raon gníomhaíochtaí rannpháirtíochta ar nós cruinnithe, cruinnithe faisnéise, litreacha, fógraí faisnéise, agus iniúchtaí faofa. Ba é an sprioc a chinntiú go raibh an tuiscint agus an t-eolas ag páirtithe leasmhara an tionscail chun cloí leis an bplean. Trí na hiarrachtaí seo, bhí sé mar aidhm ag ÚCIM a chinntiú go raibh an Plean Buan-Rialaithe nua á chur i bhfeidhm go héifeachtach agus go héifeachtúil.

# Rialú Iascaigh Mhara

Bhí an chuntasacht ríthábhachtach in 2022 agus bunaíodh príomhtháscairí feidhmíochta leasaithe le haghaidh tasc oibriúcháin ar fud gach réimse faoi shainchúram ÚCIM.



*Maidir le rialú iascaigh, le linn 2022 rinneadh iomlán de 1,903 iniúchadh ar shoithí iascaireachta.*

Cuireadh pointí le haghaidh sárúithe tromchúiseacha i bhfeidhm i sé cinn de na seacht gcás a cuireadh ar aghaidh le haghaidh measúnaithe agus cuireadh pointí i gcás amháin i bhfeidhm ar shealbhóir an cheadúnais agus ar Mháistir an tsoithigh. Léiríonn an figiúr 161 iomlán na sárúithe ar shábháilteacht bia agus iascach mara araon.

Lean ÚCIM ar aghaidh ag glacadh agus ag cuíchóiriú a chóras uathoibríoch cros-seiceála, VALID. Thug sé seo maoirseacht níos fearr don fhoireann oibriúcháin ar neamhchomhlíonadh fíor-ama ar bord soithí iascaireachta. I rith 2022, léiríodh ráta comhlíonta 78% ar fud an chórais uathoibríoch, méadú 3% ar an ráta comhlíonta ar an mbliain roimhe sin.

Tar éis srianta COVID-19 na mblianta roimhe seo, rinne ÚCIM patróil cois cladaigh agus le linn 2022 tugadh faoi 48 patról san iomlán. Chomh maith le patróil cladaigh, ghlac ÚCIM páirt i dt trí cinn déag de chomh-imscaradh ar bord soithí patróil amach ón gcósta arna gcairt agus arna gcomhordú ag an nGníomhaireacht Eorpach um Rialú ar Iascach (EFCA). Chuir na himscaradh seo umais oibriúcháin bhreise ar fáil chun comhlíonadh na reachtaíochta iascaigh mhara a chur chun cinn in uiscí na hÉireann ar shoithí faoi bhratach an AE agus neamh-AE. Ina theannta sin, ba í Éire an chéad Bhallstát freisin a bhain leas as aerárthaí cairte EFCA a sholáthair cumas aerfhaireachais mhuirí sa ráithe deiridh de 2022.

# Sábháilteacht Bia Mara

## Is í ÚCIM an Ghníomhaireacht Oifigiúil atá freagrach as forfheidmiú an dlí bia san earnáil bia mara suas go dtí an pointe miondíola.

San áireamh i sainchúram ÚCIM tá measúnú ar rialuithe sábháilteachta bia ar fud na n-earnálacha muirí agus do bharshaothraithe. Tá sé mar sprioc ag Ráiteas Straitéise ÚCIM 2021-2023 seirbhís phoiblí ar ardchaighdeán a sholáthar agus rialáil a dhéanamh ar bhealach cothrom, oibiachtúil agus comhréireach. Áirítear leis sin cineálacha cur chuige riosca-bhunaithe a chur chun feidhme maidir le rialú agus tús áite a thabhairt don chigireacht ar oibreoirí ardriosca agus ar ghníomhaíochtaí ardriosca. Áirítear le straitéis ÚCIM príomhtháscairí feidhmíochta agus tascanna sonracha chun seirbhís phoiblí ar ardchaighdeán agus rialáil chóir a bhaint amach i sábháilteacht bia mara, amhail líon na gcigireachtaí/rialuithe riosca-bhunaithe a dhéantar i gcoinne spriocanna a fhoilsiú agus leanúint ar aghaidh ag forbairt clár iniúchta riosca-bhunaithe ag baint úsáide as cur chuige comhlíonta riosca-bhunaithe. Tá na bearta seo beartaithe lena chinntiú go rialaíonn ÚCIM ar bhealach cothrom, oibiachtúil agus comhréireach, agus go bhfuil sé ag comhlíonadh a fhreagrachtaí rialála go héifeachtach.

### Gnólachtaí Bia

BIM adopts procedures in accordance with the guidelines issued by the Department of Public Expenditure and Reform covering the personal interests of Board members. In the normal course of business, BIM may approve grants or enter into other contractual arrangements with entities in which BIM Board members are employed or are otherwise interested.

BIM own 100% of the ordinary share capital of St. George Fishery Company Limited, a company incorporated in Ireland, which is dormant and did not trade during the period. The company has net assets of €1,270.

## 22. Going Concern - COVID-19

BIM continues to manage the evolving circumstances around the COVID-19 pandemic. This process involves following the latest Government protocols and ensuring appropriate mitigations are in place via BIM's Risk Management Framework. A COVID-19 contingency plan is in place and this is managed and updated by the senior leadership team.

## 23. Approval of financial statements

The financial statements were approved by the Board at its meeting on 21st June 2023.

# 2022

Tuarascáil Bhliantúil  
agus Ráitis Airgeadais



**Bord Iascaigh Mhara**

Tionscal Bhia Mara na  
hÉireann á Fhorbairt



# Clár na n-Ábhar

Ráiteas Straitéise	07
Ráiteas an Chathaoirligh	08
Ráiteas an Phríomhfheidhmeannaigh	10
Inbhuanaitheacht	12
Iomaíochas	20
Scileanna	26
Nuálaíocht	38
Cás Staidéir CEMI	44
Rialachas Corparáideach	56
Ráitis Airgeadais (fós le bheith curtha isteach)	56
Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil na gComhaltaí Boird	91
Ráiteas ar Rialú Inmheánach	96
Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais	100
Cúlchistí Ioncaim Coinnithe	100
Ráiteas maidir le hIoncam Cuimsitheach	101
Ráiteas maidir le Staid Airgeadais	102
Ráiteas maidir le Sreafaí Airgid	103
Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais	104

## Sracfhéachaint ar 2022

**€1.3**  
billiún

OTI Mheasta Tionscal  
Bia Mara na hÉireann



**5,825**

Rinne an Seomra Cianfhoghlama Dobharshaothraithe (ARC) seimineáir ghréasáin a sholáthar do 5,825 dalta & thug siad cuairt ar 1,509 dalta i scoileanna



**15,373**

Líon iomlán daoine atá fostaithe i dtionscal bia mara na hÉireann



**1,993**

Líon Árthaí Iascaireachta Cláraithe na hÉireann



**1,883**

Deontais curtha ar fáil - de luach iomlán €27.5M - faoi scéimeanna éagsúla atá á maoiniú ag an AE



**1,170**

rannpháirtí a thug cúrsaí oiliúna BIM chun críche in 2022

“Tá freagracht ar leith ag Bord Iascaigh Mhara do bhia mara na hÉireann, agus do na daoine a oibríonn san earnáil bia mara. Cuireann an straitéis seo béim ar ár ngealltanais athnuaite dóibh siúd a bheireann ar, a thugann faoi fheirmeoireacht agus a bhaineann taitneamh as bia mara na hÉireann. Is mian linn a chinntiú go bhfanfaidh bia mara na hÉireann ar an mbiachlár do na glúnta atá le teacht.”

## Ráiteas Straitéise

Is í an fhís atá ag Bord Iascaigh Mhara ná go n-oibreimid i gcomhar le hearnáil bia mara na hÉireann ar gach bealach gur féidir, le rún agus le práinn, chun na hathruithe atá ag teastáil chun a todhchaí inbhuanaithe a chinntiú, a aimsiú agus a thiomáint, mar atá leagtha amach inár Straitéis 'Ag Casadh na Taoide 2022-2026', a críochnaíodh agus a seoladh le linn na bliana atá faoi athbhreithniú.

Tá clú agus cáil ar bhia mara na hÉireann ó thaobh cáilíochta de. Is minic gurb iad na daoine a bheireann ar nó a thugann faoi fheirmeoireacht ar an mbia mara, a itheann agus a easpórtálann pobal na hÉireann, na daoine céanna atá á dhéanamh sin leis na glúnta. Tá sé i gcónaí mar aidhm againne i BIM cabhrú leis an bpobal seo níos mó a bhaint amach, agus níos mó a chúiteamh leo as a gcuid iarrachtaí. Lorgáimid bealaí chun gach atá uathúil maidir le hearnáil bia mara na hÉireann a chosaint fad is atá sí ag fás agus dul chun feabhais ag an am céanna. Anois, níos mó ná riamh, ní mór dúinn an ról seo a chomhlíonadh.

Tá freagracht ceaptha do Bhord Iascaigh Mhara ar bhia mara na hÉireann, agus do na daoine a oibríonn in earnáil bia mara na hÉireann. Cuireann an straitéis seo béim ar ár ngealltanais athnuaite dóibh siúd a bheireann ar, a thugann faoi fheirmeoireacht agus a bhaineann taitneamh as bia mara na hÉireann. Is mian linn a chinntiú go bhfanfaidh bia mara na hÉireann ar an mbiachlár do na glúnta atá le teacht. Is mian linn cabhrú leis an earnáil a bheith nuálach agus chun fáis, ionas go mbeidh iad siúd a oibríonn le bia mara na hÉireann in ann slí bheatha a chothú, agus ionas go mbeidh an deis chéanna, nó deis níos fearr, más mian leo, ag an gcéad ghluin eile.

Go luath in 2021, thosaigh BIM ag smaoineamh ar conas is fearr freagairt do na bagairtí fadtéarmacha eiseacha atá os comhair earnáil bia mara na hÉireann anois. I dteannta leis na bearta a cuireadh isteach láithreach bonn ag an am, thosaíomar próiseas pleanála d'athrú iomlán freisin. Bhí a fhios againn go mbeadh sé seo ag teastáil ar fud na hearnála agus inár n-eagraíocht féin.

Ba é bunús an phróisis seo nach dtiocfadh aon athrú ar ár misean agus go raibh sé bunúsach: chun tacú le, agus chun méadú i gcruthú fiúntais maidir le hearnáil bia mara inbhuanaithe na hÉireann a chumasú, trasna shlabhra an tsoláthair, ó ghabháil go dtí an tomhaltóir.

A bhuí le tacaíocht na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara, tá straitéis chúig bliana nua, 'Ag Casadh na Taoide', forbartha anois againn. Leagann sé amach ceithre sprioc leis an straitéis sin arb é is aidhm dóibh sainmhíniú as an nua a dhéanamh ar a ndéanaimid, agus cruth nua dearfach a chur ar an earnáil mar thoradh air sin. Tacaítear leis na spriocanna sin le ceithre chur chuige nua maidir leis an gcaoi a n-oibrímid — rud a athróidh cultúr agus iarmhairt BIM mar eagraíocht.

Is iad na cuspóirí atá againn ná:



**Ceannaireacht a stiúradh agus a chothú**



**Torthaí a sheachadadh le réitigh a chuireann athrú i bhfeidhm**



**Infheistíocht a dhéanamh d'fhás fadtéarmach**



**Ár gcomhshaol agus ár n-earnáil a chosaint**

# Ráiteas an Chathaoirleigh

## Táim lánássta Tuarascáil Bhliantúil Bhord Iascaigh Mara (BIM) do 2022 a chur i láthair ar son an Bhoird.



An bhliain seo caite, d'ardaiigh luach earála bia mara na hÉireann 4% go €1.3 billiún maidir le hOlltáirgeacht Intire (OTI). Bhi gnéithe cosúil le praghsanna níos airde, athoscailt iomlán ar ionaid díolacháin seirbhísi bia na hÉireann nuair a tugadh chun críche srianta deiridh Cóvid-19 agus méadú ar chaitheamh bia mara sa mhargadh intire mar bhonn faoin méadú.

Tá an earráil fós ina gné rithábhachtach do phobail chosta an Stáit. Ar an iomlán, fostáidh 15,373 duine san earráil bia mara, idir fhóstaíocht dhíreach agus indíreach. Bhi 1,993 ártach cláraithe, 296 suíomh dobharshaothraithe, agus 101 próiseálaí bia mara ann.

Tá éifeacht shuntasach ag tionchar an Chomhaontaithe Trádála & Comhoibriúche idir an Aontas Eorpach agus na Ríocht Aontaithe (TCA) ar earráil bia mara na hÉireann.

Bhi 16 moladh sa tuairisc ar an Tascfhórsa Bia Mara, bunaithe ag an Aire Talmhaíochta, Bia & Mara, Charlie McCaonálogue, TD, agus a tugadh chun críche san fhómhar in 2021, a dearadh chun tionchar an chomhaontaithe TCA a mhaoliú ar earráil bia mara na hÉireann agus ar ár bpobail chosta.

Le linn na bliana, sheol an BIM, atá ag bainistiú agus ag réachtháil na scéimeanna, an chéad sciar de na scéimeanna tacaíochta ó na 16 moladh - a bhfuil tacaíocht fheideartha iomlán thart ar €423 milliún acu.

In 2022, bhí luach €265 milliún san iomlán ag an réimse scéimeanna a cuireadh i bhfeidhm faoin gCúlchiste Coigeartaithe Breaitimeachta. Cabhróidh an maoiniú lena chinníú gur féidir earráil bia mara na hÉireann a athchóiriú chun a chinníú go bhfuil sí brabúsach, nuálach agus inbhuanaithe.

Tháinig an chéad scéim, a dearadh chun tacú leis an earráil iascaireachta cladaigh, i bhfeidhm i mí Eanáir. Faoin scéim, bhí cúnamh deontais de luach idir €2,700 agus €4,000 ar fáil d'úinéirí ártachaigh, tar éis clár oiliúna shonracha atá deartha chun cabhrú leo dul i ngleic leis na coinmíolacha nua margálaíochta iar-Bhreaitimeachta a chríochnú.

Is ag feidhmiú mar pháirtí i gcomhar leis an tionscal agus le páirtithe leasmhara eile bunloch na straitéise. Táimid ag tacú agus ag cabhrú leis an tionscal bia mara a bheith nuálach agus a luach foriomlán a mhéadú, le focas soiléir ar inbhuanaitheacht. Mar eagraíocht, táimid tiomanta go hiomlán d'obriú leis an earráil bia mara chun cabhrú leo a ngnólaíochtaí a fhorbairt agus a fhás ar bhealach atá inbhuanaithe ó thaobh na sochaí, an gheilleagair agus an chomhsaol de.

an tionscail.

Le linn 2022, d'fhóisigh BIM a straitéis nua 'Ag Casadh na Taoide', plean uailmhianach a léiríonn an tsíl a n-obireoidid leis an earráil do na cúig bliana atá amach romhainn chun infheistiúocht a dhéanamh i bhfás fadéarmach, ar gcomhsaol agus an earráil i gcoitinne a chosaint, ceannasáíocht a chothú agus i a léiriú muid féin, agus forthar a chur ar fáil le réitigh a mbíonn tionchar acu ar athrú dearfach trasna an tionscail.

Rúise ar an Úcráin.

Ba bhliain dhushláinach i 2022 d'earráil bia mara na hÉireann, mar bhí ar an earráil a bealach a dhéanamh trí dhushláin ollmhóra, cosúil leis an tionchar leanúnach atá ag an mBreaitimeacht ar an earráil, agus an méadú ollmhór ar chostais bhreosla agus fhuinnimh mar gheall ar thionchar eacnamaíochta ionraidh na Rúise ar an Úcráin.

I mí an Mheithimh, sheol BIM an Scéim Forbartha Fiontraíochta Breaitimeachta don Gheilleagar Gorm arbh fhíú €25 milliún i, chun cabhrú le pobail chosta a athnuachan tar éis na Breaitimeachta. Tacaíonn an scéim le gníomhaíochtaí cosúil le turasoíríocht chosta bia mara, fóillíocht mhar, saoirseacht bad agus tionscnaimh fhuinnimh in-athnuaithe a thacaíonn leis an ngeilleagar gorm.

Le linn na bliana, seoladh Scéim Scoir Buan Deonach chun tacú le hiascairí a roghnaigh go toilteanach a n-ártachaigh a chur as feidhm. Aontáidh príomhholadh na tuarascála chun suas le 8,000 olltona a bhaint ó chabhlaigh cloicheáin agus iasc gear na hÉireann, a mhaoiniú chun brabúsacht na hearála sa todhchaí a chinntiú mar gheall ar thionchar fadéarmach na Breaitimeachta.

Bhain an scéim 84% a sprice amach, mar faoi dheireadh na bliana, ghlac úinéirí 42 ártach san iomlán le €63 milliún in íocaíochtaí tacaíochta chun a n-ártachaigh a dhíchoimisiúniú, ag cur cuóta timpeall €30 milliún ar fáil do speicis cosúil le cloicheáin, colmóir, anglaít agus cadóg do na hártachaigh atá fós sa chabhlaigh, agus ag athchóiriú an chuóta atá ar fáil le hacmhainn cabhlaigh.

Seoladh an Scéim Tacaíochta Capitiúm Próiseáil an Bhreaitimeachta le linn na bliana freisin. Ba é príomhaidhm na scéime ná cabhrú le hearráil phróiseálaíthe bia mara na hÉireann áit níos airde a fháil ar an slabhra breisluacha agus a bheith níos éifeachtaí trí dheontais chaipitil a chur ar fáil chun cabhrú le pleananna infheistiúochta.

Tá dul chun cinn suntasach fós á dhéanamh agáin trasna réimse tionscnaimh inbhuanaithe, agus muid ag obair i gcomhar leis an earráil agus leis na páirtithe leasmhara eile, mar shampla:

Leanamar ar aghaidh ag tacú leis an Tionscnaimh Aigéan Glan chun an earráil agus páirtithe leasmhara eile a chur ar an eolas faoin tionchar atá ag pláisteach ar an timpeallacht mhuirí, chun cinníú go mbaintear athfearaíocht as an seanfhearas ar bhealach inbhuanaithe agus chun cabhrú leo bruscar mara a ghlanadh suas sna hearnálaíochta iascaireachta agus dobharshaothraithe.

Focas eile a bhí ann le linn na bliana ná forbairt cheannasáíochta feabhsuithe níos fearr san earráil, le clár oiliúna chun cabhrú leis na ceannairí atá ag teacht chun cinn, agus an té atá ag obair ar leibhéal meánbhairnaisíochta faoi láthair. Chuireamar réimse cúrsaí oiliúna sábháilteachta rithábhachtacha ar

Fáil le linn 2022 freisin, le beagnach 470 duine ag críochnú an chláir oiliúna sábháilteachta éigeantach trí lá, mar shampla.

D'obriigh an Mol Nuálaíochta Bia Mara le 45 cliant san earráil bia mara ar réimse tionscnaimh. Ba é focas lárnach na dtionscnaimh a rinneadh le linn na bliana ná luach a mhéadú, agus ba ghné shuntasach é laghdú costais freisin.

D'imigh ár bPríomhfhéidhmeannach Jim O'Toole ó BIM le linn na bliana, agus ar son an Bhoird agus na heagraíochta ar fad, ba mhaithe linn mo bhúiochas a ghabháil le Jim as ucht a chuid oibre dúthrachtaí le linn a thréimhse mar POF agus guim gach rath air lena ról nua le Bord Bia.

Faoi dheireadh na bliana, ceapadh Caroine Bocquel mar Phríomhfhéidhmeannach nua BIM tar éis mhíonphróisis chuardaigh. Is ceannaire láidir í agus tá mioneoilas aici maidir leis an earráil bia mara, agus táim ag tnúth le bheith ag obair go dlúth léi sna blianta atá romhainn. Ba mhór an onóir é a bheith ceaptha mar Chathaoirleach ar BIM i mí na Bealtaine seo caite, agus ba mhaithe linn mo bhúiochas a ghabháil le mó chomhghleacaíthe ar fad ar an mBord, leis an bhfoireann shinsereach ceannaireachta, agus leis an bhfoireann ar fad san eagraíocht as an tacaíocht a thug siad dom go dtí seo.

Ba mhaithe linn mo bhúiochas a ghabháil le foireann BIM ar fad as ucht a gcuid iarrachtaí le linn na bliana. Cosúil le go leor eagraíochtaí, bhíomar ag dul i dtáthí ar an timpeallacht hibrideach nua, agus ba mhaithe linn mo bhúiochas a ghabháil le foireann BIM as an tionscnaimh agus an solúbthacht a léirigh siad le bliain anuas. Chomh maithe leis sin, ba mhaithe linn Bia & Mara, Charlie McCaonálogue, TD, agus leis na hoifigigh ar fad sa Roinn, a oibriú le go rialta.

Leanamar ar aghaidh ag tacú leis an Tionscnaimh Aigéan Glan chun an earráil agus páirtithe leasmhara eile a chur ar an eolas faoin tionchar atá ag pláisteach ar an timpeallacht mhuirí, chun cinníú go mbaintear athfearaíocht as an seanfhearas ar bhealach inbhuanaithe agus chun cabhrú leo bruscar mara a ghlanadh suas sna hearnálaíochta iascaireachta agus dobharshaothraithe.

Focas eile a bhí ann le linn na bliana ná forbairt cheannasáíochta feabhsuithe níos fearr san earráil, le clár oiliúna chun cabhrú leis na ceannairí atá ag teacht chun cinn, agus an té atá ag obair ar leibhéal meánbhairnaisíochta faoi láthair. Chuireamar réimse cúrsaí oiliúna sábháilteachta rithábhachtacha ar



Aidan Cotter  
An Cathaoirleach

## Ráiteas an POF

Sheas teacht aniar earnáil bia mara na hÉireann amach in 2022 agus í ag gabháil deiseanna i dtimpeallacht dhúshlánach trádála.



Agus muid ag bogadh i dtreo an dara cuid de 2022, ba léir go bhféadfadh na dúshláin a bhaineann le domhandú na hearnála roinnt deiseanna suntasacha a chur ar fáil freisin.

Sa bhliain 2022, rinne BIM scéimeanna ar luach €268 milliún a riaradh, arna maoiniú tríd an gCúlchiste Coigeartaithe Breatimeachta, a bhfuil aleithdháileadh bunaithe ar mholtaí Thuarascáil an Tascfhórsa Bia Mara go déanach in 2021. Tá líon suntasach scéimeanna Cúlchiste Coigeartaithe Breatimeachta á gcur i bhfeidhm ag BIM agus chuir an ghníomhaireacht seacht scéim i bhfeidhm tríd an gCúlchiste le linn 2022 agus ceadaíodh 1,146 deontas, agus scaipeadh maoiniú de bheagnach €22.36 milliún.

Tá an Cúlchiste Coigeartaithe Breatimeachta ina mheicníocht ríthábhachtach chun na tionchair is déine atá ag an mBreatimeacht ar an earnáil bia mara a mhaolú. Chomh maith le tacaíocht ríthábhachtach a chur ar fáil don earnáil iascaireachta, chuir sé ar chumas na n-earnálacha próiseála agus dobharshaothraithe infheistíocht a dhéanamh i dteicneolaíocht agus i mbonneagar ceannródaíoch chun feabhas a chur ar a n-iomaíochas agus chun an dúshraith a leagan síos dóibh chun margaidh domhanda a scálú agus dul san iomaíocht iontu.

Tháinig Ciste Eorpach Muirí lascaigh agus Dobharshaothraithe (EMFAF) i bhfeidhm freisin in 2022, agus cuireadh €258 milliún de mhaoiniú ar fáil don earnáil bia mara a chuirfidh leis na hinfeistíochtaí a rinneadh faoin gCúlchiste Coigeartaithe Breatimeachta. Tacaíonn an scéim seo leis an earnáil ar fad agus cuireadh sé ar chumas BIM tacaíocht theicniúil, seirbhísí nuálaíochta a sholáthar agus taighde feidhmeach a choimisiúnú agus a dhéanamh, i gcomhpháirtíocht leis an tionscal agus le gníomhaireachtaí agus páirtithe leasmhara stáit eile. Is príomh-aschur de chuid an chiste seo iad straitéisí earnála a fhorbairt agus muid ag iarraidh gach cuid den earnáil a fhás i dtimpeallacht nua ina bhfuil níos lú amháibhar ar fáil agus mar a dtugaimid cúnamh, treoir agus tacaíocht do ghnólachtaí, idir

Ba bhliain an-dian í 2022 d'earnáil an bhia mara agus dúshláin thriaracha an Bhreatimeachta, iarmhairt leanúnach COVID agus géarchéim leanúnach breosla a mhéadaigh costais oibriúcháin gnólachtaí i gcoitinne, ach a raibh tionchar an-dona acu ar an iascaireacht.

Leagadh amach i straitéis chorparáideach nua BIM 'Ag Casadh na Taoide' chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin seo. Tá tionchar an Bhreatimeachta fós le brath mar go gcaillfidh cabhlach na hÉireann 25% dá chuóta iascaireachta sa tréimhse go dtí 2025. Cuireadh isteach chomh maith ar easpórtálacha agus iompórtálacha comhábhar agus soláthairtí chuig agus ón RA agus tá droichead talún na RA, a bhí go traidisiúnta mar an príomhbhealach le fada an lá chuig Mór-roinn na hEorpa do tháirgí bia mara na hÉireann, níos casta anois go háirithe chun sliogéisc bheo a easpórtáil.

Bhí BIM tiomanta i gcónaí inár gcuid oibre chun tacú leis an earnáil bia mara agus í a fhorbairt. Ach mar gheall ar scála an chomhthéacs seo – chomh maith le tionchar na hathraithe aeráide – bhí smaointe nua, fuinneamh athnuaite agus fócas iomlán ar na dúshláin nua atá romhainn ag teastáil.

inbhuanaithe agus nuálacha. Is cuid lárnach dár gclár inbhuanaitheachta iad ár dTionscadail Feabhsúcháin lascaigh agus tá siad fós ina bpríomhthosaíocht agus muid ag bogadh isteach in 2023 agus ag neartú dearbhú cáilíochta tháirgí bia mara na hÉireann.

I mí Feabhra, bhunaigh an tAire Talmhaíochta, Bia & Mara, Charlie McConalogue Grúpa Athbhreithnithe an CFP (Comhbheartas lascaigh) chun measúnú a dhéanamh ar na fadhbanna a tháinig chun cinn d'Éirinn i gcomhthéacs an athbhreithnithe CFP. Cuireadh tuarascáil dheiridh i láthair i mí Dheireadh Fómhair, agus i measc na moltaí, áirítear an t-athrú reachtaíochta atá ag teastáil chun aghaidh a thabhairt ar thionchair na Breatimeachta, chomh maith le tacaíochtaí a bhí ag teastáil le haghaidh inbhuanaitheachta comhshaoil agus forbairt sa bhreis san earnáil dhobharshaothraithe.

D'fhan BIM ar chúrsa ina ról maidir le cur chun cinn, maoiniú, oiliúint agus saineolas a chur ar fáil i rith na bliana agus d'oibrigh ár bhfoirne réigiúnacha go dlúth lenár gcliaint chun cabhrú leo teacht ar thacaíocht mhaoinithe trínár scéimeanna deontais.

Chuir an Grúpa Forbartha Iascaire Náisiúnta le straitéis oiliúna BIM agus chuir siad ionchur fiúntach ar fáil i bhFórsa Saothair BIM agus staidéir ar Lorg Carbóin le linn na bliana. Lean an fhoireann um Chaomhnú lascaigh ar aghaidh ag obair leis an tionscal iascaireachta ar mhaolú gabhála nach bhfuil ag teastáil chun inbhuanaitheacht stoc éisc a fheabhsú agus chun cabhrú le cosaint bhithéagsúlachta mara.

D'oibrigh Aonad Scileanna an BIM go dlúth ar fud na heagraíochta chun oiliúint ar líne agus maoiniú a chur ar fáil mar chuid den Scéim Oiriúnaithe Múnla Gnó Cladaigh Breatimeachta. Mar chuid den scéim seo, cuireadh oiliúint dhigiteach ar fáil do 801 iascaire le níos mó ná €2.66 milliún de dheontais íoctha agus tá sé cruthaithe gur samhail den scoth í chun scileanna digiteacha a sheachadadh ar fud na hearnála. In 2022, fuair BIM faomhadh d'áis oiliúna nua-aimseartha, ghairmiúil marthanais farraige i gColáiste Náisiúnta Iascaigh BIM sa Chaisleán Nua, Co. Dhún na nGall, a chruthóidh Ionad Barr Feabhais muirí nua-aimseartha, éifeachtach ó thaobh costais de, a chuirfidh aonad oiliúna marthanais farraige gairmiúil ar fáil do mhic léinn agus do theagascóirí, ar an láthair sa choláiste, ag tacú le tionscal iascaireachta mara atá sábháilte agus gairmiúil.

Tá nuálaíocht ríthábhachtach d'fhorbairt na hearnála agus d'oibrigh an Mol Nuálaíochta Bia Mara le 45 cliant aonair de chuid an tionscail bia mara ar

raon tionscadal agus seirbhísí nuálaíochta éagsúla in 2022. Tá an earnáil dobhartheicneolaíochta uisce ag fás i gcónaí, agus tá os cionn 800 duine fostaithe ag 62 comhlacht dobhartheicneolaíochta Éireannach in Éirinn anois. Oibríonn an Clár Luasaire Dobharshaothraithe faoi stiúir BIM agus Hatch le cuideachtaí nuálaíochta dobharshaothraithe luathchéime agus tugann sé léargas ar an deis atá ag Éirinn an earnáil seo a fhorbairt ar scála domhanda. Tá nuálaíochtaí suntasacha ar an gcaoi a dtáirgtear bia mara mar thoradh ar aistriú teicneolaíochta ó earnálacha eile, mar aon le teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn agus teicneolaíochtaí nua a forbraíodh in Éirinn. Faoin gclár seo, tá BIM ag tacú le Stiúideonna Nuálaíochta bliantúla a bhfuil caipiteal de €13m bailithe acu go dtí seo agus an t-éileamh ar an gclár seo ag dúbailt gach bliain.

Ba bhliain thábhachtach í 2022 do BIM agus dár gcliaint araon agus muid ag obair chun cabhrú leo seasamh arís tar éis tréimhse thar a bheith suaiteach agus deacair. Cuireann ár straitéis nua bealach soiléir ar fáil do BIM agus leanfaimid orainn ag obair i gcomhpháirtíocht lenár bpáirtithe leasmhara san earnáil chun cabhrú leo cumas agus fás a bhaint amach in 2023.

Ba mhaith liom mo bhúochas a ghabháil le Jim O'Toole as an méid suntasach a chuir sé le BIM le cúig bliana anuas mar Phríomhfheidhmeannach agus é ag treorú na hearnála chomh cumasach sin le linn amanna deacra.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom búochas ó chroí a ghabháil lenár bhfoireann iontach as a gcuid oibre cruá agus a ndúthracht. I gcás go leor daoine is iad ár bhfoirne ar an gcósta aghaidh BIM agus táimid an-bhródúil as an obair a dhéanann siad. Ba mhaith liom búochas a ghabháil freisin leis an mBord as a dtacaíocht láidir agus leis an gCathaoirleach go háirithe as a threoir i rith na bliana.

Is mór an phribhléid dom a bheith i gceannas ar eagraíocht a bhfuil ról ríthábhachtach aici maidir le tacú lenár bpobail cois cósta agus is cuid lárnach de gheilleagar na hÉireann í.

**Caroline Bocquel**

Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

# Inbhuanaitheacht



## Réamhrá

Is misean tábhachtach é inbhuanaitheacht chomhshaoil, shóisialta agus eacnamaíoch earnála bia mara na hÉireann a chinntiú, a threoraíonn obair an BIM gach bliain. Tá gach ceann de na trí cholún inbhuanaitheachta seo tábhachtach, rud a léirítear sa raon tionscadal agus seirbhísí a rinne BIM anuraidh. Le linn na bliana, leanamar ar aghaidh ag obair go dlúth leis an earnáil bia mara chun dul i ngleic le dúshláin agus feidhm a bhaint as deiseanna maidir le hinbhuanaitheacht.

Chabhraigh iarrachtaí chun gabhálacha nach raibh ag teastáil a mhaolú le modhanna iascaireachta nuálaíochta, agus chun inbhuanaitheacht stoic éisc a fheabhsú trí chlibeáil maicréil agus cláir v-eangúcháin gliomaigh le bithéagsúlacht mara a chosaint agus a thabhairt ar ais. Cuireann na tionscnaimh seo deiseanna margáíochta ar fáil freisin leis na Tionscadail Fheabhais lascaigh agus leis an deimhniúchán inbhuanaitheachta don Chomhairle Mhaoirseachta Mara.

Ba chúis inní iad praghsanna breosla a bheith ag ardú maidir le hinmharthanacht eacnamaíochta, ach thug siad spreagadh maidir leis an obair le léargas atá bunaithe ar shonraí ar éifeachtacht fhuinnimh agus charbóin a fheabhsú agus a chruthú. Léirigh trialacha caomhnaithe iascaigh feabhsuithe suntasacha ar éifeachtúlacht fuinnimh agus brabúsacht soithí. Rinneadh dul chun cinn suntasach ar infheistíocht chaipitil san fhuinneamh in-athnuaite agus i línte táirgthe níos éifeachtaí a laghdóidh costais agus astaíochtaí carbóin san earnáil pheiligeach.

Ag cur le haidhm straitéiseach BIM chun dramhaíl a laghdú agus deireadh a chur leis, lean an Tionscanamh Aigéan Glan ag forbairt agus ag cur córais bhainistíochta dramhaíola cliste i bhfeidhm d'iascaigh agus do tháirgeoirí dobharshaothraithe fad is a ullmhaíonn sé iad don Treoir Phlaistigh Aonúsáide nua.

## Caomhnú lascaigh

Sa bhliain 2022, lean foireann Chaomhnaithe lascaigh BIM ar aghaidh ag obair leis an tionscal iascaireachta chun gabhálacha nach bhfuil ag teastáil a laghdú chun inbhuanaitheacht stoic éisc a fheabhsú agus cabhrú le bithéagsúlacht mhuirí a chosaint. D'eisíomar treoirleabhar uasdátaithe a chuimsigh achoimrí leathanach amháin de 22 mionathrú gair, díolúintí maireachtála agus uirlisí teicniúla forbartha i ndlúthchomhar leis an tionscal iascaireachta.

Léirigh taighde leanúnach ar shoilse faoin uisce agus rigín athruithe ar thráil ghrinnill laghduithe suntasacha i dtrosca ísealchuóta agus sciataí agus roic neamh-dhírthe. D'fhorbraíomar teicníc nuálach tagála satailíte a chuir torthaí eolaíochta láidre ar fáil maidir le maireachtáil troisc san iascach tráchtála grinnill líon-saighne, a bhfuil an-chuid feidhmithe aici do speicis éisc eile.

Ag obair leis an tionscal chun éifeachtacht bhreosla agus charbóin a fheabhsú mar fhreagairt ar an ngéarchéim fhuinnimh - agus leis an tuiscint go bhfuilimid ag bogadh ar aghaidh ó bhreosla iontaise san fhadtárma - chríochnaíomar measúnú bithéolaíoch agus eacnamaíoch ar iascaireacht phéire. Léirigh sé sin méadú 29% i rátaí gabhála, laghdú 40% in úsáid bhreosla agus méadú 32% i mbrabúsacht i gcomparáid le hoibríochtaí iascaireachta aonair. Tá scóip mhór ann chun an teicneolaíocht seo a mhéadú san earnáil iasc gearl.



**BIM ag tástáil doirse nua ón-mbun aníos i gcomhar le MLD ón Danmhairg agus Niall Connolly agus a fhoireann, MFV Emerald Shore i gCeann Chlochair, Co. Lú.**

## Forbairt Inbhuanaithe Acmhainní Méiseapheiligeacha

Le linn 2022, d'oibrigh BIM agus Foras na Mara i gcomhar le chéile ar chúrsáil taighde mesopelagic 12 lá ar an RV nua Tom Crean. Bailíodh mionsonraí acústacha, rinneadh measúnú ar fheidhmiú trealaimh iascaireachta agus bailíodh samplaí le haghaidh anailíse eDNA, anailíse bithéolaíochta agus forbairt tháirge comhábhair ina dhiaidh sin.

Ba é sin an chéad shuirbhé dírithe ar mhéiseapheiligeach in Éirinn agus chuir sé bonnlíne eolais láidir ar fáil gur féidir é a fhorbairt tuilleadh chun na hacmhainní méiseapheiligeacha amach ón gcósta a thuiscint. Cuireann na trialacha a rinneadh le linn 2022 le dhá thionscadal leanúnach H2020 ar scála mór; is iad sin MEESO (<https://www.meeso.org/about>) agus SUMMER (<https://summer2020.eu/>), atá ag déanamh measúnaithe san fhorbairt inbhuanaithe féideartha méiseapheiligeacha.

## Stoic Inbhuanaithe Ghlíomach

Is í aidhm na Scéime um Chaomhnú lascaigh Intíre (V-eangúchán) ná inbhuanaitheacht iascach gliomaigh na hÉireann a fheabhsú trí gliomaigh bhaineanna a chosaint ionas go mbeidh siad in ann póru go rathúil cúpla uair sula mbaintear iad. Tugann iascairí tráchtála gliomaigh bhaineanna a aimsíonn siad agus iad ag iascaireacht i dtír le bheith v-eangaithe ag pearsanra BIM. Is é atá i gceist leis sin ná eang bheag v-eangaithe a ghearradh san eireaball a bhronnann cosaint dhlíthiúil ar an nglíomach.

Cuirtear ar ais san fharrage iad chun póru leis an v-eangú, a mhaireann idir trí mhí agus sé bliana tar éis v-eangúcháin go hiondúil. Tar éis téarnamh rathúil an chláir iar-Cóivid-19 agus cur isteach ar mhargaí in 2021, sáraíodh iarrachtaí nua i 2022 maidir lena rath. Fuair ochtó dó tionscadal a bhaineann le v-eangúchán gliomach tacaíocht arbh fhiú €392,000 iad. Marcáladh 40,000 gliomach san iomlán de mheáchan 27.74 tona agus scaoileadh saor iad chun an stoc póraithe a mhéadú.

Acmhainn sceite 302 milliún larbha gliomaigh is ea scaoileadh na bliana 2022, a bheadh mar chailliúint ar an stoc thart ar chósta na hÉireann murach sin.



## CLAMS

Tionscnamh seanbhunaithe náisiúnta is ea Córas Comhordaithe Bainistíochta an Dobharshaothraithe Áitiúil (CLAMS) a thacaíonn le forbairt inbhuanaithe an dobharshaothraithe i mbánna timpeall an chósta. Ar leibhéal náisiúnta, tá CLAMS comhordaithe ag feidhmeannach náisiúnta a chuimsíonn ionadaithe ó BIM, IFA (Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann) Dobharshaothrú, an Foras Mara agus Údarás na Gaeltachta. Déanann an BIM cathaoirleacht ar an ngrúpa seo freisin.

Ar bhonn áitiúil, is córas é lenar féidir le hoibreoirí dobharshaothraithe teacht le chéile agus tionscadail chomhordaithe réamhghníomhacha a chur le chéile. Cuireadh cáipéisí CLAMS ar fáil do dhá shuíomh nua le táirgeadh gníomhach dobharshaothraithe, is iad sin, Acaill agus Bá Neidín. Uasdátáíodh an Léargas Náisiúnta i bhfianaise na tosaíochtaí a aithníodh sna 13 agusín CLAMS.

Rinneadh athbhreithniú ar an nasc idir tosaíochtaí na 13 ghrúpa CLAMS agus na gníomhartha a bhí curtha síos sa dréachtchlár NSPSA (Plean Náisiúnta Straitéiseach um Fhorbairt Inbhuanaithe Dobharshaothraithe). Beidh anailís ar an nasc leis an NSPSA mar bhunús do chlár forbartha a leanfaidh feidhmeannach Náisiúnta CLAMS feadh a mhaireann EMFAF (Ciste Eorpach Muirí, lascaigh agus Dobharshaothraithe).

## Tionscnamh Aigéan Glan

Seoladh an Tionscnamh Aigéan Glan in 2019, ag tógáil ar obair leanúnach an BIM i mbruscar mara faoin dtionscadal Ag Iascaireacht Bruscair (FFL). Rinneadh roinnt sruthanna oibre le blianta beaga anuas chun bainistiú sruthanna dramhaíola ginte ag an tionscal ar bord agus ar tír a fheabhsú.

Mar chuid den Tionscnamh Aigéan Glan, glacann 12 caladh páirt sa chlár, ag glacadh le bruscar mara ó na hárthaigh a thagann chun na gcalaí seo. Chláraigh 97% d'árthaí a thagann chun cladaigh sna calaí seo don Tionscnamh Aigéan Glan. Bhailigh an clár FFL níos mó ná 750 tona bruscar mara, bhain siad triail as teicneolaíochtaí ar bord chun dramhaíl a ghineann an iascaireacht a laghdú agus rinne siad suirbhéanna tréithrithé dramhaíola. Bhailigh earnáil an docharshaothraithe 84.88 tona bruscar mara.

D'oibrigh grúpaí CLAMS le pobail áitiúla agus ENRanna ar 34 glantachán trasna 14 bá timpeall na tíre, ag ardú feasachta i measc táirgeoirí bia mara agus ag ardú próifíle maidir le cosc agus bailiúchán dramhaíola mara. Le linn 2022, rinneadh dul chun cinn suntasach chun an tionscal iascaireachta agus soláthraithe trealaimh a ullmhú le haghaidh cur i bhfeidhm na Treorach maidir le Plaistigh Aonúsáide.

## Tionscnaimh Fheabhsaithe Iascaigh (FIPanna)

Is cur chuige bunaithe ar eolaíocht iad FIPanna chun feabhsuithe leanúnacha a dhéanamh in inbhuanaitheacht iascaigh ar leith. Cuireann siad córas ar fáil chun comhaontas iascairí, ceannaitheoirí agus soláthróirí bia mara a thabhairt le chéile, chun na dúshláin atá i ndán d'iascach ar leith a phlé, riachtanais sonraí a aimsiú, sraith ghníomhartha tosaíochta a aontú chun an t-iascach a fheabhsú, agus plean gníomhaithe a mhaoirsiú. Oibríonn na páirtithe leasmhara seo le chéile chun an t-iascach a fheabhsú trína bheith diongbháilte le beartais agus bainistíocht níos fearr a fháil, fad is a athraíonn siad go toilteanach cleachtais cheannaigh agus iascaireachta cosúil le hiascaireacht mhídhleathach, seachghabháil agus tionchair ghnáthóige a mhaolú.

Tá na FIPanna a thacaíonn an BIM leo feadh réimse speiceas fiáin a gabhadh, portán dearg, Nephropanna, colmóir, cadóg, faoitín, glasán, anglait, scoilteán agus tuinnín colgach. Tá cúig cinn de na FIPanna cláraithe ar Dhul Chun Cinn Iascaigh, ENR neamhspleách a rianaíonn dul chun cinn na FIPanna seo in aghaidh sraithe tagarmharcanna, ag giniúint rangaithe iomláin.

## Grúpa Forbartha an Iascaire Náisiúnta (NFDG)

Cuireann Grúpa Forbartha an Iascaire Náisiúnta (NFDG) ardán ar fáil do chomhphlé i measc iascairí ar fhadhbanna a chuireann isteach ar réachtáil laethúil mar fhiontair, na n-árthach iascaireachta. Tagann baill an ghrúpa, a bunaíodh in 2017 ó earnálacha uile ar fud chabhlaigh na hÉireann. Éascaíonn BIM NFDG trí thacaíocht theicniúil agus airgeadais a sholáthar trí Scéim Iascaigh Inbhuanaithe CEMI.

Le linn 2022, lean NFDG ag plé agus ag cur aiseolais ar fáil d'Eagraíochtaí Táirgeoira agus an Fóram Náisiúnta Iascaigh Cois Cladaigh (NIFF) agus an Fóram Réigiúnach Iascaigh Cois Cladaigh (RIFF) ar réimse ábhar. Bhí ionchur ag an ngrúpa ar straitéis oiliúna BIM agus bhí ionchur fiúntach acu i staidéir ar Lucht Oibre agus Lorg Carbóin BIM. Lean an Grúpa ar aghaidh le forbairt an Chláir Iascairí, a chabhródh le sonraí a bhailiú chun pictiúr níos fearr a thógáil den earnáil ghabhála, agus Lámhleabhar Iascaireachta freisin, a chuireann eolas ar fáil faoi mhairnéalachta bhunúsach, rialacha na mara, soilse loingseoireachta agus baoithe.

Ghlac an NFDG páirt i staidéar prólótach dírithe ar iascach a fhorbairt do chloicheáin a bheirtear orthu nuair atá siad beo. Thug baill an ghrúpa cuairt ar chalaí sa Bhriotáin chun iascach cloicheáin bheo a scrúdú, agus ghlac siad páirt i dtrialacha ar mhuir le linn mhíonna an tsamhraidh.

## Meithleacha Oibre Tionsclaíochta

Le linn 2022, bhuail an Grúpa Pacálaithe um Oisrí na hÉireann (IOPG) le chéile ar thrí ócáid. D'oibrigh an IOPG le Ceantanna Éisc ZV sa Bheilg chun féachaint ar bhealaí nua agus nuálacha chun dul i ngleic le dúshláin na Breatimeachta maidir le lóistíochta agus an rochtain atá acu ar mhargadh an AE. Tá comhar ar bun le Ceantanna Éisc ZV faoin am seo chun cabhrú le díolachán díreach oisrí do chustaiméirí san AE.

Seoladh torthaí noraivíris agus anailís do bhaill ar fad an IOPG ar bhonn seachtainiúil i gcomhthionscadal le Foras na Mara in 2022. Tá an staidéar noraivíris seo mar chuid de thionscadal BIM eile maoinithe ag an EMFAF agus tá sé cruthaithe go bhfuil sé an-fhiúntach don IOPG agus a gcustaiméirí. Bunaíodh grúpa oibre nua d'fheirmeoirí oisrí na Chéad Ghluíne eile agus réachtáladh an chéad chruinniú foirmiúil thar dhá lá i Meitheamh 2022.

## Fóraim Iascach Cois Chladaigh

Cuireann na Fóraim Iascach Cois Chladaigh (RIFanna), a bunaíodh in 2014, ardán ar fáil do phlé agus cur chun cinn ar cheisteanna a chuireann isteach ar an earnáil, agus seolann siad plé don Fóram Iascach Cois Chladaigh (NIFF). Anseo, is féidir le gach ceann de na sé fhóram réigiúnach idirghníomhú leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara agus forais mhara.

Chiallaigh dúshláin i ndul chun cinn roinnt fadhbanna nár bhuail na RIFanna chomh minic le chéile i gcomparáid le blianta roimhe sin. Mar sin féin, réachtáladh ceardlann an-rathúil ar na forbairtí is déanaí i bhFuinneamh In-athnuaithe Eischósta (ORE) i mí na Samhna ar fhreastail níos mó ná 50 rannpháirtí uirthi. Rinneadh anailís iomlán ar bhearnaí i sonraí suirbhé náisiúnta bia mara na hearnála cois chladaigh, atá ar fáil chun eolas a thabhairt ar dhearadh agus choimisiúnú daonáirimh chladaigh. Cuirfidh sé seo cuntas cuimsitheach ar fáil den earnáil cois chladaigh gur fhéidir é a úsáid chun tacú lena ngníomhaíochtaí le heagraíochtaí stáit agus neamhstáit, go háirithe i réimsí Pleanála Spásúil Mhuirí agus maoiniú i 2023.



Fógraíodh scéim phiolótach scoir fearas de chuid Thionscnamh na nAigéan Glan BIM ar Lá Domhanda na nAigéan. Sa pictiúr seo ó chlé go deas: Jim Connolly, MFV Supreme II, An tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara, Charlie McConalogue, TD, POF BIM, Jim O'Toole, David Kirwain, MFV Ambitious, Máistir Cuain Bhinn Éadair, Harry McLoughlin, Cathaoirleach BIM, Aidan Cotter, Tracy Floyd, Skippers Mate Pro, Bainisteoir Inbhuanaitheachta agus Dearbhaithe BIM, Catherine Morrison.



## Dúshlán Mara

Is bagairt é an méadú ar fhíteaplanctón agus zóplanctón in uisce cósta d'earnáil dhobharshaothraithe na hÉireann. Téann tionchar an phlanctóin bhaolaigh ó fhás fo-optamach go méadú ar bhásanna. Léirigh tionscadail roimhe sin éifeachtacht chóireálacha uisce díshalannuithe in aghaidh ionfhabhtuithe geolbacha. Rinneadh snorcal a thacaigh le lionsa salandachta laghdúithe chun rochtain oscailte d'fhíoruisce a chur ar fáil do bhradán i gcró tástála a thástáil i suíomh tráchtála in 2022. D'oibrigh an snorcal go héifeachtach chun salandacht níos lú ná cúig chuid sa mhíle a choinneáil ag doimhneacht ceithre mhéadar. Mar sin féin, ba léir go raibh gá le hathdhearadh chun cobhsaíocht a chinntiú ar chósta an iarthair nochta, in 2023.

Cuireadh córas bacainne “brat bolgáin” i bhfeidhm go rathúil faoi choinníollacha tráchtála in 2022. Cuireadh an brat i bhfeidhm ag 17 méadar, agus léirigh na torthaí go raibh sé rathúil maidir le speicis phlanctóin a sheachaint, le rátaí eisiata éagsúla a aithníodh ag céimeanna éagsúla na taoide. Ar an taoide thuile, léirigh an brat bolgáin laghdúithe idir 80% agus 95% i speicis dhírite fíteaplanctóin ag dhá mhéadar le torthaí cosúil leis sin ag seacht méadar - ag léiriú go raibh tionchar suntasach ag an mbrat bolgáin ar an bpobal planctóin maidir le stoc.

Ag deireadh taoide thrá láidir, áfach, bhain an brat bolgáin idir 20% agus 40% de na speicis dhírite ag dhá mhéadar. Bhí an laghdú seo níos lú ag seacht méadar, áit a raibh an difríocht i gcoitinne níos lú ná 20% agus tá obair sa bhreis le déanamh i 2023.

## Cabfishman

Is clár AE INTERREG AE é Cabfishman a chuimsíonn institiúidí iascaigh ó chúig thír. Is é príomhspríoc an tionscadail ná fás socheacnamaíoch na n-iascach cois chladaigh a chur chun cinn, agus bithéagsúlacht mhuirí a chosaint ag an am céanna. Rinneadh obair shuntasach trasna roinnt sruthanna oibre maidir le fadhbanna a bhíonn i ndán do chabhlaigh iascaireachta ar scála beag ar Chuar an Atlantaigh.

Is é fócas srutha oibre amháin ná sonraí, le hanailís déanta ar mhionbhunachar sonraí chun an t-uasmhéid eolais ar ghníomhaíocht chabhlaigh go dtí seo, a asbhaint. Rinneadh measúnú ar oidhreacht chultúrtha iascach ar scála beag le ceachtanna luachála déanta, ag meas an fhoinne atá orthu íoc as seirbhísí cultúrtha éiceachórais a bhaineann leis an SSF.

Cruthaíodh mionmhúnláí staitistiúla chun na caidrimh idir príomhchomharthaí cainníochtúla agus cáilíochtúla maidir leis an SSF a mheas chun eolas a fháil ar na seirbhísí éiceachórais iomlána a bhaineann leis an SSF. Léireofar na sonraí agus an obair a rinneadh ar uirlis idirlín GIS inrochtana ag na páirtithe leasmhara SSF ar fad.

## Feabhsú Stoic Oisre Dúchasach

Dhírigh obair oisre dúchais BIM ar chomhtháthú cleachtas dobharshaothraithe agus cleachtas bainistíochta iascach chun earcaíocht oisre dúchais a mhéadú i gceantair oisre. Leanann obair ar aghaidh chun úsáid linnte larbhaí a mhéadú trí thrial a bhaint as ábhair lonnaithe éagsúla agus ag rialú paraiméadair timpeallachta.

Tógadh na larbhaí oisre atá fágtha ar an sliogán faoi chásanna síl dobharshaothraithe éagsúla ar leapacha cosanta atá á measúnú d'fhás agus do mhaireachtáil chomh maith le hábhar beirtrí sionchaite, atá in úsáid do leapacha oisre, a úsáideadh i roinnt ceantair le haghaidh athchóirithe gnáthóige agus feabhsú earcaíochta nádúrtha. Reáchtáladh ceardlann do pháirtithe leasmhara oisre dúchais na hÉireann, faoin Fhóram um Iascaigh Oisre Náisiúnta na hÉireann (INOFF), i mí Iúil chun na torthaí maidir le méadú stoic agus tionscadail athchóirithe a roinnt agus chun a bheith ag obair i dtreo cur chuige comónta do dhréachtphleananna bainistíochta le haghaidh acmhainní *Ostrea edulis* timpeall an chósta.

## Speicis Choimhthíocha Ionracha

Is mór an dúshlán iad Speicis Choimhthíocha Ionracha (SCI) dár dtimpeallachtaí mara, bithéagsúlacht dhúchasach agus gnáthóga, lena n-áirítear iad siúd ar a mbraitheann oibríochtaí dobharshaothraithe orthu. Chomh maith leis sin, tugann a mbaint le gluaiseachtaí dobharshaothraithe riosca do dhearcadh poiblí agus cáil na hearnála agus is féidir leis sin tionchar diúltach a bheith aige ar stoc dobharshaothraithe.

Leanann an tionscadal IAS ar aghaidh ag cur sonraí tábhachtacha bonnlíne ar fáil don earnáil dhobharshaothraithe. Rinneadh Suirbhéanna Fardail um Speiceas a bhaineann le Sliogiasc i 14 bá dobharshaothraithe agus ar cheithre cheapach síl diúilicín chun cur le bonnlíne an chláir speiceas agus monatóireacht leanúnach. Cabhraíonn sé sin eolas a dhéanamh don chleachtas is fearr i ngluaiseachtaí stoic agus cinntíonn sé go gcuireann an earnáil go gníomhach le bainistíocht riosca.



Ar leibhéal níos leithne, cabhraíonn an tionscadal lena chinntiú go bhfuil bearta bithshlándála i gcomhréir le bainistíocht riosca agus inoibríthe don fhiontar dobharshaothraithe araon. Is gnéithe tábhachtacha iad oideachas agus feasacht i mbainistíocht agus tacaítear leo trí oiliúint dhírite, cuir i láthair comhdhála agus tacaíocht dhírite i bhforbairt phleananna bithshlándála ar scála feirme.

## Íonú/Caighdeán Uisce - Seirbhísí Tionscail Dobharshaothraithe

Maolaíonn íonú agus caighdeán uisce rioscaí do cháil bia mara na hÉireann go gníomhach agus tacaíonn siad le spleáchas leanúnach na margáí seirbhíse bia. Bhí dianchlár samplála uisce dírite i gCuan Bhanú chun foinse an E.coli a aithint agus straitéisí coiscitheacha truaillithe a chur in iúl a chosnóidh táirgeacht sliogéisc.

Scaipeadh torthaí caighdeán uisce do tháirgeoirí oisre agus údaráis bhainteacha agus údaráis áitiúla chun bearta a chosnódh Limistéir Tháirgthe Shliogéisc a chur in iúl.

## Measúnuithe Seandálaíochta - Seirbhísí Tionscail Dobharshaothraithe

Mar gheall ar imní go bhféadfadh struchtúir fhísiciúla de luach oidhreacht seandálaíochta a bheith i gceantair ina ndearnadh iarratas ar cheadúnais dobharshaothraithe, d'iarr an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara gur cheart iniúchadh a dhéanamh ar athbhreithnithe ar fhorlú spásúil an dobharshaothraithe sna limistéir seo - a mheastar a bheith tábhachtach. Cuirfidh sé seo ar chumas oibreoirí dobharshaothraithe cloí leis an reachtaíocht náisiúnta, agus ag an am céanna bonn eolais a chur faoi phleanáil spásúil mhuirí. Ceapadh speisialtóirí seandálaíochta mara faoi chreat ilpháirtí. Críochnaíodh dhá larradh forlúntach ar Thairiscint do Shuirbhéanna tumadóireachta sa tSnáidhm agus i gCill Mocheallóg agus do Shuirbhéanna deisce agus geofisiceacha i gCuan Chionn tSáile le measúnú ar thionchar seandálaíochta faoi uisce.

# Iomaíochas



## Réamhrá

Tá BIM dírithe ar bhuntáiste iomaíoch a thiomáint d'earnálacha ar fad an tionscail trí seirbhísí dírithe bunaithe ar éifeachtacht a thiomáint, comhtháthú seirbhísí digiteacha agus seirbhísí léargais ghnó a chur ar fáil. Seoladh an Scéim Tacaíochta Caipitil um Próiseáil an Bhreathimeachta le linn na bliana freisin. Bhí an scéim seo lárnach i soláthar cúnamh airgeadais a bhí ag teastáil go géar, i bhfoirm deontas caipitil, chun tacú leis an earnáil próiseála i margadh domhanda atá ag éirí níos iomaíche.

## Cúlchiste Coigeartaithe Breatimeachta (BAR)

Thosaigh maoiniú faoin gCúlchiste Coigeartaithe Breatimeachta (BAR) ag feidhmiú le linn 2022. Tá an BAR maoinithe ag an AE agus cuireann sé tacaíocht airgeadais ar fáil do Bhaill Stáit, réigiúin agus earnálacha a raibh an tionchar is mó ag an mBreatimeacht orthu. Toisc gurb í an Ball Stáit a raibh an tionchar is mó ag an mBreatimeacht uirthi, fuair Éire leithdháileadh suntasach de luach thart ar €1 billiún, nó thart ar 20% an Chúlchiste iomlán.

Osclaíodh roinnt scéimeanna a bunaíodh mar thoradh ar mholtaí an Tascfhórsa Bia Mara a thuairiscigh don Rialtas in 2021 in 2022. Cuirtear tacaíocht don earnáil iasc geal i bhfoirm Scéime Sealadaí Scoir, d'árthaigh chladaigh trí Scéim Coigeartaithe Múnla Gnó Cladaigh agus Scéim Fhorbartha um Fhiontair an Gheilleagair Ghoirm, chomh maith le scéimeanna maoinithe caipitil do na hearnálacha próiseála agus do bharrshaothraithe.

Is í aidhm na scéimeanna seo ar fad ná an earnáil a fhorbairt agus a athchóiriú, ag cinntiú cabhlaigh iascaireachta brabúsach agus inbhuanaithe, agus chun deiseanna fostaíochta agus gníomhaíochta eacnamaíochta a aimsiú i bpobail chósta atá ag brath ar an iascaireacht.

Bunaithe ar leibhéal suime suntasach sna scéimeanna BAR próiseála agus do bharrshaothraithe, táthar ag súil go dtiocfaidh méadú ar leibhéal na hinfheistíochta príobháidí in 2023, toisc go bhfuil leibhéal shuntasacha maoinithe comhoiriúnaithe ag teastáil don mhaoiniú faoi na scéimeanna seo.

Is í ceann de na scéimeanna is tábhachtaí a seoladh in 2022 faoin gCúlchiste Coigeartaithe Breatimeachta ná scéim dheonach díchoimisiúnaithe. Is é cuspóir na

scéime seo ná cothromaíocht idir acmhainn cabhlaigh agus na cuótaí atá ar fáil a thabhairt ar ais tar éis laghdúithe cuóta a d'eascair mar gheall ar an mBreatimeacht, agus brabúsachta an chabhlaigh sa todhchaí a chinntiú.

Bhí tionchar ollmhór ag an mBreatimeacht ar earnáil iascaigh na hÉireann. Déanann an Scéim Díchoimisiúnaithe iarracht na háirde sa chabhlaigh a athchothromú leis an gcuóta atá ar fáil, ag cabhrú leis na daoine atá fágtha, slí bheatha inbhuanaithe, inmharthana a bheith acu

Tá sí dírithe ar áirde iasc geal agus trál bíoma agus osclaíodh le haghaidh iarratas í i Meán Fómhair 2022. D'aontaigh an Tascfhórsa Bia Mara, a mhol an scéim seo, ar sprioc timpeall 60 áirde iasc geal agus trál bíom le hacmhainn iomlán 8,000 olltona chun brabúsacht cabhlaigh iasc geal na hÉireann a chinntiú sa todhchaí, le timpeall 170 áirde fágtha.

Dúnadh iarratais ar an scéim i mí na Samhna 2022 nuair a bhain 57 soitheach le holltona iomlán de 8,700 GT ar dhíchoimisiúnú. Eisíodh litreacha tairisceana do na soithí seo agus tosaíodh an próiseas chun na soithí a ghlacann leis na tairiscintí seo ar dhíchoimisiúnú. Táthar ag súil go mbeidh an scéim críochnaithe faoi dheireadh 2023.

## Grúpa Athbhreithnithe an Chomhbheartais Iascaigh (CFP)

I mí Feabhra 2022, bhunaigh an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara, Charlie Mc Conalogue T.D., Grúpa Athbhreithnithe CFP chun iniúchadh a dhéanamh ar na fadhbanna a tháinig chun cinn i gcomhthéacs an Athbhreithnithe CFP, chun comhairle a thabhairt don Aire maidir le tosaíochtaí do chainteanna, agus chun straitéisí is dóichí tionchar a bheith acu ar thoradh an athbhreithnithe a aimsiú.

Faoin gcathaoirleach John Malone, iar-ArdRúnaí na Roinne Talmhaíochta agus le cabhrú coiste stiúrtha, cuimsíonn an grúpa ionadaithe ó eagraíochtaí táirgeora, an NIFF, an earnáil do bharrshaothraithe, comharchumainn, an earnáil phróiseála bia mara agus ionadaithe ENRanna comhshaoil. Mar chuid den phróiseas, osclaíodh comhairliúchán poiblí i mí Aibreáin 2022, ag lorg aighneachtaí scríofa nó tuairimí ón bpobal, agus faoi dheireadh, bhí 108 aighneacht san iomlán.

Agus a chuid moltaí á gcur i gcríoch aige, d'iarr an tAire ar an nGrúpa Athbhreithnithe díriú ar cheithre réimse straitéiseach:

- 1 **Ag tacú le sláinte shóisialta agus eacnamaíoch phobal cósta na hÉireann a bhíonn ag brath ar iascaigh**
- 2 **Forbairt eacnamaíochta na hearnála bia mara**
- 3 **Ag cur inbhuanaitheachta fadtéarmaí stoc éisc ar fáil**
- 4 **Ag uasmhéadú cosaint gnáthóige agus na timpeallachta muirí**

Bhuail an grúpa le chéile sé huair sular chuir siad tuarascáil deiridh ar fáil don Aire. Ar an iomlán, chuir an coiste 35 moladh ar aghaidh faoi na buncheannteidil seo a leanas: Breatimeacht agus an Comhaontú Trádála agus Comhoibrithe (TCA), an Timpeallacht, agus Dobharshaothrú.

## Ag Éascú na Straitéise Peiligí

D'aithin BIM roinnt tionscadail forbartha do 2022 atá ailínithe leis an bplean straitéise peiligí. I gcomhar leis an Institiúid Mhuirí agus Eagraíocht Iascaire na gCealla Beaga, rinneadh scanóirí a imlonnú ag trí mhonarcha phróiseála peiligí chun ronnaigh a raibh clibeanna orthu a aimsiú. Tá bailiú agus anailís sonraí athghabhála mar chuid de thionscadal Eorpach a lorgaíonn tuiscint a mhéadú ar bhithmhais agus dháileadh stoic agus ar phatrúin imirceacha ronnaigh. Tiocfaidh an t-eolas isteach i Measúnuithe Stoic Bliantúla ICES do ronnaigh agus feabhsóidh sé cinntí bainistíochta i gcoitinne chomh maith le hinbhuanaitheacht stoic fadtéarmach ronnach.

Rinne BIM iarracht luach an fhaoitín ghoirm a mhéadú freisin trí thrialacha forbartha táirgí aerthriomaithe. Tástáladh réimse táirgí de luach níos airde sa mhargadh agus aithníodh na próisis is oiriúnaí, úsáid fhuinnimh in-athnuaithe san áireamh. D'oibrigh BIM go dlúth le próiseálaithe peiligeacha chun cabhrú le rochtain a fháil ar thacaíocht mhaoinithe trí an Scéim Tacaíochta Caipitil um Próiseáil an Bhreathimeachta.

Tá an chuid is mó de phróiseálaithe peileagacha ag cur tionscadail isteach chun a bheith níos glaise, níos éifeachtaí agus níos mó luacha a asbhaint as an amhábh ar fáil. Táthar ag súil go mbeidh caiteachas caipitil iomlán don earnáil pheileagach níos mó ná €30 milliún.

## Forbairt Straitéise Iasc Geal

Ag leanúint ó ghealltanas le tionscal, forbraíodh straitéis ghrinnill agus plean feidhmithe chun deiseanna cruthú luacha a aimsiú trasna an tslabhra soláthair. Mar chuid den straitéis seo, cuireadh páirtithe leasmhara faoi agallamh, aithníodh áisitheoirí agus constaicí d'fhorbairt earnála agus tugadh eolas faoi fhís agus cuspóirí. Tá na cuspóirí ar aon líne le straitéis BIM agus Foodwise 2025, maidir le maolú 70% toirt gabhála grinnill á easpórtáil i bhfoirm tráchtearra. Oibreoidh BIM le páirtithe leasmhara tionscail in 2023 in aithint agus i gcur i bhfeidhm tionscadal cruthaithe luacha.

## Staidéar Saothair

Cuireann anailís lucht saothair earnála bia mara na hÉireann mionanailís ar fáil ar ghnéithe fostaíochta na hearnála. Léiríonn na príomhthorthaí go bhfuil an múnla iascaireachta sciartha chun cinn ar na cabhlaigh ar fad seachas an earnáil pheiligeach, ina bhfuil an chuid is mó den fhoireann fostaíthe ar bhunús PAYE.

Go hiondúil, ceapann an fhoireann go bhfuil an múnla iascaireachta sciartha tairbheach chun ioncam a uasmhéadú. Deirtear gur buntáistí tábhachtacha fostaíochta ÍMAT iad rochtain a bheith agat ar leas sóisialta agus cinnteacht maidir le hioncam.

Is fearr le fostóirí socruithe iascaireachta a roinnt, ag tagairt do sholúbthacht gnó agus ualach beag riaracháin. Rinneadh tagairt do chostais níos airde fostaíochta ÍMAT mar gheall ar ÁSPC fostóirí, cearta fostaíthe ÍMAT ar shaoire le híocaíocht agus costais eile.

Maidir le bacainní earcaíochta, áirítear dearcadh diúltach an tionscail mar thionscal atá ag meath, iomaíocht d'obair ísealoilte in earnálacha eile, tuilleamh níos lú san earnáil iasc geal, rochtain do leas sóisialta agus ualach riaracháin comhlíonta cánach d'iascairí.

## Grúpa Oibre Sonraí agus Léargais

Mar gheall ar an méid mór sonraí a bhainistíonn BIM ar son na hearnála bia mara, tá sé ríthábhachtach na hacmhainní sonraí a chosaint agus sonraí bia mara a bhainistiú ar bhealach a uasmhéadaíonn buntáistí don earnáil.

In 2022, chuir an Grúpa Oibre Sonraí agus Léargas ceardlanna míosúla ar fáil trasna na heagraíochta chun chur i bhfeidhm éifeachtach ar straitéise sonraí a bhaint amach. Is í aidhm na straitéise seo ná sonraí straitéiseacha a dhaingniú chun táirgeadh léargais a éascú, tuarascálacha tábhachtacha a scríobh agus iarratais a úsáideann tacair shonraí éagsúla a fhorbairt.

Áirítear bunú Choiste Stiúradh Sonraí BIM, cruthú catalóige sonraí BIM agus ceapachán cosantóirí sonraí inmheánacha laistigh d'aonaid ghnó BIM sna príomh-gníomhartha atá aitheanta.

## Clár Suirbhé Sliogiasc Suirbhé Síil Diúilicín

Chun táirgeadh sliogéisc a uasmhéadú, tá bailiúchán agus cumarsáid sonraí ceantair ríthábhachtach chun tacú leis an iascach diúilicín síolraithe, chun caitheamh breosla iontaise ag an earnáil a íoslaghdú agus sonraí a shaothrú i dtacaíocht le modhanna bainistíochta inbhuanaithe.

In 2022, caitheadh sé seachtaine san iomlán ar muir ag lorg agus ag déanamh measúnaithe ar bheirtreacha diúilicíní. Aimsíodh cúig lonnaíocht ar an gcósta thoir (Loch Garman agus Cill Mhantáin go príomha), a raibh timpeall 11,250 tona i gceist leo. Aimsíodh lonnaíocht eile sa Chromán, lena bhain 2,122 tona.

Thacaigh tonnáiste aimsithe le hoscailt iascaigh ag tús mhí Mheán Fómhair ar an gcósta thoir agus ag tús mhí Dheireadh Fómhair don Chromán. Rinneadh dhá bhabhta scagthástála géiniteach (thart ar 600 diúilicín ar leith) ar phlotaí tástála freisin chun maireachtáil thréithchineála éagsúla diúilicíní athsheachadta a mheasúnú.

## Forbairt Feamainne

Cuireann treoirleá straitéiseacha le haghaidh do bharshaothraithe AE níos inbhuanaithe agus níos iomaíche béim ar an ngá atá ann feirmeoireacht algaí a chur chun cinn chun cabhrú le roinnt cuspóirí Socraithe Glas na hEorpa a bhaint amach. Is féidir le feirmeoireacht algaí cabhrú le cuspóirí náisiúnta agus AE maidir le dhíchárbónú, truailliú nialasach,

ciorcaíocht, cosaint éiceachórais, athbhunú bithéagsúlachta agus forbairt seirbhísí timpeallachta a bhaint amach.

Thacaigh an clár forbartha feamainne, maoinithe ag an EMFAF, le hearnáil fheamainne na hÉireann trí roinnt tionscadal. Cuireadh clár meantóireachta i ngorlann agus teicnící síolraithe ar fáil do bhaill tionscail. Thacaigh BIM leis an úsáid agus luathbhaisc sreangán síolraithe chun dul i ngleic le coinníollacha fo-optamacha imlonnaithe ag deireadh an fhómhair/tús an gheimhridh ar shuíomh sceirdiúil.

Léiríonn na torthaí go dtí seo gur éirigh go maith leis an tionscnamh seo agus b'fhéidir go mbeadh sé inmholta é a chur i bhfeidhm go luath chun bagairt stoirmeacha an gheimhridh a sheachaint. Rinneadh triail ar mhodh síolaithe nua, ar a dtugtar síolú díreach, chun costais agus daonchumhachta a laghdú, agus tá straitéis nua le seoladh in 2023.

## Seirbhísí Deimhniúcháin

Tá teastas Comhairle Mhaoirseachta Muirí (MSC) ag BIM do na hearnálacha diúilicín téide agus grinnill araon in Éirinn. Léiríonn an deimhniúchán láraithe seo cur chuige nuálach maidir leis an bpróiseas deimhniúcháin agus faigheann an tionscal iomlán luach margadh an-mhaith mar gheall air.

Le linn 2022, lean diúilicíní grinnill agus téide na hÉireann dá gcuid dteastas MSC a choimeád. Tá 37 ball diúilicín téide agus 47 baill diúilicín grinnill deimhnithe ag an MSC i láthair na huairé (idir Phoblacht na hÉireann & Thuaisceart na hÉireann).

Tá an-rath ag baint le deimhniúchán orgánach maidir le táirgí do bharshaothraithe agus tá na táirgí seo á ndíol ar phraghas ard. Tá táirgí orgánacha fós ina cuid ríthábhachtach margaidh do dhobharshaothrú na hÉireann, le BIM ag cabhrú le comhlachtaí creidiúnú do chaighdeáin orgánacha AE a bhaint amach agus a choinneáil.

## Sábháilteacht Bia

Tá tástáil oisre ríthábhachtach chun comhlíontacht chriticiúil le gnásanna rialúcháin cháilíochta a léiriú agus dearbhú cáilíochta a chur ar fáil do chustaiméirí. D'fhéadfadh bagairt a bheith bainteach le láithreach Nóravíris, go háirithe i míonna an gheimhridh, agus d'fhéadfadh sé a bheith ina bhaol sláinte do thomhaltóirí. Trí iniúchadh a dhéanamh ar suas go 40 sampla a cuireadh ar fáil ón tionscal gach

seachtain - le sampláil níos minice i rith mhíonna an gheimhridh, tá forbairt ar dhea-chleachtas maidir le monatóireacht Nóravíris na n-oisrí Éireannacha atá á n-easpórtáil éascaithe.

Tá an amshraith seo tar éis cur chuige bonnlíne a fhorbairt freisin atá ar fáil d'úsáid na hÉireann chun treochtaí Nóravíris náisiúnta a bhunú agus taighde a fhorbairt a chabhróidh leis an gcaidreamh idir víreas atá tógalach agus víreas neamh-thógalach ag pointí tábhachtacha sa slabhra táirgthe an oisre.

## Sláinte agus Folláine Éisc

Deartar ceardlanna Sláinte agus Folláine Éisc chun an tionscal a chur ar an eolas agus a chumasú i gcleachtas folláine éisc agus teicnící láimhseála chun riachtanais chaighdeán rialála agus tríú páirtí do dhea-chleachtais don tionscal do bharshaothraithe a bhaint amach.

Seoladh trí cheardlann churaclam rang-bhunaithe iomlán (aitheanta do dheimhnithe caighdeáin tríú páirtí) i mí na Bealtaine agus i mí na Samhna, lena n-áirítear dhá cheardlann don earnáil mhuirí agus ceardlann amháin don earnáil fhíoruisce. Díródh na ceardlanna seo ar dhaoine aonair ar mhian leo a gcuid eolais maidir le sláinte éisc san earnáil do bharshaothraithe iasc eite a fheabhsú agus bhí spéis shuntasach ag iarrrthóirí nua iontu.

Chomh maith leis sin, bhí siad dírithe mar chúrsaí athnuachana do bhaill foirne fíoruisce agus muirí a oibríonn go díreach le, agus a bhfuil baint acu le, láimhseáil, aistriú agus marú éisc. Cuireadh seisiúin

phraiticiúla mhodúlacha eile ar fáil, a bhí dírithe ar thionchar speiceas baolach planctóin ar shláinte agus leas éisc, agus ar shampláil le haghaidh diagnóisic ghalair. Ar an iomlán d'fhreastail 115 duine ar an gcúig cheardlann.

## Ag Bailiú Sonraí Bia Mara

Seirbhís ríthábhachtach a chuireann BIM ar fáil ná bailiúchán, anailís agus tuairisciú sonraí socheacnamaíochta náisiúnta ar na hearnálacha gabhála agus do bharshaothraithe don Choimisiún Eorpach. Bailítear sonraí go bliantúil trí fhoireann Suirbhéanna Náisiúnta Bia Mara (NSS) BIM. Tá an scóip agus an cineál eolais a bhailítear leagtha amach i roinnt rialacháin AE, a dtugtar an MAP AE orthu le chéile - clár ilbhliantúil an Aontais Eorpaigh do bhailiúchán, bhainistíocht agus úsáid sonraí sna hearnálacha iascach agus do bharshaothraithe, maoinithe tríd (EMFAF).

Foilsíodh torthaí NSS d'iascaigh agus do bharshaothrú In 2022 mar thuarascálacha náisiúnta ar leith agus scaipeadh ar thionscal iad. Tugann na tuarascálacha seo léargais agus treochtaí d'fheidhmiú airgeadais agus oibríochta na n-earnálacha, agus na tiománaithe atá taobh thiar de na treochtaí seo. Ina theannta sin, bhí sraith cruinnithe eolais NSS a d'óstáil BIM d'úinéirí ártach ar siúl ag roinnt calaí chun an tábhacht a bhaineann leis an suirbhé bliantúil a líonadh amach a phlé agus áiríodh taispeántais ar conas is féidir clárú le haghaidh an tsuirbhé nua ar líne agus é a líonadh amach.



Láimhseáil éisc á léiriú do mhic léinn an clár BIM le haghaidh Teastais i Scileanna an Cheannaí Éisc.

# Scileanna



## Réamhrá

Cuireann BIM na scileanna ar fáil atá ag teastáil chun tacú le hearnáil bia mara nua-aimseartha, shábháilte, phroifisiúnta, inbhuanaithe agus bhrabúsach in Éirinn.

Gach bliain, cuireann BIM níos mó ná 1,000 áit fhoirmiúil oiliúna ar fáil do mhic léinn san earnáil bia mara. Soláthraíodh iad trí réimse leathan clár oiliúna in áiteanna timpeall na hÉireann do na hearnálacha iascaireachta, do bharshaothraithe, próiseála bia mara agus miondíola.

Cuireann na cúrsaí seo réimse leathan scileanna ar fáil atá ag teastáil trasna an tslabhra soláthair iomlán, ó ghabháil go tomhaltóir. Cuireann sé sin clár i sábháilteacht mhuirí, cumarsáid raidió, teastais inniúlachta, loingseoireacht, tumadóireacht tráchtála, scileanna ceannaithe éisc agus ceannasaíocht san áireamh.

Is tacaíocht choinbhinsiúnach agus cineál aitheanta tacaíochta iad áiseanna oiliúna agus foireann BIM don earnáil. Filleann a lán mac léinn chuig BIM chun cur lena scileanna agus cur chun cinn a dhéanamh ina ngairm beatha. Cruthaíonn sé sin naisc láidre agus caidrimh bhuan idir BIM agus an tionscal.

Anuas air sin, leanann BIM ar aghaidh ag cur éagsúlachta gairmeacha san earnáil chun cinn, mar shampla ag freastal ar Chruinnithe Scoile i gCúige Mumhan agus i gCúige Chonnacht agus ag tacú le comhairleoírí gairme i meánscoileanna.

Agus ag scilbhisiú daoine don tionscal, cuireann sé cliantchuideachtaí ar an gcumas tallann a mhealladh, a choimeád agus a fhorbairt agus cabhraíonn sé leo a bhfiontair a fhás.

## Clár Ceannaireachta agus Forbartha Bainistíochta 2022

Chun fás agus forbairt a dhéanamh, ní mór do chomhlachtaí leanúint ar aghaidh ag dul in oiriúint maidir leis an mbealach a dhéanann siad gnó chun freastal ar riachtanais na gcustaiméirí agus na dtomhaltóirí atá de shíor ag athrú. Bíonn tacar scileanna éagsúil gairmiúil agus pearsanta de dhíth anseo. Chun cabhrú leis na comhlachtaí bia mara an dúshlán seo a bhaint amach, d'fhorbair BIM trí phríomhchlár - Clár Ceannasaithe atá ag Teacht Chun Cinn, Elevate agus an Clár Forbartha um Mheánbhainistíocht.

## Clár Ceannasaithe atá ag Teacht Chun Cinn

Deartar Clár Ceannasaithe atá ag Teacht Chun Cinn BIM chun oiliúint ghnó agus cheannasaíochta a sholáthair do dhaoine gairmiúla atá ag aistriú go poist cheannasaíochta sna hearnálacha gabhála, do bharshaothraithe agus próiseála ar gach leibhéal den scála. Tugann an clár an deis do rannpháirtithe athrú go ceannairí éifeachtacha, ag cur treo soiléir ar fáil agus ag seachaint na ngaistí a chasann ceannairí nua orthu go luath ina dturas ceannasaíochta.

Cuimsíonn sé sin conas tuiscint ar mhodhanna ceannasaíochta a fhorbairt agus do láidreachtaí agus laigí mar cheannaire i dtimpeallacht athraithe eacnamaíochta a thuiscint, ag forbairt cumais a bheith in ann stiúradh agus treoir a chur in iúl d'fhostaithe ríthábhachtacha. Ní dhearna go leor úinéirí agus POFanna ó ghnóthais bheaga agus mheánmhéide uasolúint i bhfoirne ceannaireachta agus ní cuireann siad ceannaireacht ar fáil ina gcomhlachtaí. Tá daoine freisin atá ag dul i dtreo poist ceannaireachta laistigh den tionscal a bhainfeadh tairbhe as a gcuid scileanna a bheachtú.

Seoladh an Clár Tallainne atá ag Teacht Chun Cinn dhá lá i mí Feabhra agus soláthraíodh ó chian é i mí na Bealtaine agus mí an Mheithimh. Dhírigh an chéad lá ar Thuiscint ar Cheannasaíocht agus Modhanna Ceannasaíochta agus dhírigh an dara lá ar Fhorbairt Acmhainn Táirgthe i dtimpeallacht Bainistíochta Athruithe. D'éirigh le ceathrar rannpháirtí ó na hearnálacha iasc geal, sliogiasc agus do bharshaothraithe an clár a chríochnú.

## Clár Elevate

Is é ceann de na dúshláin is mó atá i ndán d'fhostóirí sa tionscal sa lá atá inniu ann ná mealladh agus coinneáil tallainne. Is é atá in Elevate ná clár um chomhtháthú tallainne de chuid BIM, atá deartha chun na scileanna, eolas agus uirlisí is gá a thabhairt do gnólachtaí bia mara d'fhonn tallann a chothú sa tionscal bia mara. Dirítear an clár ar chomhlachtaí céimnitheacha bia mara agus is í an aidhm atá acu ná tacar forbartha bainistíochta tallainne a thabhairt dóibh, le tacaíocht chomhairleachta cúig lá ó shaineolaithe acmhainní daonna mar thaca leis.

Táirgeann sé sin scilbhisiú sa phróiseas earcaíochta agus ionduchtaithe, sa phróiseas forbartha proifisiúnta foirne, agus sna chleachtais ghealltanais fostaithe. Tacaíonn an tionscadal leis an earnáil bia

mara dul in iomaíocht le haghaidh tallainne agus a bheith feicthe mar earnáil fhiúntach, chorrathach a bhfuil deiseanna ann inar fhéidir le duine gairm a dhéanamh i dtimpeallacht atá i gcónaí ag éirí níos dúshlánaí. Chríochnaigh ceithre chomhlacht bia mara an clár lena n-áirítear clár scilbhisithe ceithre mí.

## Clár Meánbhainistíochta BIM

Seoladh Clár Meánbhainistíochta BIM, i gcomhar le Ibec, i mí Eanáir 2022. Cuireann an clár réimse gearrchúrsaí agus clár creidiúnaithe ar fáil chun tacar scileanna agus an cumas ag leibhéal na meánbhainistíochta a fhorbairt sa tionscal bia mara. Tá an t-ábhar go hiomlán ar líne, ag tairiscint foghlama idir píaraí agus an deis tairbhe a bhaint as sainoid agus taithí earnálacha eile. Ghlac cúigear rannpháirtí ó chomhlachtaí próiseála bia mara páirt sa chlár sa bhliain 2022.

## Coláistí Náisiúnta Iascach na hÉireann BIM (NFCI)

Ceadaítear na coláistí BIM agus an tAonad Oiliúna Cósta (CTU) ag an Roinn um Suirbhé Iompar agus Muirí (MSO) cúrsaí maidir le Caighdeáin Oiliúna agus Teastas Fairtheora (STCW) a chur ar fáil, agus teastas a eisiúint ar a son.

## Aonaid Oiliúna Cósta BIM

Cuireann BIM oiliúint dírithe ar thíreolaíoch d'iascairí timpeall an chósta trí úsáid a bhaint as dhá Aonad Oiliúna Cósta (CTUanna). Feidhmíonn na haonaid ar chóstaí thoir agus thiar na tíre agus is ionaid oiliúna for-rochtana iad a cuireann oiliúint ríthábhachtach éigeantach ar fáil don earnáil iascaireachta. Cinntíonn na bealaí seo gur féidir le hiascairí oiliúint a sheachadadh le miontionchar ar a sceidil iascaireachta. Tá na hionaid oiliúna cósta go hiomlán neamhspleách, agus cuimsíonn siad limistéar seomra ranga, oifig, agus limistéar ceardlainne praiticiúil le háiseanna ionsamhlaithe raidió agus táblaí cairteacha.

## Tionscadail Infheistíochta Chaipitiúil

Chomhlíon an tAonad Scileanna BIM roinnt infheistíochtaí caipitiúil shuntasacha le linn 2022 chun tacú le soláthair an chlár agus áiseanna oiliúna proifisiúnta. Chuir sé sin coimisiúnú foireann oiliúna raidió nua agus ionsamhlóirí loingseoireachta san áireamh. Forbraíodh na hinfeistithe seo go sonrach don tionscal oideachais agus oiliúna muirí.

Cuireann na hinsamhlóirí eispéireas ionsamhlaithe nua-aimseartha ar fáil agus cuireann feidhmiúlachtaí ar fáil a bhaineann go sonrach leis an earnáil iascaireachta.

Tá na hinsamhlóirí deartha chun fíorchoinníollacha loingseoireachta a athchruthú d'oiliúint agus cleachtadh smachta stiúrach agus loinge, agus do ghnáthamh árthaigh agus oiliúint fholáirimh ghuaise. Is é an fearas ionsamhlaithe loinge is nua-aimseartha sa tír é d'Oiliúint éigeantach Córais Loingseoireachta Leictreonach agus Ordaithe agus Smachta Loingseoireachta. Tháinig na hinsamhlóirí in ionad na seanionsamhlóirí a bhí ag obair ar ardán níos sine, agus a bhí cumhacht phróiseála teoranta agus grafaic níos moille acu. Cuireann an fearas nua an Córas Eolais agus Taispeántais Chairt Leictreonach (ECDIS) is nua san áireamh, fearas a chloíonn le riachtanais SOLAS agus gur féidir é a úsáid mar rogha eile do chairteacha páipéir ar bord soithí.

## Ionad Oiliúna chun Teacht Slán ón bhFarraige

Fuair BIM faomhadh agus maoiniú d'áis oiliúna maireachtála mara nua-aimseartha, gairmiúil in NFCI BIM an Chaisleán Nua, Co. Dhún na nGall.

Rinneadh obair shuntasach ar an tionscadal seo le linn 2022. Cuireann sé sin Céim 1 oibreacha cumasaithe san áireamh, a áiríodh ullmhú tosaigh an fhoirgnimh agus ceannach trealaimh linne.

Leis an dtionscadal seo, cruthófar Ionad Barr Feabhais Muirí atá éifeachtúil ó thaobh costas de agus a cuireann ionad oiliúna nua-aimseartha chun teacht slán ón bhfarraige ar fáil do dhaltaí agus teagascóirí ar an láthair in NFCI an Chaisleán Nua, rud a thacódh le tionscal sábháilte gairmiúil iascaireachta mara.

Tugadh faoi roinnt tionscadal infheistíochta caipitil sa bhreis chun creidiúint éifeachtachta fuinnimh inbhuanaithe réadmhaoine BIM a mhéadú. Críochnaíodh obair ar chóras teasa fíoruise nua ag NFCI an Chaisleán Nua, agus suiteáladh soilse nua LED ag NFCI Baile Chaisleán Bhéarra chun éifeachtacht fuinnimh a fheabhsú agus costais a laghdú.

## Ag Cur Gairmeacha Chun Cinn san Earnáil Bia Mara

Thug taighde a rinneadh le déanaí eolas do BIM ar an easpa feasachta ar ghairmeacha atá ar fáil do dhaoine óga san earnáil bia mara. Go deimhin, d'fhéadfadh an dearcadh diúltach sin a bheith ann maidir le gairmeacha sa tionscal. Sheol an tAonad Scileanna tionscadal in 2022 chun a réimse leathan gairmeacha i mbia mara a chur chun cinn do gach leibhéal oideachais. Ina theannta sin, bhain BIM úsáid as réimse ardán chun dul i dteagmháil le daoine óga agus na daoine a bhíonn tionchar acu orthu, chun an dearcadh diúltach atá ann faoi láthair maidir le gairmeacha i mbia mara a athrú. Áirítear ar na hardáin iad seo a leanas:

- D'oibrigh an tAonad Scileanna le chéile le comhghleacaithe trasna an BIM chun gairmeacha a chur chun cinn, ag baint úsáid as an Seomra Cianfhoghlama Dobharshaothraithe (ARC). Tugann an acmhainn oideachasúil seo cuairt ar scoileanna chun páistí agus déagóirí, daltaí na hIdirbhliana san áireamh, a mhúineadh faoi dhobharshaothrú agus gairmeacha eile le bia mara. I mí Aibreáin, d'fhreastail an ARC ar Chruinniú Scoileanna Connachta a óstáladh i gCruinneachán Aeir CLG Connachta, Béacán, Co. Mhaigh Eo, áit ar fhreastail na mílte dalta ar an imeacht ón Idirbhliain (TY), ón gCúigiú agus Séú Bliain ó réigiún Connachta. Bhí freagra an-dearfach maidir leis an seomra cianfhoghlama agus an t-eolas a roinneadh le daltaí maidir le gairmeacha san earnáil bia mara.
- Leanann an tAonad Scileanna BIM ar aghaidh ag fógairt ar [www.careersportal.ie](http://www.careersportal.ie), an príomhshuíomh gréasáin in Éirinn maidir le treoir ghairme agus chuir aiseolas ag Cruinniú na Scoileanna béim ar an mbealach a úsáideann daltaí an tairseach seo mar shuíomh gréasáin is fearr le dul chuige chun eolas gairme a fháil.
- Cuirfidh an tAonad Scileanna le cur i láthair láidir idirghníomhach ag aontaí gairme in 2023.

## Bunoiliúint Shábháilteachta

D'oibrigh an tAonad Scileanna go dlúth le tionscal agus Seirbhísí Infheistíochta BIM chun a chinntiú go raibh Cártáí Sábháilteachta BIM ag na hiarrthóirí go léir agus gur thairgeadh oiliúint BIM dóibh más bainteach. Ó mhí na Bealtaine go mí Dheireadh Fómhair 2022, chuir CTU 2 Bunoiliúint Shábháilteachta ar fáil do 67 ball foirne ar an gcósta thoir, ó Cheann Chlochair go Cé na Cille Móire, chun freastal ar éileamh na scéime.

## Cláir do Thumadóirí Tráchtála

Teastaíonn cáilíocht tumadóireachta tráchtála le haghaidh oibriúchán tumadóireachta tráchtála in Éirinn. Is iad BIM soláthróirí aonair dhá chlár tumadóireachta tráchtála QQI (Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann) in Éirinn - Oibríochtaí Tráchtála Scúbadóireachta agus Oibríochtaí Tumadóireachta le Gaireas Análaithe ón Dromchla. Cuirtear cúrsaí ar fáil ag Coláiste Náisiúnta Iascach agus Tumadóireachta na hÉireann, Baile Chaisleáin Bhéarra, Co. Chorcaí.

D'óstáil BIM cruinniú ginearálta bliantúil an Údaráis Idirnáisiúnta um Scoileanna Tumadóireachta (IDSA) ag an gCóláiste Náisiúnta Iascach agus Tumadóireachta, Baile Chaisleáin Bhéarra, i mí na Bealtaine. D'fhreastail 28 toscaire san iomlán ar an gcruinniú ag déanamh ionadaíochta do scoileanna ón Ísiltír, ón Iorua, ón Ríocht Aontaithe, ó Éirinn, ón Spáinn, ón Airgintín agus ar líne ag scoileanna ó thíortha eile.

Is é ról an IDSA ná caighdeán oiliúna a bhunú agus a chaomhnú do scoileanna tráchtála tumadóireachta a dhéanann ionadaí ar an gcleachtas is fearr idirnáisiúnta agus na riachtanais reatha do thumadóirí atá ag teacht isteach sa tionscal. Cabhraíonn an taithí agus an t-eolas a roinneann baill IDSA leo a chinntiú go bhfuil caighdeán oiliúna réalaíoch agus sábháilte ann.

## QQI Leibhéal 6 Tumadóirí Scúba Tráchtála

Is ionann an cúrsa Tumadóirí SCUBA Tráchtála agus an bunchlár don oiliúint ar fad do thumadóirí tráchtála. Dírionn an clár ar an teoiric tumadóireachta riachtanach agus na cleachtais tumadóireachta riachtanacha atá mar dhlúthchuid d'aon oibriúchán tumadóireachta tráchtála. Múintear do na mic léinn maidir leis na prionsabail a bhaineann le buntrealamh SCUBA agus an tslí ina gcuirtear i bhfeidhm é i dtimpeallacht tráchtála, chomh maith le córais shimplí chumarsáide agus prótacail sábháilteachta.

Faigheann tumadóirí máistreacht ar obair a dhéanamh faoin uisce i réimse timpeallachtaí ag baint úsáide as uirlisí tábhachtacha chun na tascanna faoin uisce a chur i gcrích. In 2022, bhain 11 mac léinn cáilíocht amach in oibríochtaí tráchtála tumadóireacht SCUBA.

## QQI Leibhéal 6 Tumadóirí le Gaireas Análaithe ón Dromchla

Is féidir le tumadóirí atá cáilithe le Gaireas Análaithe ón Dromchla feidhmiú in oibríochtaí tráchtála tumadóireachta san earnáil dobharshaothraithe. Is í Tumadóireacht le Gaireas Análaithe ón Dromchla (SSD) an cineál tumadóireachta is fearr san earnáil dobharshaothraithe. Tá a lán buntáistí sláinte agus sábháilteachta ann a chuireann an chosaint is fearr ar fáil don tumadóir, chomh maith le soláthar aeir neamhtheoranta agus soláthar neamhspleách mar chúltaca. In 2022, cáilíodh naonúr mac léinn in Oibríochtaí Gairis Análaithe ón Dromchla.

Tá tumadóirí ríthábhachtach d'oibríocht rathúil agus caomhnú feirmeacha éisc agus don chuid is mó de na gníomhartha dobharshaothraithe. Maidir leis na dualgais laethúla, áirítear baint básanna ó bhun na gcásanna/líonta, scrúdú agus deisiú líonta, athrú líonta agus cur meáchain, scrúdú ar chóras múrála, suirbhéireacht agus glanadh, suirbhé/sampláil bheantóis, monatóireacht ar bheostoic (físeán/fótagrafaíocht faoin uisce), cuardach agus aisghabháil.

Tá dhá thionscadal Eorpach ag baint úsáide as an mbáirse tumadóireachta athchóirithe, STREAM (Teicneolaíochtaí Braiteora do Chianmhonatóireacht Timpeallachta Uisce) agus STEPS (Stóráil Chórais Chumhachta agus Fhuinnimh), mar leaba tástála d'fhorbairt chórais a bhainfidh an earnáil dobharshaothraithe tairbhe astu.

## Foghlaim Dhigiteach

Leanann BIM ag forbairt a dtairisceana ar líne chun tacú le agus teacht leis an réimse leathan oiliúna a bhíonn ar siúl ar an láthair. Áiríonn sé sin úsáid an ardáin fhoghlama Canvas, chomh maith le roinnt cúrsaí gearra a cuireadh ar fáil do chliant ar líne amháin.

Ina theannta sin, d'oibrigh an tAonad Scileanna BIM go dlúth leis an Aonad Deontas BIM chun oiliúint ar líne agus maoiniú a chur ar fáil mar chuid den Scéim Coigeartaithe Múnla Gnó Chois Chladaigh an Bhreathimeachta.

Dearadh an scéim ghearrthéarmach seo chun cabhrú leis an earnáil aghaidh a thabhairt ar na coinníollacha casta trádála a bhí i ndán dóibh mar thoradh ar an mBreathimeacht. Ceapadh í chun tacú leis an earnáil chois chladaigh dul i dtaithe ar na fírinne margaidh nua iar-Breathimeachta agus cuireann siad tairbhe réadúil agus praiticiúil ar fáil trí réimse cúrsaí atá inrochtana go héasca. Cabhróidh sé sin leis an earnáil a scileanna a threisiú agus deiseanna nua a aimsiú dár ngnóthaí.

Chun deontas a fháil, ní mór d'iarrthóirí ar a laghad ceann amháin den chúig chúrsa oiliúna ar líne a chríochnú chun na scileanna atá ag teastáil chun dul i dtaithe ar na fírinne margaidh nua iar-Breathimeachta a bhaint amach. Cuireann na cúrsaí seo ar chumas na n-úinéirí árthaigh deiseanna margaidh nua a aimsiú dá ngabháil; a bpleananna gnó a athrú chun míniú a thabhairt ar na coinníollacha margaidh nua; teicneolaíocht dhigiteach a úsáid chun dul i dteagmháil go díreach le custaiméirí; cabhrú leo luach a ngabhála a uasmhéadú agus taispeáin dóibh conas rochtain a fháil ar mhargaí eile.

Mar chuid den scéim, cuireadh oiliúint ar fáil do 801 iascaire, agus cuireadh maoiniú de luach €2,661,900 ar fáil le deontais.

## Teastas i Scileanna Ceannaí Éisc

In 2022, cuireadh an clár seo i láthair ar thrí ócáid, i bpríomhoifig BIM i nDún Laoghaire, i mBinn Éadair agus i Mol Nuálaíochta Bia Mara BIM, Cloich na Coillte, Co. Chorcaí. Deartar an clár chun eolas agus scileanna riachtanacha a mhúineadh d'fhoghlaiméoirí ionas go mbeidh siad in ann oibriú go cumasach i miondíol bia mara. Rinne foghlaiméoirí staidéar ar réimse leathan topaicí lena n-áirítear sláinteachas bia, measúnú ar chaighdeán bia mara agus seirbhís do custaiméirí. Bhí an deis acu freisin a scileanna bia agus a scileanna teicniúla um éisc a fhilleáid a fhorbairt.

Faigheann céimithe an chláir seo Teastas sainchuspóireach QQI Leibhéal 5 i Scileanna Ceannaithe Éisc, cáilíocht ghairmiúil a aithnítear ar fud na tíre agus timpeall an domhain.



## Oiliúint Seirbhíse Bia

Ag obair le hollscoileanna teicneolaíochta agus coláistí lónadóireachta ar fud na tíre, thairg BIM máistir-ranganna bia mara in ullmhú éisc agus teicnící filléid do mhic léinn scileanna cócaireachta. Le linn na n-imeachtaí, roinneann ceannaí éisc a gcuid eolais leo chun a gcuid eolais, tuisceana agus léirthisceana a fhorbairt i dtaca le bia mara na hÉireann. Le linn 2022, rinneadh trí máistir-rang bia mara a sheachadadh.

## Blas an tAtlantach (Taste The Atlantic)

Is chomhthionscnamh é Blas an tAtlantach (TTA) le Fáilte Ireland a chuireann conair bia mara ar Shlí an Atlantaigh Fhiáin chun cinn le taitneamhachtaí cuairteora chun béim a chur ar oidhreacht bia mara agus chósta na hÉireann. Rinneadh athbhreithniú iomlán ar na 21 táirgeoir a bhí páirteach sa chlár seo i dtús 2022, agus thaispeáin na torthaí gur gá tuilleadh feasachta a bhaint amach trí na meáin shóisialta maidir le trialacha TTA. Cuireadh é sin i bhfeidhm le Clár an Chócaire Óig Blas an tAtlantach.

Rinneadh forbairt ar Chlár Ambasadóir an Chócaire Óig i 2022 bunaithe ar rath tosaigh an chlár in 2021. Roghnaigh comhpháirtithe an chlár, Chef Network, cúigear cócaire óg ó thimpeall na hÉireann. Rinneadh obair fhorbartha ar réimse leathan áiseanna na 21 táirgeoir ar shlí an TTA i gcomhairle le Fáilte Ireland. Leagadh sprioc 10 táirgeoir amach d'fhorbairt na dturas in 2022. Baineadh an sprioc seo amach, agus rinneadh forbairtí in ocht suíomh le linn na bliana.



**Diarmuid Kelly, Kelly Oysters le Roann Byrne, duine de chúigear Ambasadóir Chef Óig BIM Blas an Atlantaigh 2022.**

Baineadh méid shuntasach clúdach meán amach ó réimse gníomhartha a bhaineann leis an TTA, ó na hAmbasadóirí Cócaire Óig go seoladh na dturas nua. Is tacaíocht shuntasach í seo don sprioc ceadúnais shóisialta a dtacaíonn an ghníomhaíocht leo. Measadh clúdach meán (gan na meáin shóisialta a chur san áireamh) ar 500,000 duine in 2022 timpeall na hÉireann le leathadh leathan réigiúnach. Ina theannta sin, bhí tuairimí ón gclúdach seo sna meáin go huile is go hiomlán dearfach.

## Sábháilteacht Bia, Cáilíocht Bhia Mara agus Scileanna Teicniúla

I rith 2022, d'fhorbair BIM a gcumas le foghlaim chumaisc, mar shampla foghlaim leictreonach agus seomra ranga fíorúil, a chur san áireamh ina gclár shláinte bia. Rinne BIM triail ar sheachadadh roinnt clár ar líne nach raibh creidiúnú acu. Ciallaíonn sé seo go bhfuil an comhlacht in ann leanúint ag cur oiliúna agus comhairle sláinte bia ar fáil do chustaiméirí in ainneoin dúshláin gheografaíochta. D'éirigh go maith le cúrsa oiliúna píolótach um Ionduchtú Sláinteachais Bia Mara a cuireadh ar fáil i 2022. Thug sé seo léargas agus aiseolas maith do BIM chun cláir eile i sláinte bia ar líne a fhorbairt.

Cuireadh cúrsaí oiliúna gairid eile ar fáil go cianda do chustaiméirí i 2022, mar shampla Lipéadú Bia Mara agus Cothú Bia Mara, agus d'éirigh thar barr leo agus fuair siad aiseolas dearfach ón tionscal.

## Ceardlanna AGPRC maidir le Bia Mara

Reachtáil foireann Sláinte Bia BIM dhá cheardlann AGPRC (Pointí Criticiúla Rialaithe Riosca Feidhme) i gCorcaigh agus i Sligeach in 2022. Is riachtanas dlíthiúil é go dtáirgtear bia mara ar bhealach sábháilte, ag cloí le gach riachtanas Reachtaíochta Sláinte Bia.

Tá an cheardlann phraiticiúil dhá lá seo deartha chun faisnéis agus cumas a chur ar fáil do thionscal le prionsabail bhainistíochta sláinte bia atá córas bunaithe an AGPRC a fhorbairt agus a nuashonrú i bhfiontar bia mara. Tugtar léargas ar reachtaíocht shábháilteachta bia agus an tábhacht a bhaineann le dea-chleachtas sláinteachais do rannpháirtithe. Tar éis sin, tugtar réamhrá ar AGPRC bia mara agus treoir céim ar chéim ar chur i bhfeidhm prionsabal an AGPRC. Tá an cheardlann ar oscailt do dhaoine gur mhian leo níos mó eolais a fháil ar bhainistíocht shábháilteachta bia i bhfiontar bia mara. Tá spéis ar leith ag bainisteoirí cáilíochta, bainisteoirí táirgthe, maoirseoirí, ceannairí foirne AGPRC agus baill foirne AGPRC atá ag obair i ngach earnáil den tionscal bia mara ann.

## Dearbhú Cáilíochta

Tá BIM dearbhaithe ag Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI) chun cláir oiliúna a chur ar fáil, agus bronntar gradaim ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí (NFQ) orthu mar thoradh air sin. Chuir BIM cláir ar fáil in 2022 agus mar thoradh orthu, bronnadh gradam NFQ maidir le scúbadóireacht tráchtála, tumadóireacht chladaigh gairis anáilaithe, próiseálaithe innealtóireachta muirí agus scileanna ceannaithe éisc.

Le linn 2022, lean BIM le forbairt a dhéanamh ar an gcóras Dearbhaithe Cáilíochta (QA), lena n-áirítear bunú comhairle acadúil. I measc baill an chomhairle acadúla tá saineolaithe neamhspleácha in oideachas agus in oiliúint agus áirítear lena shainchúram monatóireacht a dhéanamh ar cháilíocht, teagasc, foghlaim agus measúnú. Táirgeadh an tuarascáil bhliantúil um Dhearbhú Cáilíochta i mí na Nollag, a ghabhann feabhsuithe cáilíochta a rinneadh le linn 2022 agus a dhéanann moltaí d'fheabhsuithe eile ar an gcóras um Dhearbhú Cáilíochta.

D'fhorbair BIM an Coiste Oiliúna agus Forbartha atá acu cheana féin. Tá sé mar chúram ar an gcoiste tacú le forbairt Straitéise Oiliúna agus Forbartha BIM do na coláistí agus do na hAonaid Oiliúna Chósta agus tosaíochtaí straitéiseacha cuí a shocrú. I measc na n-athruithe sa choiste, bhí ceapachán cathaoirligh nua agus beirt bhall nua. Bhuaill an coiste le chéile ar dhá ócáid ag deireadh 2022, agus thosaigh siad ar fhorbairt straitéise scileanna, chun dul i ngleic le dúshláin agus deiseanna na hearnála bia mara.

Rinneadh iniúchadh ar an gcóras Bainistíochta Cáilíochta (QMS) ag comhlacht deimhnithe neamhspleách ar sholáthar oiliúint agus oideachas muirí sa Choláiste Náisiúnta Iascaigh (NFCI) sa Chaisleán Nua, Co. Dhún na nGall agus i mBaile Chaisleáin Bhéarra, Co. Chorcaí i mí Eanáir agus i mí Iúil 2022. Dearbháíodh go raibh an QMS fós ag comhlíonadh riachtanais ISO 9001:2015, agus níor aithníodh aon neamhchomhréireachtaí. Tá gach clár oiliúna a cheadaíonn an Oifig Suirbhé Mara (MSO) sa Roinn Iompair san áireamh san scóip a bhaineann leis an QMS agus le dearbhú ISO 9001:2015.

Cuireann an QMS chur chuige comhordaithe i bhfeidhm maidir le foghlaim, ag déanamh cinnte de go bhfaigheann mic léinn an t-ardchaidheán teagasc céanna ar fud na láithreán oiliúna go léir.





## Scéim Oiliúna do Bhia Mara

Tugann an Ciste Eorpach um Mhuirí agus Iascaigh (CEMI), ceann de na Cistí Straitéiseacha agus Infheistíochta Eorpacha (ESIF), tacaíocht do chur i bhfeidhm an Chomhbheartas Iascaigh (CFP) athraithe agus Polasaí Mhuirí Comhtháite an AE. Is é cuspóir an chiste ná tacú le fás inbhuanaithe lascaigh agus Dobharshaothraithe trí oiliúint ghairmiúil, scileanna nua agus foghlaim fad saoil a fhorbairt.

Faigheann foghlaimeoirí atá ag tabhairt faoi oiliúint BIM tacaíocht ó mhaoiniú CEMI. Ina theannta sin, tacaítear le roinnt cúrsaí a chuirtear ar fáil go seachtrach freisin, chun cur ar chumas daoine aonair a gcuid scileanna gairmiúla a fhorbairt don earnáil bia mara.

Le linn 2022, fuair 248 foghlaimeoir cúnamh deontais ar luach iomlán de €148,545. Ba ardú 143 tairbhí é seo faoin scéim bliain ar bhliain agus ardú de €37,545 i maoiniú.

In 2022, d'oibrigh An tAonad Scileanna ar fheabhsúcháin chun an t-iaratas ar mhaoiniú faoin scéim a dhéanamh níos simplí d'úsáideoirí agus chun an próiseas a dhéanamh níos freagrúla do ghléasanna soghluaiste. Leanann BIM ag cur chun cinn agus ag forbairt na scéime do thionscal agus ag leathnú cáilitheachta don scéim laistigh de pharaiméadair Phlean Gníomhaithe CEMI.

## Oibríthe Imirceacha sa Tionscal Bia Mara

Deartar an córas ceadúnais chun freastal ar dhaoine nach bhfuil ón Aontas Eorpach, bearnaí i scileanna agus saothar oibre a líonadh, ar mhaithe le geilleagar na hÉireann ar bhonn gearrthéarmach go meántéarmach.

Chríochnaigh 46 imirceach iascaire nach ón gComhchoiste an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch iad (3.51% de sholáthar oiliúna iomlán an BIM in 2022) Oiliúint Bhunúsach Slándála chun glacadh le poist mar bhall foirne ar chabhlaigh iascaireachta atá cláraithe in Éirinn. Leanann BIM ag obair go dlúth leis an gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre (WRC) chun oiliúint a chur ar fáil d'fhoireann Fhiosrúcháin Iascaigh, chun feachtas a chothú ar an scéim le tionscal agus chun a chinntiú go bhfreastalaítear ar iascairí nach ón gComhchoiste an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch iad, ar chúrsaí oiliúna BIM de réir mar is gá.

Chríochnaigh ceathrar cigire WRC oiliúint in 2022 ar mhaithe le hiad a cheapadh le tabhairt faoi iniúchadh iascaigh. Cinntíonn sé seo gníomhú le tionscal ar mhaithe le comhlíonadh a chinntiú, le feachtas feachtas agus oideachais a chur ar fáil leis an earnáil iasc geal, tabhairt faoi iniúchadh ar chabhlaigh iasc geal chun sárúithe a aimsiú, agus, de réir mar is gá, ionchúisimh a thosú.

Áirítear ar na sárúithe ar dhlí fostaíochta a aimsíonn an WRC, teip taifeadta a choimeád nó a chur ar fáil maidir le saoire poiblí agus teidlíochtaí maidir le hobair ar an Domhnach, ag obair gan cead agus teip duilíní pá a eisiúint.



## Oiliúint Tionscail Bia Mara

### Tinreamh Oiliúna Tionscail Bia Mara BIM ar fud na n-ionad oiliúna uile in 2022

Cur Síos ar an gCúrsa Iomlán

Deimhniúcháin na Roinne Iompair (DoT)	Na hIonaid ar fad
Deimhniúchán Iomlán Athlámhe an DoT um Oifigigh Deice (Árthach Iascaireachta)	38
Deimhniúchán Teoranta Athlámhe an DoT um Oifigigh Deice (Árthach Iascaireachta)	1
Oifigeach Innealtóireachta DoT (Árthach Iascaireachta) Aicme 2	1
Oilteacht Báid Phaisinéirí DoT	50
Cúrsa Rialaithe Loingseoireachta (NCC) (Iascaireacht)	21
Córais Leictreonacha Loingseoireachta (ENS) (Iascaireacht)	30
<b>Fo-iomlán</b>	<b>141</b>

### Sábháilteacht ar Muir

Bunoiliúint Sábháilteachta Éigeantach 3 Lá, a bhfuil Cárta Oiliúna Sábháilteachta BIM mar thoradh air	462
Clár Fondúireachta Mairnéalach Boird	9
IMO (an Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta) Teicnící Maireachtála Pearsanta STCW	124
IMO (an Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta) Cúrsa Bunaidh sa Gharchabhair ar Bord Loinge (EFA Amháin)	4
IMO (an Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta) Comhrac Dóiteáin Muirí STCW (3 Lá)	98
IMO (an Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta) Ard-Chomhrac Dóiteáin STCW (5 Lá)	39
IMO (an Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta) Garchabhair Leighis STCW (3 Lá)	49
IMO (an Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta) Cúram Leighis ar Bord Loinge STCW (5 Lá)	50
<b>Fo-iomlán</b>	<b>835</b>

### Cumarsáid Raidió

Teastas Gearrthréimhseach GMDSS (Córas Domhanda Guaise agus Sábháilteachta Muirí)	63
Teastas Oibrítheoirí Ginearálta GMDSS (Córas Domhanda Guaise agus Sábháilteachta Muirí)	44
<b>Fo-iomlán</b>	<b>107</b>

### Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI) cláir oiliúna bailíochtaithe

Teastas QQI i Scileanna Ceannaí Éisc	18
Oibríúcháin Tumadóirí Scúba Tráchtála QQI	11
Oibríochtaí Tumadóireachta Análaithe ón Dromchla QQI	9
Próisis Innealtóireachta Muirí QQI (MEP)	12
<b>Fo-iomlán</b>	<b>50</b>

### Próiseáil, Miondíol agus Dáileadh Bia Mara (Uasoiliúint neamhchreidiúnaithe)

Ceardlann Dhá Lá ar Bhia Mara AGPRC	16
Cúrsa Tosaigh Láimhseála Éisc agus Filléadaithe Éisc	21
<b>Fo-iomlán</b>	<b>37</b>

### Soláthar Iomlán Oiliúna

**1170**

# Nuálaíocht



## Réamhrá

Mar chatalaíoch do nuálaíocht, tacaíonn BIM le hoibrítheoirí iascaireachta na hÉireann chun cleachtas agus smaointe nua a aithint, a thástáil, a mheas agus a chur i bhfeidhm. In 2022, d'oibrigh Mol Nuálaíochta Bia Mara (SIH) de chuid BIM le níos mó ná 45 cliant aonair sa tionscal bia mara, ag cur tacaíochta ar fáil maidir leis na teicneolaíochtaí is déanaí chun an earnáil phróiseála a chur chun cinn. Lean an Clár Luasaire Dobharshaothraithe ag mealladh infheistíochta agus cuideachtaí nua chuig tionscal na teicneolaíochta uisce in Éirinn le maoiniú próbháideach arbh fhiú €1.4 milliún agus cruthaíodh 145 post san iomlán faoi dheireadh 2022.

## Mol Nuálaíochta Bia Mara

Cuireann an Mol Nuálaíochta Bia Mara (SIH) próiseas deartha nuálaíochta i bhfeidhm chun tacaíochtaí a bhaineann go sonrach le bia mara a chur ar fáil ar féidir leo luach breise a chur leo. Áirítear leis sin plé a éascú maidir le indéantacht theicniúil, inmhianaitheacht an mhargaidh agus inmharthanacht tráchtála, torthaí a léirmhíniú agus teacht ar phlean gníomhaíochta trí thoradh a bhaineann go sonrach le gnó.

D'oibrigh an SIH le 45 cliant iascaireachta aonair ar réimse leathan tionscadal agus seirbhíse nuálaíochta éagsúla. Bhí 149 idirghníomhaíocht fhoirmiúil idir na tionscadail agus na seirbhíse nuálaíochta éagsúla, bhí 88 seirbhís do chliant agus 17 tionscadal mar thoradh air sin. Chuir an SIH a sheirbhís ar fáil trí 'trí lionsa' den nuálaíocht a chruthú, lena n-áirítear cumas teicniúil, éifeachtacht airgeadais agus léargais ar an margadh. Cuireadh na seirbhíse nuálaíochta ar fáil ar fud réimse leathan speicis bia mara, lena n-áirítear 15 lasc Geal, 11 Salmainid, 15 Peileagach, agus 55 speiceas ilghnéitheach. Bhí 78 de na seirbhíse sin dírithe ar luach a chur leis an earnáil, agus bhí 27 dírithe ar laghdú costais.

## Ag Forbairt Baoite Chumtha - Iascach Tráchtála Cuachma

Tá BIM, an t-Ionad Taighde Fíoruisce agus Mara ag OTA (Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh) Gaillimh, agus iascairí agus próiseálaithe cois chladaigh (Grúpa Tagartha Cois Chladaigh-IRG) ag obair le chéile chun foinsé baoite éifeachtach ó thaobh costais de, iontaofa agus inbhuanaithe a aimsiú d'iascach cuachma pota na hÉireann.

Táirgeadh baoití iarrthóra agus rinneadh trialacha taiscumair beo ag an ATU. Chomh maith le feidhmiú na baoite (gluaiseacht cuachma chuig an mbaoite), is ceisteanna rithábhachtacha chomh maith iad soláthar amhábhhar, costais agus inbhuanaitheacht. Tá na foirmeacha ceimiceacha a bhaineann le scairdeanna bolaidh seo á mheas chomh maith, chun fáil amach más féidir an substaint mhealladh a dhéanamh go sintéiseach.

Ar an iomlán, reáchtáladh ceithre chruinniú IRG agus chuir ATU cur chun cinn in iúl do pháirtithe leasmhara an tionscail. Críochnófar an tionscadal le linn 2023 agus déanfar miontástáil ar na baoití iarrthóra.

## Tacaíochtaí Trádála don Tionscal Bia Mara

In 2022, thacaigh BIM le 10 gcomhlacht próiseálaithe tríd an tionscadal Tacaíochtaí Trádála don Tionscal Bia Mara. Chuiimsigh an tacaíocht seo comhlachtaí próiseálaithe aonair a bhí ag obair le meantóir ceadaithe BIM, ag déanamh anailíse ar chás trádála an chomhlachta agus ag léirmhíniú agus ag míniú conas a bheidh tionchar ag riachtanais nua gnó ar chás trádála an chomhlachta. Áiríodh tacú leis an gcomhlacht gníomhartha a chur i bhfeidhm chun na riachtanais nua a shásamh agus trádáil a cheadú le leanúint ar aghaidh go dtí agus tríd na RA. Chomh maith leis sin, thacaigh an tionscadal seo le próiseálaithe i réimsí cosúil le lóistíochtaí agus soláthair slabhra, sábháilteacht bhia agus pleanáil airgeadais, chun leas a bhaint as deiseanna mar thoradh ar an mBreatimeacht.

Chomh maith le tacaíocht dhíreach do phróiseálaithe bia mara ar leith, forbraíodh treoirleabhar Breatimeachta d'Aonach Scipéara na hÉireann 2022 agus cuireadh nótaí eolais ar riachtanais agus forbairtí níos nua in iúl don tionscal.

Mar earnáil atá ag teacht chun cinn, bainfidh bith-theicneolaíocht ghorm tairbhe as bunús comhlachtaí cógaisíochta atá láidir cheana féin (ilnáisiúnta san áireamh), comhlachtaí bithleighis, comhlachtaí forlíonta bia agus comhábhair bia agus comhlachtaí eile atá lonnaithe anseo cheana féin agus atá nuálach go gníomhach sa spás seo. Tá gnóthais bheaga agus mheánmhéide ghorma lonnaithe sna contaetha cósta Dhún na nGall, Shligigh, na Gaillimhe, Chorcaí agus Chiarraí.

Is é cuspóir iomlán fadtéarmach an Luasaire Dobharshaothraithe ná ionad domhanda a dhéanamh d'Éirinn do nuálaíocht dhobharshaothraithe, agus timpeallacht a chur ar fáil ina mbeidh comhlachtaí in ann fás agus forbairt sa réimse seo.

## Córas Nuálach Dírithe ar Dhúshlán

Rinneadh tagarmharcáil chuimsitheach chun an cleachtas is fearr go hidirnáisiúnta i dtaca le bealaí nuálacha a bheith ag obair le dearcadh trastionscal a aithint le linn na bliana. Fuarthas tuarascáil iomlán le torthaí don earnáil agus bainfear úsáid as chun eolas sa bhreis a chuir ar fáil d'fhorbairt an tionscadail don bhliain 2023.

Cuireadh tástáil agus infheistiú i bhfeidhm ar thionscadail bhainistíochta phraiticiúla chun tacú le cleachtaí nuálaíochta nua laistigh de BIM, chun seirbhíse nuálaíochta a chur ar fáil dár gcliaint. Tharla sé sin chomh maith le tástáil agus soláthar giniúint smaointe éascaithe agus ceardlanna próiseála nuálaíochta don ghrúpa páirtithe leasmhara seo.

## Próiseas Nuálaíochta 2022

Cuirtear an Próiseas Nuálaíochta i bhfeidhm trí Mhol Nuálaíochta Bia Mara BIM chun cabhrú le cás gnó a chruthú agus a fhorbairt d'infheistíocht, agus do sheoladh tráchtála rathúil na dtionscadal nuálaíochta.

Bainfear an cultúr nuálaíochta seo amach trí úsáid fhairsing na modheolaíochtaí a forbraíodh go sonrach don bhia mara ag BIM a leabú, chun fás tráchtála a spreagadh ar fud na hearnála sa bhealach is éifeachtaí gur féidir.



Lee Hunter, Bunaitheoir agus POF, The Oyster Pitch a ghlac páirt i Stiúideo Nuálaíochta BIM 2022.

Áiríodh na tionscadail shainiúla seo a leanas le linn na bliana:

- **Taighde ar scileanna nuálaíochta nua agus atá le teacht atá tairbheach don tionscal**
- **Scileanna nuálaíochta chun tacú le próiseálaithe bia mara freastal ar riachtanais inbhuanaitheachta a gcustaiméirí príomha in earnálacha miondíola agus fáilteachais**
- **Struchtúir agus teicneolaíochtaí nuálaíochta inbhuanaithe do phacáistiú miondíola mar chuid den chlár inbhuanaitheachta a shainithint**
- **Measúnú eacnamaíoch ar an earnáil próiseála bia mara a chumasáionn forbairt tacaíochtaí spriocdhírthe**
- **Forbairt na gcoincheap feidhmiúla bia mara do cheannaithe éisc agus do hionaid mhiondíola chun freastal ar éilimh na dtomhaltóirí maidir le sláinte agus leas an duine mar chuid den chlár inbhuanaitheachta**
- **Taighde ar theicneolaíochtaí dhigiteacha nuálacha atá ailínithe le caighdeán bia mara chun cur le riachtanais athruithe dhigiteacha na bpróiseálaithe bia mara**

## Clár Comhairleach Nuálach

Oibríonn an Mol Nuálaíochta Bia Mara i gcomhar le húdarais eile lena n-áirítear Bord Bia, Teagasc, institiúidí tríú leibhéal, grúpaí tionscail agus soláthóirí teicneolaíochta áirithe chun a chinntiú go bhfuil an teicneolaíocht, IP agus léargais mhargaidh is déanaí ar fáil don earnáil. Is comhar idir an BIM agus institiúidí Éireannacha tríú leibhéal é an Clár Comhairleach Nuálach a chuireann neart saineolais ar fáil, leis na smaointe is déanaí ar fheidhmiú nuálaíochta ó earnálacha agus tionscail éagsúla a chuirtear i bhfeidhm don earnáil bia mara.

Áiríodh leis an tseirbhís nuálaíochta comhairliúcháin a cuireadh ar fáil le linn 2022 eolaíochtaí bia, tacaíocht margáíochta airgeadais, tráchtála agus inbhuanaithe. Thacaigh an clár seo go sonrath le hinbhuanaitheacht mar thiománaí margaidh do tháirgí bia mara, feidhmithe bia mara feidhmiúil, pacáiste inbhuanaithe do phróiseáil bia mara, córais chaighdeán dhigiteacha, agus measúnú eacnamaíoch ar phróiseálaithe bia mara.

## Teicneolaíochtaí Próiseála Nuálacha

Rinne an chéad thionscadal iniúchadh ar anglait mar bhia mara príomha, a bhfuil luach €14 milliúin aici in Éirinn agus a dhíoltar mar earra reoite go príomha. Rinne an taighde iniúchadh ar an bhféidearthacht tabhairt faoi fhorbairt maidir le roghanna breisluacha don mhargadh idirnáisiúnta san Fhrainc agus sa Spáinn. Rinneadh measúnú ar scóip mhargaidh agus aithníodh an tslabhra soláthair anglaite agus na roghanna breisluacha féideartha.

Cuireadh tuarascáil ar an tslabhra próiseálaithe soláthair d'anglait bhreisluacha go rogha miondíola easpórtála, measúnú ar iomaitheoirí idirnáisiúnta san áireamh, ar fáil do pháirtithe leasmhara tionscail. Aithníodh éilimh an mhargadh acmhainneacht do níos mó pacáí miondíola réidh do thionscal an fháilteachais agus don tomhaltóir, go háirithe i margadh na Fraince.

Is éard a bhí i gceist leis an dara tionscadal ná measúnú a dhéanamh ar theicneolaíochtaí nuálaíochta próiseálaithe gur féidir faoi tháirgí agus cadóg a athrú go roghanna a chuireann leis an luach trí chórais uathoibríthe chun freastal ar shonraíochtaí sa mhargadh. Rinneadh measúnú ar roinnt teicneolaíochtaí agus léiríodh teicneolaíocht phróiseálaithe amháin do thionscal ag an Mol Nuálaíochta Bia Mara.

## Oiliúint ar Scileanna Digiteacha

Aithníodh leibhéal íseal na scileanna digiteacha san earnáil chois chladaigh mar shrian don earnáil. Forbraíodh ábhar oiliúna scileanna digiteacha ag BIM chun scileanna a thabhairt d'iascairí rochtain a fháil ar Chóras Deontas Bainistíochta Leictreonach (GEMS) an BIM agus é a úsáid go héifeachtach. Feidhmíonn sé sin mar uirlis freisin chun scileanna digiteacha ginearálta a fhorbairt. Cruthaíodh dhá mhodúl oiliúna trí uair an chloig mar chuid den oiliúint seo, atá mar riachtanas ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara.

Tá an dá mhodúl seo deartha chun cur le hábhar agus struchtúr ceaptha an chúrsa 10 n-uaire ar an litearthacht dhigiteach a chuireann na Boird Oideachais agus Oiliúna (ETBanna) ar fáil go náisiúnta. Is féidir iad a úsáid mar mhodúil aonair freisin i suíomhanna neamhfhoirmiúla cosúil le oiliúint duine-ar-dhuine in ionaid acmhainní pobail.

## Córas um Mharcáil Aontaithe Speisialta (SUMS)

Soláthraíonn Scéimeanna um Mharcáil Aontaithe Speisialta (SUMS) loingseoireacht agus sábháilteacht níos fearr do gach úsáideoir de chuid na mara i gceantair ina bhfuil an dobarshaothrú ag feidhmiú in éineacht le húsáideoirí eile. Cuireann scéimeanna marcála SUMS teorainneacha na limistéar táirgthe dobarshaothraithe in iúl le níos lú marcanna, a bhfuil caighdeán níos fearr acu, le fad saoil fhada, a bhaineann éifeachtachtaí amach do na táirgeoirí. Laghdaíonn sé tionchar físiúil na marcanna fad is a chruthaíonn sé córas atá éasca do mhairnéalaigh é a thuiscint.

Le linn 2022, rinneadh measúnuithe rialta ar gach Scéim Marcála Aontaithe Speisialta (SUMS) chun loingseoireacht shábháilte a chinntiú agus rinneadh cothabháil agus athsholáthar marcála de réir mar a bhí gá. Rinneadh cothabháil ar Bheanntaí laistigh, Loch Trasna agus an Mhaoil Rua, agus rinneadh measúnú agus cothabháil ar Chairlín agus ar an gCaolaire Rua. Dearadh trí SUMS nua, agus lorgaíodh ceadú reachtúil. Críochnaíodh Muicinis Céim 1.

Baineadh feidhm go páirteach as Béal Átha Loingfoirt agus táthar ag súil go mbeidh sé curtha i gcrích go luath in 2023. Baineadh feidhm iomlán as Aird Bhéarra agus tá sé ag feidhmiú.

## Roinn Iompair Grúpa Oibre um Shábháilteacht Mhuirí Foghrúpa Cumarsáide

Glacann BIM páirt i bhFoghrúpa Cumarsáide an Ghrúpa Oibre um Shábháilteacht Mhuirí comhordaithe ag Garda Cóstá na hÉireann, lena n-áirítear réimse ionadaithe a raibh cúram orthu

tacú le sábháilteacht ar an uisce agus ar muir. Is ball gníomhach é BIM agus oibríonn siad le Garda Cóstá na hÉireann, Institiúid Náisiúnta Ríoga na mBád Tarrthála (RNLI), Sábháilteacht Uisce na hÉireann (WSI), Met Éireann, Cumann Seoltóireachta na hÉireann (ISA) agus Coimisinéirí Soilse na hÉireann (CIL) chun seoladh teachtaireachtaí seasta a chinntiú do na páirtithe leasmhara maidir leis na cumarsáidí ar fad atá eisithe ag an ngrúpa agus tríd an mol [www.safetyonthewater.ie](http://www.safetyonthewater.ie).

Rinne an grúpa measúnú ar fheidhmchlár móibleach molta, sábháilteacht ar an uisce, a chuirfeadh ar tairiscint tríd an Roinn Iompair. Chuir BIM a fhreagra isteach do chomhairliúchán poiblí ar an gCód Cleachtas d'Oibríocht Shábháilte Árthaigh Fhóillíochta. Déanann an grúpa athbhreithniú ar staitisticí maidir le bá, básanna agus eachtraí agus déantar athbhreithniú ar threochtaí atá ag teacht chun cinn.

## Seomra Cianfhoghlama Dobharshaothraithe (ARC)

In 2022, chuir an clár ARC ocht seimineár gréasáin ar fáil ar líne do 5,825 mac léinn san iomlán. Tugadh cuairt ar 59 scoil ar leith agus ar 1,509 dalta. Bhí deich n-imeacht for-rochtana poiblí ar siúl le 7,885 rannpháirtí san iomlán. Ar an iomlán, bhí baint ag 15,219 rannpháirtí leis an tionscadal foriomlán ARC in 2022. Cuireann an ARC ábhar ar fáil faoi láthair do bhunscoileanna (Rang a 5 agus a 6) meánscoileanna (Dobharshaothrú agus Gairmeacha don Idirbhliain, 5ú agus 6ú Bliain) físeanna agus tráth na gceist ar líne, seimineáir ghréasáin bheo agus tinreamh ag imeachtaí oideachasúla móra (Schools Summit 2022) agus imeachtaí tionscail. Chomh maith le hobair an ARC in Éirinn, seoladh dhá chur i láthair don Choimisiún Eorpach agus Coiste na Réigiún sa Bhruiséil.



Éascaitheoir Seomra Cianfhoghlama Dobharshaothraithe BIM, Áine Lisa Shannon le daltaí ó Réalt na Mara, Cill Chaoi, Co. an Chláir.


# Cás Staidéir



## Conneely Fish - Co. na Gaillimhe

Is comhúinéirí an ghnó iascaireachta teaghlaigh, Conneely Fish, iad deartháireacha Kevin agus Pat Conneely. Is iascairí teaghlaigh ó ghlúin go glúin iad a fheidhmíonn dhá ártach iascaireachta ar na cóstaí thoir agus thiar, chomh maith le margadh éisc traidisiúnta ag Cé Bhun Abhann, Manainn, Co. na Gaillimhe. Le teaghlaigh iascaireachta ag meath timpeall na hÉireann, leanann Kevin agus Pat ag caomhnú a dtraidisiúin agus a modh maireachtála.

Feidhmíonn Kevin ártach 8-méadar ar an gcósta thoir, ag iascaireacht cloicheán agus muiríní fad is a fheidhmíonn Pat ártach 10-méadar ar an gcósta thiar do líonta pota agus cráifisce. Le maoiniú ón Scéim Chaomhnaithe Iascaigh Intíre CEMI, bhí siad in ann a stóráil chuisnithe a uasghrádú go haonad níos mó agus níos cumhachtaí atá níos éifeachtaí maidir le húsáid fuinnimh. Is ceann amháin de na tionscadail a cuireadh ar fáil do theaghlach Conneely, an cúnamh deontais seo, deontais atá á reáchtáil ag BIM, agus iad ag tabhairt faoi chúrsaí gnó le os cionn 20 bliain anuas.



## V-eangúchán - Cumann Thiar Theas Gliomaigh na hÉireann - Co. Chorcaí

Gach bliain, baineann foireann oilte ag an BIM eangú v-eangaithe ó eireaball suas go 35,000 gliomach baineann aosach atá ag iompar uibheacha, a mbeireann iascairí cois chladaigh na hÉireann orthu. Cuireann an modh seo, ar a dtugtar v-eangúchán iascairí eile ar an eolas gur gliomach baineann atá ag pórú atá i gceist leis an ngliomach a rugadh uirthi agus gur chóir í a chur ar ais san fharraige. Ceadáíonn v-eangúchán do ghliomaigh atá ag pórú leanúint ar aghaidh ag pórú ar suas go trí bhabhta eile sula ndeísítear an t-eangú, ag cabhrú le caomhnú iascaigh ghliomaigh na hÉireann.

Mar chuid de Chumann Gliomach na hÉireann, bunaíodh Cumann Gliomach Thiar Theas na hÉireann ar mhaithe le caomhnú ar ghliomaigh agus do shlí bheatha iascairí. Tá Cumann Gliomach Thiar Theas na hÉireann i measc 22 grúpa dá leithéid a fuair tacaíocht airgeadais ón Scéim V-eangúchán Iascaigh Cois Chladaigh EMFF in 2022 do sciar luacha na ngliomach v-eangaithe a cuireadh ar ais san fharraige.

Bunaithe timpeall ar 30 bliain ó shin, clúdaíonn Cumann Gliomach Thiar Theas na hÉireann limistéar ó Chúirt Mhic Shéafraidh go Carn Uí Néid i gCo. Chorcaí. Déanann dhá bhall déag ón eagraíocht an v-eangúchán ar na gliomaigh. Shocraigh an eagraíocht an obair thábhachtach seo a thosú nuair a thug siad faoi deara go raibh meath ag teacht ar an méid gliomach a bhí sa cheantar agus bhí bearta caomhnaithe ag teastáil chun cosc a chur le díothú na ngliomach.



## Kingfisher Fresh - Co. Loch Garman



Is comhlacht beag, 100% Éireannach é Kingfisher Fresh, atá lonnaithe i gCo. Loch Garman. Oibríonn siad le hiascairí Éireannacha chun dáileoirí áitiúla agus domhanda a sholáthar le bia mara atá 100% fiáin agus úr. Ón maoiniú a fuarthas ó Scéim Chaomhnaithe Iascaigh Chladaigh EMFF trí BIM, chruthaigh Kingfisher Fresh lógó agus suíomh gréasáin nua, a cheadaíonn do dhaoine a gcomhlacht a aimsiú ar líne agus eolas a fháil ar a gcuid oibre chomh maith lena gcuid freagrachtaí san earnáil.

Oibríonn siad le roinnt iascairí sa cheantar, an teaghlach Kirwan san áireamh. Tá a gcalafort baile i gCeann Chlochair agus áirítear an MV Atlantic Rose agus MV Rose of Sharon ar na háirde atá acu. Is iascairí ó ghlúin go glúin iad Michael Mór Kirwan agus Michael Óg Kirwan araon.

Oibríonn Kingfisher Fresh leis an teaghlach Kirwan chun bia mara úr fiáin a fháil chun a chinntiú go bhfaigheann a gcustaiméirí iasc Éireannach ar ardchaighdeán. Tá inbhuanaitheacht i gcroílár a gcuid oibre, agus faigheann siad scipí bruscair ar cíos ar a gcostas féin chun bruscar a thagann isteach ina gcuid líonta a bhailiú agus é a bhaint go freagrach. Tá aigéan glan sláintiúil a chaomhnú agus príomhról luath a bheith acu i maoirseacht mhara fréamhaithe go daingean i gcroílár a n-aighe.

**Brian Everard agus Michelle O'Neill, comhbhunaitheoirí Kingfisher Fresh, Loch Garman.**

## Ocean Deep Oysters - Bá Dhún na nGall



Tá Ocean Deep Oysters ar cheann de na feirmeacha oisre is sine atá bunaithe in Éirinn atá ag fas oisrí i mBá Dhún na nGall ó lár na 1980idí. Is áit uathúil í Bá Dhún na nGall agus tá sé ar cheann de na báinna is fearr in Éirinn i dtáirgeadh na n-oisrí cáiliúla 'Speciale'. Cosúil leis an gcuid is mó d'fheirmeacha traidisiúnta na hÉireann, is gnó teaghlaigh é Ocean Deep Oysters, ina bhfuil an teaghlach Reid i mbun an ghnó, le gach uile dhuine ag teastáil chun réimse gníomhaíochtaí dlúthfhostaíochta a dhéanamh. Táirgeann an iarracht uilig timpeall 500 tona sa bhliain ar 50 heicteár leapacha oisre. Easpórtáiltear an chuid is mó dá dtáirgeadh do mhargadh na Fraince ina bhfuil ardéileamh i gcónaí d'oisrí ar ardchaighdeán san earnáil na bialainne agus miondíola.

Thacaigh BIM go leanúnach leis an ngnó. Tá an tacaíocht seo trasna an ghnó ó fhadhbanna teicniúla a réiteach ar an láthair go cur i bhfeidhm tionscnamh atá dírithe ar mhargadh, atá tar éis cabhrú leis an teaghlach Reid a gcustaiméirí a aimsiú agus a choinneáil i dtimpeallacht atá i gcónaí ag éirí níos iomaíche. Tá cláir atá maoinithe ag BIM ón Scéim Dobharshaothraithe Inbhuanaithe ó EMFF, dírithe ar mhaoiniú agus laghdaíonn siad, an tréimhse fhada dian ar chaipiteal chun an chéad fhómhar a fháil agus chabhraigh siad le suiteáil an innealra atá ag teastáil chun an post a dhéanamh go héifeachtach.



## Comhlacht Iascaireachta Atlantic Rose, Ceann Chlochair, Co. Lú

Fuair Atlantic Rose Fishing Company Limited deontas de thart ar €150,000 ón Scéim Iascaigh Inbhuanaithe tríd an EMFF ó BIM chun tacú lena gcleachtais iascaireachta inbhuanaithe. Bhain an comhlacht seo, faoi stiúir Michael Óg Kirwan, úsáid as an deontas chun córas nua láimhseála éisc a chur i bhfeidhm. Áirítear córas soláthair uisce mara, greamanna éisc, réiteoirí, agus córas monatóireachta gair tharraingthe leis seo. Ba é an cuspóir a bhí acu ná caighdeán a ngabhála a mhéadú, éifeachtacht fhuinnimh a fheabhsú, agus dul i ngleic le tionchar na n-athraithe aeráide.

Chuir suiteáil an chórais láimhseála éisc nua ar chumas Atlantic Rose cloicheáin a reo ar muir, á gcuid úire a chaomhnú agus ceannaitheoirí féideartha a mhealladh. Anuas air sin, d'uasmhéadaigh an córas monatóireachta gair tharraingthe cleachtais iascaireachta trí fhearas a athrú i bhfíor-am, caitheamh fuinnimh a laghdú agus tionchar comhshaoil a foslághdú.

Dar le Michael, d'fheabhsaigh an teicneolaíocht reoigh-ar-muir a chuir siad i bhfeidhm, cáilíocht a dtáirge, le luach margaidh níos airde mar thoradh air. Threisigh na forbairtí seo áit an Atlantic Rose sa mhargadh, táirge inbhuanaithe agus tarraingteach a chuir ar fáil acu, fad is a laghdaíonn siad an tionchar ar an timpeallacht.



## Tionscadal Taighde Vacsaíne Bradáin, Ionad Taighde Muirí & Fíoruisce, Gaillimh



Bronnadh deontas €102,000 ar an Dr Orla Slattery, taighdeoir in Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh, ón Scéim Thairsí Eolais ó BIM tríd an EMFF chun tacú lena tionscadal taighde. Dhírigh an tionscadal ar vacsaín ar leith a fhorbairt le haghaidh Galair Gheolbhaigh Aiméibeach (AGD) sa bhradán, a bhfuil an seadán perúnaigh Neoparamoeba mar chúis leis. Bhí ról ríthábhachtach ag an deontas in éascú céimeanna tosaigh na taighde.

Is é príomhchuspóir an tionscadail ná forbairt vacsaíne a phlé gur fhéidir díriú ar an seadán perúnaigh Neoparamoeba, ag dul i ngleic leis na dúshláin a bhaineann le AGD i mbradán, cosúil le damáiste geolbhaigh agus ionsú ocsaigine lagaithe.

Dhírigh an fhoireann thionscadail ar cheapadh vacsaíne a bhaineann go príomha le hantaigin próitéine scannáin. D'éascaigh an deontas fostaíocht taighdeora iardhochtúireachta, Dr. Michelle McCormack, agus cúntóra taighde, Erin Molloy, chun an taighde seo a dhéanamh. Anuas air sin, d'fhéadfaí na hacmhainní a bhí ag teastáil don taighde a fháil leis an maoiniú.

Bhí an maoiniú ríthábhachtach chun tacú le luathchéimeanna tionscadail taighde an Dr. Slattery. Cé nach bhfuil an tionscadal ag an gcéim tástála go fóill, is deis taighde iontach í fós a bhfuil sé ar a cumas torthaí rathúla a bhaint amach.

## Cara na nOileán Teo - Co. Dhún na nGall

Thug Cara na nOileán Teo, comhlacht seirbhíse farantóireachta lonnaithe ar oileáin amach ó chósta Dhún na nGall, faoi thionscadal uailmhianach le déanaí chun a n-árthach breá, an M.V. Coll, a nuachóiriú. Le tacaíocht fhlaithiúil an dheontais de luach €48,000 ó Scéim Ghrúpa na Limistéar Forbartha Áitiúil lascaigh ó BIM tríd an EMFF, d'éirigh leis an gcomhlacht a mbád farantóireachta a bhí ag dul in aois a athbheochan, todhchaí a ngnó a chinntiú agus leanúint do sheirbhísí riachtanacha do na pobail áitiúla a chuir ar fáil.

Agus iad i mbun feidhme, seirbhís farantóireachta sceidealaithe chuig Oileán Árann Mhór gach lá den bhliain a chuir ar fáil, chomh maith le seoladh lasta go dtí na hoileáin uile ar chósta Dhún na nGall, ba é príomhdhúshlán Cara na nOileán Teo ná ardchaighdeán a gcuid seirbhísí a chothú ach ag an am céanna, an t-árthach a choinneáil cothrom le dáta. Thuig an comhlacht gur gá forbairt chuimsitheach a dhéanamh agus go raibh sé riachtanach an M.V. Coll a athnuachan.

Thosaigh an próiseas nuálaíochta leis an seomra innill agus innill iomlán a bhaint as a chéile, gearbhoscaí, príomhsheafthaí agus líain nua a shuiteáil. Rinneadh athshreangú ar an seomra innill freisin, le gineadóir nua, córas sceite agus fuarú chile curtha ar fáil. Ina theannta sin, rinneadh athrú suntasach sa chábán stiúrach, le trealamh den scoth lena n-áirítear uathphólóta, radar, agus breacairí.

Ní fhaigheann Cara na nOileán Teo aon mhaoiniú eile dá gcuid seirbhísí chuig Árann Mhór ná d'aon cheann d'Oileáin Dhún na nGall. Gan an cúnamh deontais ó BIM, ní bheadh an tionscadal nuálaíochta uailmhianach seo ar bun. Cheadaigh an cúnamh airgeadais a chuir BIM ar fáil don chomhlacht cumais an M.V. Coll a chur chun cinn, ag cinntiú go bhféadfadh an t-árthach leanúint ag freastal ar riachtanais a gcustaiméirí dlís.

Mar thoradh ar na hiarrachtaí athchóirithe, athbheodh an M.V. Coll, ag daingniú poist na mball foirne tiomanta agus na bhfoirne oifige ag Cara na nOileán Teo. Le cuma athnuaithe orthu agus feidhmiú níos fearr, tá an comhlacht tiomanta don tseirbhís is fearr riamh a chur ar fáil dá gcustaiméirí.



## Allihies Seafood Teo - Co. Chorcaí



Bhí ról suntasach ag scéim mhaoinithe deontais an BIM i rath agus i bhforbairt Allihies Seafood Teo., SME lonnaithe i Leac Bhearcháin, An Chathair Mhór, Béarra, Co. Chorcaí. Déanann Allihies Seafood Teo., a bunaíodh i mí Dheireadh Fómhair 2011 sainchúram de shaothrú feamainne ar scála mór ar muir ar a bhfeirm ceadúnaithe agus de fheabhsú bitmhaise i gcultúr umar éisc ag a ngorlann. Le tacaíocht ó mhaoiniú ón Aontas Eorpach, lorg an gnó feirmeoireachta feamainne cúnamh chun a bhfeirmeacha a fhorbairt trí 19 líne saothraithe agus bloic mhúrála a cheannach, agus fuair siad deontas níos mó ná €58,000 dóibh.

De réir an stiúrthóra Michael O'Neill, a bhfuil leis an deontas a cuireadh ar fáil don Scéim Dobharshaothraithe Inbhuanaithe ó BIM tríd EMFF, bhí Allihies Seafood Teo. in ann a n-acmhainn táirgthe feamainne a dhúbailt, agus bhí réimse buntáistí dearfacha gnó agus eacnamaíochta mar gheall air sin. Thug an acmhainn mhéadaithe deis don ghnó freastal ar an éileamh méadaitheach ar tháirgí feamainne sa bhaile agus go hidirnáisiúnta. Mar thoradh air sin, bhí siad in ann a mbonn custaiméirí a leathnú agus conarthaí nua a dhaingniú, fás ioncaim a thiomáint agus a seasamh sa mhargadh a fheabhsú.

Bhí roinnt tionchar dearfacha ag leathadh na feirme feamainne sa ghéilleagar áitiúil freisin, trí dheiseanna fostaíochta nua a chruthú. Ag dul níos faide ná na buntáistí láithreacha gnó, tá roinnt buntáistí timpeallachta a bhaineann le saothrú feamainne. Tá ról ríthábhachtach ag feamainn i gceapadh carbóin, ag feabhsú caighdeán an uisce agus ag cur gnáthóige ar fáil do shaol na mara. Tríd an bhfeirm fheamainne a leathadh, chuir Allihies Seafood Teo. le caomhnú agus athchóiriú éiceachórais mhuirí, ag ailíniú le gealltanas BIM do chleachtas inbhuanaithe dobharshaothraithe.

### Malahide Charter Boat Fish & Trips (Iasc & Turais Bád Cairte Mhullach Íde), Co. Bhaile Átha Cliath



Is é Eamon McGrattan scipéir á rthaigh a ritheann turais dúlra, farraige agus siúlóide ar Reachrann, amach ó shráidbhaile Mhullach Íde i dtuaisceart chontae Bhaile Átha Cliath.

Ar an margadh mar “Fish & Trips” (Éisc & Turais) tugann na turais threoraithe ar muir agus ar tír araon deis do chuairteoirí ó thar lear agus sa bhaile saol na mara agus na bplandaí atá dúchasach d’Éirinn a fheiceáil agus foghlaim fúthu, chomh maith le stair an cheantair.

Bhain Éamon leas as Deontas Sábháilteachta Turasóireachta Mara faoin gCiste Eorpach um Iascach Muirí (CEMI) le haghaidh trealamh sábháilteachta leictreonach dá bhád cairtfhostaithe, rud a chuireann go mór le caighdeán sábháilteachta, dar leis, agus a thugann níos mó “suaimhneas intinne” dó.

“Déanaim roinnt suirbhéireachta chomh maith leis an mbád, agus uair amháin nuair a bhí mé amuigh le mo mhac i gceo tiubh gan aon radar ag obair tháinig muid an-ghar do chúil báid eile. Thug an deontas seo deis dom an chairt bhreactha a uasghrádú agus tá radar CIU againn anois. Tugann sé seo suaimhneas intinne agus muiníne dom maidir le sábháilteacht na bpaisinéirí.”

Is córas rianaithe cósta gearr-raoin é an Córas Aitheantais Uathoibríoch (CIU) a úsáidtear faoi láthair ar roinnt bád agus long. Forbraíodh é chun faisnéis aitheantais agus suite a chur ar fáil do shoithí agus do stáisiúin chladaigh araon.

### Ocean Farms Limited (Feirmeacha Aigéin Teoranta), Na Cealla Beaga, Co. Dhún na nGall



Is comhlacht feirmeoireachta bradán é Ocean Farms Limited (OFL) atá ag feidhmiú i gCuan Dhún na nGall le breis agus 30 bliain. Agus a mbradán orgánach clúiteach á onnmhairiú ar fud an domhain, is gnó ar feadh na bliana é OFL a chuireann fostaíocht bhuan a bhfuil géarghá leis ar fáil, i gceantar atá ag brath go mór ar thionscail iascaireachta séasúracha agus ar thionscail tacaíochta choimhdeacha. Mar gheall ar infheistíocht theoranta i dtionscail mhalartacha ar feadh na bliana, cuireann OFL go mór leis an ngeilleagar áitiúil.

Chuaigh OFL i dteagmháil le Bord Iascaigh Mhara (BIM) le ceist shonrach maidir le haois agus acmhainn an chraein ar a bpríomhárthach. Lorg OFL maoiniú deontais ó BIM chun craein nua a cheannach. Thug an deontas deis dochreidte do OFL, rud a chuir le cumas agus le héifeachtúlacht a gcuid oibríochtaí.

A bhfuil leis an gcraein a bhí maoinithe ag deontas, is féidir le OFL méideanna níos mó de bheathú bradán a ardú ar an soitheach anois agus é a aistriú chuig a mbáirsí beathaithe. Roimhe seo, chuirfeadh drochaimsir cosc uaireanta ar na haistrithe sin, rud a chuirfeadh isteach ar bheathú an éisc.

Réitigh an craein an cheist seo, agus ag an am céanna feabhsaíodh go mór an próiseas bainte do OFL. Tá éifeachtúlacht oibríochtúil agus sábháilteacht foirne méadaithe ag an gcumas boscaí bruscair éisc a ardú ó bhád go cladach, beag beann ar an taoide, agus cáilíocht an táirge á chinntiú ag an am céanna.

Ní hamháin gur réitigh an deontas na dúshláin a bhí ann ach chuir sé an OFL i dtreo fás leanúnach sa tionscal feirmeoireachta bradán orgánach. Léiríonn an maoiniú a chuireann BIM ar fáil do OFL an tionchar dearfach a d’fhéadfadh a bheith ag cúnamh deontais ar ghnólachtaí, ag cothú nuálaíochta agus ag cur forbairt eacnamaíoch áitiúil chun cinn.

# Rialachas Corparáideach



## Rialachas Corparáideach

Tá Bord an BIM tiomanta do chreat corparáideach láidir sa BIM, ag saothrú cultúir ionracais agus ag cur ardleibhéil ghealltanais ar fáil dár bpáirtithe leasmhara. Sa bhliain 2022, rinne BIM comhlíonadh leis an gCód Cleachtais um Rialú Comhlachtaí Stáit 2016 a chothabháil agus a threisiú. Soláthraíonn rialachas éifeachtach corparáide bunús riachtanach don eagraíocht chun gach gné dár gcuid gnó a chur i gcrích, idir phleanáil straitéiseach agus bhainistíocht riosca, rialú airgeadais agus caighdeán iompraíochta. Aithníodh dúthracht BIM do na leibhéil is airde rialachas corparáideach ag Transparency Ireland International, a bhronnadh an chéad áit do BIM ina n-athbhreithniú ar chleachtais trédhearcachta 39 forás poiblí in 2022.

## An Bord

Thionóil an Bord dhá chruinniú déag sa bhliain 2022. Áirítear ar phríomhfheidhmeanna an Bhoird leagan amach na straitéise agus treoir straitéiseach a sholáthar don choiste feidhmiúcháin; soláthar tuarascáil bhliantúil agus na ráitis airgeadais; ceadú beartas um bainistíocht riosca; buiséid bhliantúla a cheadú agus caiteachas suntasach agus cinntí infheistithe a mhaoirsiú.

Sa bhliain 2022, chomh maith leis na míreanna seo, phléigh an Bord freagra na heagraíochta don Bhreimeacht ag gach cruinniú. Thug cruinnithe le linn na bliana aghaidh ar nósanna imeachta agus rialú an bhoird freisin; beartais eagraíochta; cuir i bhfeidhm scéimeanna deontais faoin gCúlchiste Coigeartaithe Breatimeachta; comhoibriú le húdarais stáit eile agus forbairt na hearnála go ginearálta.

## Coiste Iniúchta agus Riosca

Tugann an Coiste Iniúchta agus Riosca (ARC) comhairle do Bhord an BIM maidir le leordhóthanacht chórais rialaithe airgeadais inmheánach, bainistíocht riosca, an fheidhm iniúchadh inmheánach agus na cóid iompair ghnó. Tá ARC neamhspleách ar an gcoiste feidhmiúcháin agus tuairiscíonn sé go díreach don Bhord. In 2022, rinne ARC athbhreithniú ar cheithre iniúchadh inmheánach a rinne na hiniúcháirí inmheánach:

- Athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais Rialaithe Inmheánaigh
- Athbhreithniú ar Chibearshláid
- Athbhreithniú ar comhlíontacht leis an gCód Cleachtais do Rialachas na bhForas Stáit
- Athbhreithniú ar Bhainistíocht Deontais (Scéim Shealadach Breatimeachta Cabhlaigh Seasta)

Tá an Coiste Feidhmiúcháin um Riosca freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar rioscaí agus rialú laistigh de BIM agus oibríonn sé go dlúth le ARC. Chuir an Príomhoifigeach Bainistíochta Rioscaí an clár riosca corparáideach le chéile leis an tuarascáil ar fáil don ARC gach ceathrú. De réir an Chóid 2016, rinne an ARC féinmheasúnú ar éifeachtacht an Choiste i mí na Nollag 2022. Chuir na freagraí roinnt moltaí san áireamh, agus táthar ag tabhairt fúthu go léir. Rinne an Coiste athbhreithniú freisin ar éifeachtacht na n-iniúcháirí inmheánach agus dheimhnigh siad go raibh an-áthas orthu le feidhm na n-iniúcháirí agus leis an tseirbhís a thug siad do BIM.

Chuir baill de Choiste Feidhmiúcháin BIM eolas i láthair an ARC maidir le gnéithe áirithe dá gcuid cúraimí. Le linn 2022, fuair an ARC cuir i láthair ó Fheidhmeannach BIM ar chur i bhfeidhm moltaí an Tascfhórsa Bia Mara, na Breatimeachta agus Cosanta Sonraí. Cheap an ARC go raibh tairbhe suntasach ag baint leis na cuir i láthair seo chun cabhrú leo tuiscint níos fearr a fháil ar na fadhbanna/rioscaí atá i ndán do BIM, agus chun cumarsáid dhá-bhealach na bhfadhbanna a éascú idir bainistíocht agus an ARC.

Lorg an ARC tuarascálacha sonracha ón Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha chun cinnteachtaí a chur ar fáil don Choiste maidir le Caimiléireacht, Éilliú agus Breabaireacht; Comhlíontacht Sholáthair; RGCS agus Comhlíontacht Chánach. Anuas air sin, rinne an ARC athbhreithniú ar, agus mhol sé sócmhainní seasta uasdátaithe, bainistíocht fhiacha, baincéireacht, T&S (Taisteal agus Cothú), frith-chalaois agus polasaithe fáisnéisithe cosanta uasdátaithe don Bhord le haghaidh faomhadh in 2022.

## Coiste Oiliúna agus Forbartha

Bunaíodh an Coiste Oiliúna agus Forbartha sa bhliain 2020 mar fhochoiste an Bhoird chun comhairle a chuir ar fáil maidir le treo straitéiseach BIM maidir le hoiliúint, agus treoir agus maoirseacht seirbhísí oiliúna agus forbartha BIM a chur ar fáil do na hearnálacha a fhreastalaíonn BIM orthu. In 2022 d'uasdátaigh an Bord na téarmaí tagartha don Choiste agus bhunaigh siad Comhairle Acadúil neamhspleách. Reáchtáladh dhá chruinniú in 2022. Thosaigh an coiste forbairt straitéise scileanna don BIM a fhoilseofar sa bhliain 2023.

## Coiste Ainmniúcháin agus Luach Saothair

Ceaptar an Coiste Ainmniúcháin agus Luach Saothair mar fhochoiste neamhspleách den Bhord chun bainistiú a dhéanamh ar na próisis a bhaineann le Príomhoifigeach Feidhmiúcháin nó ról shinsearacha bhainisteoireachta a earcú. Tagann an coiste le chéile de réir mar a cheanglaíonn an Bord. Tionóladh an coiste in 2022 agus rinne siad maoirseacht ar earcaíocht agus ar cheapachán an POF nua.

## Fógraí Reachtúla agus Fógraí Eile

*An tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus an tAcht um Chaighdeán in Oifigí Poiblí, 2001.*

Chomhlíon gach duine ag a bhfuil post ainmnithe laistigh de BIM na riachtanais de chuid an Choimisiúin Oifigí Poiblí i gcomhréir le hAlt 18 agus 20 san Acht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995.

## An tAcht um Nochtadh Cosanta, 2014

Tá nós imeachta in áit ag BIM chun nochtadh cosanta a dhéanamh i gcomhréir le hAlt 21(1) den Acht um Nochtadh Cosanta 2014. Ní dhearnadh aon nochtaí cosanta le linn 2022.

## An tAcht um Íoc Pras Cuntas 1997

Is beartas BIM é a chinntiú go ndéantar gach íocaíocht go pras. Tá gach iarracht á dhéanamh, i gcomhréir leis na nósanna imeachta cuí airgeadais, chun a áirithiú go n-íocfar gach soláthróir laistigh den

tréimhse ama a éilítear, i gcomhréir leis an dea-chleachtas. Foilsítear tuarascálacha ráithiúla maidir leis an gcomhlíonadh ar shuíomh gréasáin BIM.

## Iarratais ar Rochtain ar Fhaisnéis

*An tAcht um Shaoráil Faisnéise, 2014*

Dearbhaítear leis an Acht um Shaoráil Faisnéise 2014 an ceart atá ag daoine den phobal rochtain a fháil ar fhaisnéis oifigiúil a mhéid is féidir i gcomhréir le leas an phobail agus leis an gceart chun príobháideachta atá ag daoine aonair. Fuair BIM seacht n-iarratas san iomlán faoi na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise in 2021, ceadaíodh ceithre iarratas go hiomlán agus ceadaíodh cuid de dhá iarratas eile. Diúltaíodh iarratas amháin. Lorg na hiarratais seo rochtain ar réimse leathan eolais, lena n-áirítear airgeadas, soláthar, córais, próiseálaithe cinnteoireachta inmheánach, acmhainní daonna agus eolas eolaíoch.

*Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol), 2007 go 2018 (AIE)*

Cuireann na Rialacháin AIE an ceart rochtain ar eolas comhshaoil a fháil, agus cuireann siad oibleagáid ar BIM mar údarás poiblí a bheith réamhghníomhach i scaipeadh eolais chomhshaoil don phobal freisin. Fuair BIM iarratas amháin le haghaidh eolais faoin AIE in 2022 agus ceadaíodh an t-iarratas.

*Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS)*


Ní bhfuair BIM aon iarratas chun eolas a fháil faoi na Rialacháin RGCS in 2022. Ní raibh aon shárúithe ag BIM a raibh tuairisc don Choimisinéir Cosanta Sonraí (DPC) ag teastáil in 2022

## Cairt do Chustaiméirí

D'fhoilsigh BIM Cairt do Chustaiméirí ag léiriú a ghealltanais iomlán do sheirbhís éifeachtach, phras, phroifisiúnta agus chúirtéiseach a chur ar fáil do chustaiméirí. Leagann an Chairt amach na caighdeáin gur fhéidir le custaiméirí seirbhíse a bheith ag súil leo ón údarás agus tá sí ar fáil i bhfálú na bpríomhoifigí BIM agus ar líne.

## Bainistíocht Riosca

Tá creat láidir bainistíochta riosca ar bun ag BIM a aimsíonn na príomhrioscaí atá i ndán don eagraíocht agus a leagann maoluithe amach chun na rioscaí sin a bhainistiú.



Déanann an Coiste Feidhmiúcháin Riosca athbhreithniú agus nuashonrú ar an gClár Riosca Corparáideach agus tuairiscítear don Choiste Iniúchta agus Riosca agus don Bhord go ráithiúil. Rinne BIM measúnú ar rioscaí na heagraíochta agus aithníodh na príomhrioscaí seo a leanas in 2022.

Riosca	Maoluithe
<b>Margadh luaineach atá ag athrú go tapa agus coinníollacha eacnamaíochta do chliant</b>	Oibríonn BIM go dlúth leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (DAFM) ar thionchair a bhaineann le timpeallacht eacnamaíoch achrannach. Bíonn BIM i dteagmháil go rialta le páirtithe leasmhara eanála chun monatóireacht a dhéanamh ar chúrsaí agus cuireann sé cúnamh ar fáil trí scéimeanna deontais dírithe.
<b>Breathimeacht</b>	Tá foireann Breathimeachta ann a thugann tacaíocht don tionscal agus a oibríonn go dlúth le DFAM agus gníomhaireachtaí eile a chuireann anailís agus eolas ar fáil.
<b>Riosca cliste nó cailteanais bonneagair shuntasáigh</b>	Beartais agus nósanna imeachta cothabhála agus sábháilteachta a chur i bhfeidhm chomh maith le tacaíocht theicniúil de réir mar is gá. Dá gcaillfí aon rud, tá sócmhainní suntasacha clúdaithe ag an árachas; oiliúint don fhoireann, lena n-áirítear oiliúint chun teacht slán ón bhfarraige.

## Soláthar agus an Cód Caiteachais Phoiblí

Tá próiseas soláthair phoiblí láidir agus sofhreagrach ag BIM atá i gcomhréir go hiomlán leis an gCód Caiteachais Phoiblí chomh maith le gach riail soláthair náisiúnta agus de chuid an AE agus a léiríonn an cleachtas is fearr maidir le soláthar. D'fhógair BIM 32 tairiscint ar [etenders.gov.ie](http://etenders.gov.ie) in 2022, i dteannta le soláthar trí chreat-chomhaontaithe na hOifige um Soláthar Rialtais. Rinneadh tuarascáil chuimsitheach ar chomhlíonadh na heagraíochta leis an gCód Caiteachais Phoiblí don bhliain 2022 ag deireadh na bliana. Dhearbhaigh sé seo go bhfuil BIM i gcomhréir go hiomlán leis an gCód.

## Sláinte agus Sábháilteacht

Tá Polasaí Sláinte agus Sábháilteachta ag an BIM a chuireann béim ar ár ngealltanas chun feabhas leanúnach a thiomáint ar aon líne leis na dualgais chomhlíonta uile ábhartha, an tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 san áireamh. Tá Ráiteas Sábháilteachta an BIM bunaithe ar mheasúnuithe riosca sa láthair oibre agus cuirtear modhanna smachta oiriúnacha i bhfeidhm chun sláinte agus sábháilteacht na foirne, na gconraitheoirí agus cuairteoirí chuig ár láthair oibre a chosaint. In 2022, tuairiscíodh miontimpiste bhóthair amháin don BIM ina raibh baint ag conraitheoir amháin BIM léi. Níor gortaíodh aon duine agus ní dheanadh ach miondamáiste don fheithicil.

## Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú

In 2022, d'fhorbair BIM a Pholasáí Comhionannais, Éagsúlachta agus Cuimsithe (EDI) agus a Phlean Gníomhaíochta le linn na bliana agus dá bharr sin, bhronn Ionad Éagsúlachta na hÉireann creidiúnú cré-umha Infheisteoirí in Éagsúlacht ar an BIM. Léiríonn sé sin ár ngealltanas chun éagsúlacht agus cuimsiú a dhaingniú i gcóras eagraíochta níos leithne tríd an BIM. Tugann gaiscí an BIM an caighdeán sin a bhaint amach, teachtaireacht dhearfach do na páirtithe leasmhara ar fad, idir inmheánach agus seachtrach, agus tá na gaiscí sin mar thoradh ar ionchur agus rath an Ghrúpa Oibríthe EDI.

Thuairiscigh beagán os cionn duine as gach deichniúr (11%) den fhoireann san eagraíocht go raibh siad faoi mhíchumas in 2022. Is í an fhís atá againn leanúint de thimpeallacht oibre a thógáil a aithníonn agus a léiríonn meas ar éagsúlacht i measc a foirne, a chliant agus a pháirtithe leasmhara, áit a gcaitear le daoine le meas agus le tuiscint agus ina bhfuil éagsúlacht, comhionannas agus cuimsiú mar chuid dár gcultúr agus dár gcleachtais. Is fir iad 53% de bhaill foirne BIM agus is mná iad 47%. Ar an 31ú Nollaig 2022, bhí triúr (50%) bean agus triúr (50%) fear mar bhaill den Bhord. Mar sin, comhlíonann an Bord sprioc an Rialtais chun ionadaíocht íosta de 40% ar gach inscne i gcomhaltas Bhoird an Stáit a bhaint amach.

## Soláthar Eolais do Chomhaltaí an Oireachtais

D'fhreagair BIM gach iarratas ó Chomhaltaí an Oireachtais in 2022 go pras agus go soiléir.

## Éifeachtúlacht agus Caomhnú Fuinnimh

Tá BIM tiomanta chun ár lorg carbóin a laghdú agus feabhsú á dhéanamh ar éifeachtacht feidhmíochta fuinnimh, ar ídiú uisce agus ar laghdú dramhaíola. Tacaítear leo seo ar fad le feachtais feasachta foirne. In 2022, chuir BIM roinnt tionscadal fuinnimh i bhfeidhm, lena n-áirítear uasghrádú soilse nach bhfuil ag obair go feistithe LED le háitíocht agus braiteoirí LUX, agus cur i bhfeidhm chórais 30kVA PV Gréine ag Coláiste Náisiúnta Iascach na hÉireann an BIM sa Chaisleán Nua, Co. Dhún na nGall.

### Laghdú in Úsáid Fuinnimh Iomlán an BIM & Astaíochtaí GHG in 2022

Laghdaigh BIM caitheamh fuinnimh go suntasach bliain ar bhliain, ag sárú spriocanna CAP an Rialtais 2030 CAP de laghdú 50% in úsáid fuinnimh - le laghdú 53% in úsáid fuinnimh i gcomparáid leis an mbonnlíne ó 2009. Ar an gcaoi chéanna, laghdaigh BIM a chuid astaíochtaí CO2 bliain i ndiaidh bliana le laghdú 44% i gcomparáid le bonnlíne 2016-2018.

Úsáid Fuinnimh BIM	Bonnlíne (2009)	2021	2022
Ídiú Deiridh Iomlán [kWh]	4,109,369	2,575,398	1,941,940
Coigiltis [kWh]	2,167,429	37%	53%

Astaíochtaí GHG BIM	Bonnlíne (2016-2018)	2021	2022
Astaíochtaí Iomlána [kgCO2]	1,051,023	705,398	589,437
Coigiltis [kgCO2]	461,586	33%	44%

D'éirigh go han-mhaith le BIM san iniúchadh athdheimhnithe Eco Merit in 2022 chun Córas Bainistíochta Comhshaoil a chur i bhfeidhm ina cheannoifig i nDún Laoghaire, Co. Bhaile Átha Cliath. Mar chuid den phlean seo, déanann BIM monatóireacht ar a úsáid leictreach agus gháis, caitheamh uisce agus diúscairt dramhaíola ar an láthair. Tá sé i gceist ag BIM na rialuithe monatóireachta seo a leathnú amach chuig oibriúcháin agus foirgnimh eile amach anseo agus an scóip ann chun bearta bithéagsúlachta a thabhairt isteach i láithreáin áirithe. Tá córas BMS beartaithe do 2023 chun caitheamh fuinnimh a laghdú níos mó inár bpríomhoifig. Tá gléasanna monatóireachta agus rialaithe cliste á thriail inár gcoláistí chun na gléasanna seo a shábhálann fuinneamh a fhorbairt agus a úsáid i inár n-áiseanna ar fad.

Tá iniúchadh fuinnimh SI426 ar siúl faoi láthair le tacaíocht ó Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI) chun deiseanna nua a aithint chun

feabhas a chur ar fheidhmiú fuinnimh, astaíochtaí CO2 a laghdú agus an timpeallacht a chosaint. Tá tionscadail eile ar bun chun úsáid fuinnimh a laghdú, suiteáil linn éifeachtachta fuinnimh maireachtála mara san áireamh ag an gColáiste Náisiúnta Iascach sa Chaisleán Nua, Co. Dhún na nGall. Tá BIM ag iniúchadh na féidearthachtaí painéil ghréine PV a shuiteáil i níos mó áiteanna agus caitheamh uisce a laghdú le rialuithe braiteora ar sconnáil. Tá BIM ag scrúdú foinsí teasa breosla iontaise inár gcoláistí ar fad freisin, agus é ar intinn againn foinsí in-athnuaite a chur ina n-áit.

Tá pleananna leagtha amach chun pointí luchtaithe do ghluaisteáin leictreacha a shuiteáil agus beidh BIM ag úsáid feithiclí leictreacha in ionad a gcabhláigh veaineanna, agus táthar ag súil go mbeidh an chéad ghluaisteán EV á sheachadadh sa bhliain 2023.

# Scéimeanna Deontais BIM



## Clár Oibríochta CEMI

### Scéimeanna an Chiste Eorpaigh Muirí agus lascaigh / Cúlchiste Coigeartaithe Brexit 2022

### Scéimeanna BIM Deontais Tionscail Sheachtrach

Le linn 2022, chuir BIM 15 scéim deontais i bhfeidhm don earnáil bia mara. Dá bharr sin, tugadh 1,882 íocaíocht amach le cúnamh deontais de luach €27.5 milliún san iomlán. Ba iad na trí foinsé maoinithe ná:

- Clár Oibríochta um Chiste Eorpach Muirí agus lascaigh (CEMI) (maoinithe 50% ag an AE agus 50% ag an Státchiste Náisiúnta)
- Cúlchiste Coigeartaithe Breatimeachta (BAR) (100% maoinithe ag an AE)
- An Státchiste Náisiúnta (100% maoinithe ag Rialtas na hÉireann)

## Clár Oibríochta CEMI

Comh-mhaoiniú an CEMI agus Rialtas na hÉireann an Clár Oibríochta CEMI (OP) d'Éirinn ar chóimheas 50:50. Tá BIM tiomanta do chlár oibre comhoibríthe atá maoinithe faoin CEMI leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (DAFM) agus lenár gcomhchomhlachtaí Bord Bia agus Foras na Mara. Cuireann siad seo go léir lena dtiomantais náisiúnta atá leagtha amach in Food Wise 2025 (plean 10 mbliana don earnáil bia talmhaíochta) agus i gclár comhtháite na mara Harnessing Our Ocean Wealth.

Cuireann CEMI maoiniú ar fáil do ghníomhaíochtaí a thacaíonn le Comhbheartas lascaigh an AE (CFP) agus le Beartas Muirí Lánpháirtithe trí chur i bhfeidhm Clár Oibríochta sa tréimhse 2014-2020.

Tá an CO seo á chur i gcrích faoi láthair agus cuirfear deireadh leis faoi dheireadh 2023. In Éirinn, ba ionann an CO CEMI agus timpeall €239.2 milliún, agus leithdháiltear timpeall €100 milliún do scéimeanna feidhmíthe ag BIM do na cuspóirí seo a leanas:

- **Chun cabhrú le hiascairí san aistriú i dtreo na hiascaireachta inbhuanaithe**
- **Chun tacú le pobail chósta in éagsúlú a ngeilleagair**
- **Chun tionscadail a mhaoiniú a chruthaíonn deiseanna fostaíochta nua agus a fheabhsaíonn caighdeán saoil ar chóstaí na hEorpa**
- **Chun tacú le forbairtí inbhuanaithe do bharshaothraithe**
- **Chun é a dhéanamh níos éasca d'iarthóirí maoiniú a fháil. Faoin CEMI, chuir BIM naoi scéim i bhfeidhm agus bhí siad 50% comh-maoinithe ag an gCiste Eorpach Muirí agus lascaigh (CEMI). Is ionann seo agus íocaíochtaí deontais ar luach €4.5 milliún. Bhí ceithre scéim maoinithe ag an gCúlchiste Coigeartaithe Breatimeachta (BAR) ina gcúis le híocaíochtaí deontais de luach €22.4 milliún**

Tá na scéimeanna BAR sin 100% maoinithe ag an AE. Tá deontais na scéime um Shábháilteacht Turasóireachta Cabhlaigh agus Mara ina gcúis le hiarmhéid de luach €583,380.79. Tá an dá scéim sábháilteachta seo maoinithe 100% ag an Státchiste Náisiúnta.

## Scéimeanna CO CEMI 2022

Eagraítear an CO CEMI timpeall sé Tosaíocht Aontais (UPanna), le scéimeanna cúnamh deontais feidhmíthe ag BIM ag tacú le ceithre cinn de na tosaíochtaí sin: UP1 Forbairt Inbhuanaithe lascaigh; UP2 Forbairt Inbhuanaithe Dobharshaothraithe; UP4 Forbairt Inbhuanaithe lascaigh & Ceantar Dobharshaothraithe agus UP5 Margaíocht agus Próiseáil.

Maoinithe ag an CEMI CO (50% AE, 50% Státchiste Náisiúnta)				
Scéim	Líon na nDeontas	Luach Deontais	Státchiste	CEMID
Scéim Iascach Inbhuanaithe Cuid B	38	€1,667,682.15	€833,841.08	€833,841.08
Scéim Chaomhnaithe lascaigh Intíre	25	€127,058.93	€63,529.465	€63,529.465
An Scéim um Chaomhnú lascaigh Intíre - V-eangúchán	235	€397,829.88	€198,914.94	€198,914.94
An Scéim um Thairseach Eolais	11	€1,215,748.79	€607,874.395	€607,874.395
Scéim Eagraíochta Táirgeora	4	€291,922.25	€145,961.13	€145,961.13
Scéim Inbhuanaithe Dobharshaothraithe	12	€525,459.48	€262,729.74	€262,729.74
Scéim Oilúna do Bhia Mara	182	€123,776.49	€61,888.25	€61,888.25
Scéim Fhorbartha lascaigh Limistéir Áitiúla FLAGS	2	€490.16	€245.08	€245.08
An Scéim um Scálú Bia Mara & Forbairt ar Mhargaíocht Nua	4	€179,826.65	€89,913.33	€89,913.33
<b>Iomlán CEMI</b>	<b>513</b>	<b>€4,529,794.78</b>	<b>€2,264,897.39</b>	<b>€2,264,897.39</b>

## An Cúlchiste Coigeartaithe Breatimeachta (BAR)


Tá an Cúlchiste Coigeartaithe Breatimeachta (BAR) dírithe ar thacaíocht airgeadais a chur ar fáil do Bhaill Stáit, réigiúin agus earnáil go raibh an tionchar is mó ag an mBreatimeacht orthu chun dul i ngleic leis na hiarmhairtí díúltacha eacnamaíochta, sóisialta, críche agus, más cuí, comhshaoil. Toisc gurb í an Ball Stáit a raibh an tionchar is mó ag an mBreatimeacht uirthi, fuair Éire leithdháileadh suntasach de luach thart ar €1 billiún, nó thart ar 20% an Chúlchiste iomlán.

Ina thuarascáil i mí Dheireadh Fómhair 2021, rinne an Tascfhórsa Bia Mara 16 moladh chun ciste BAR a threisiú chun tacú leis an earnáil bia mara agus le pobail chósta mar fhreagairt ar na dúshlán a bhí i gceist mar gheall ar an mBreatimeacht.

### Tuarascáil an Tascfhórsa Bia Mara

Bunaithe ar na moltaí sin, faoi mhaoirseacht na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara (DAFM), tá roinnt scéimeanna tacaíochta á gcur i bhfeidhm ag BIM. Tá siad seo de réir riachtanais incháilitheachta na Roinne Caiteachais Phoiblí & Athchóirithe agus an AE. Ní mór do thionscadail faoi scéimeanna tacaíochta BAR a bheith críochnaithe agus íoctha roimh dheireadh 2023.

Le linn 2022 chuir BIM ceithre scéim i bhfeidhm faoin gciste BAR. Mar thoradh air sin, bhí siad 100% maoinithe ag an AE.



Scéimeanna Deontais BIM

Maoinithe ag an BAR (100% AE)		
Scéim	Líon na nDeontas	Luach Deontais
Scéim Coigeartaithe Múnla Gnó Cois Chladaigh an Bhreatimeachta	801	€2,661,900.00
Scéim Shealadach an Bhreatimeachta um Fheistiú Cabhlaigh 2022	340	€18,876,100.00
Scéim Aistrithe Chomharchumann Iascaigh an Bhreatimeachta	4	€643,839.91
Scéim Fáis Dobharshaothraithe Inbhuanaithe an Bhreatimeachta	1	€182,762.00
<b>Iomlán BAR</b>	<b>1146</b>	<b>€22,364,601.91</b>

Le linn 2022 lean BIM ar aghaidh ag feidhmiú dhá Scéim Shábháilteachta. Bhí siad maoinithe 100% ag an Stáitchiste Náisiúnta. Tá rialacha 'de minimis' iascach i bhfeidhm ar na scéimeanna seo.

Maoinithe 100% ag an Stáitchiste Náisiúnta		
Scéim	Líon na nDeontas	Luach Deontais
Scéim Shábháilteacht an Chabhlaigh	210	€541,092.27
Scéimeanna Deontas Turasóireachta Mara	14	€42,288.52
<b>Iomlán Stáitchiste</b>	<b>224</b>	<b>€583,380.79</b>

Na Scéimeanna ar fad (CEMI, BAR agus Stáitchiste Náisiúnta)	Líon na nDeontas	Luach Deontais
<b>Iomlán</b>	<b>1883</b>	<b>€27,477,777.48</b>

**Scéimeanna Ciste Eorpach Muirí agus Iascaigh 2022 Tá Clár Oibríochta na hÉireann bunaithe ar sé Thosaíocht Aontais (UPanna), agus tacaíonn na cláir atá feidhmithe ag BIM le ceithre cinn de na tosaíochtaí seo UP1 Forbairt Inbhuanaithe Iascaigh; UP2 Forbairt Inbhuanaithe Dobharshaothraithe; UP4 UP4 Forbairt Inbhuanaithe Iascaigh & Ceantar Dobharshaothraithe agus UP5 Margaíocht agus Próiseáil**

### Scéim Iascach Inbhuanaithe Cuid B

Cuireann an scéim seo cúnamh deontais ar fáil d'infheistíocht chaipitiúil ar bord in áirthaigh iascaireachta mara, leis an gcuspóir éifeachtacht fhuinnimh an áirthach a fheabhsú, tionchar a laghdú ar an gcomhshaol, coinníollacha maidir le stóráil ghabhála éisc a fheabhsú agus éifeachtacht bhreosla nó fhuinnimh a fheabhsú don áirthach. Sa bhliain 2022, tugadh 38 tionscadal faoin scéim seo chun críche agus íocadh cúnamh deontais de luach €1,667,682.15 leo.

Contae	Líon na nDeontas	Luach Deontais	Státchiste	CEMID
Corcaigh	14	€497,178.57	€248,589.29	€248,589.28
Dún na nGall	9	€439,817.96	€219,908.98	€219,908.98
Baile Átha Cliath	3	€157,988.80	€78,994.40	€78,994.40
Gaillimh	2	€117,900.00	€58,950.00	€58,950.00
Ciarraí	2	€118,749.00	€59,374.50	€59,374.50
Lú	3	€256,255.36	€128,127.68	€128,127.68
Maigh Eo	1	€883.80	€441.90	€441.90
Loch Garman	4	€78,908.66	€39,454.33	€39,454.33
<b>Móriomlán</b>	<b>38</b>	<b>€1,667,682.15</b>	<b>€833,841.08</b>	<b>€833,841.08</b>



<b>CORCAIGH</b>	<b>14.37%</b>
<b>DÚN NA NGALL</b>	<b>9.24%</b>
<b>BAILE ÁTHA CLIATH</b>	<b>3.8%</b>
<b>GAILLIMH</b>	<b>2.5%</b>

<b>CIARRAÍ</b>	<b>2.5%</b>
<b>LÚ</b>	<b>3.8%</b>
<b>MAIGH EO</b>	<b>1.3%</b>
<b>LOCH GARMAN</b>	<b>4.1%</b>

### Scéim Chaomhnaithe Iascaigh Intíre

Is é cuspóir na Scéime Iascaigh Intíre ná sruth maoinithe tiomnaithe a chur ar fáil chun tacú leis an earnáil iascaigh intíre. Tacaíonn an scéim le bearta maidir le bainistíocht agus caomhnú stoc intíre chomh maith le hullmhú agus le cur i bhfeidhm pleananna bainistíochta stoc intíre. Mar thoradh ar an scéim seo, bhí méadú ar stóráil agus ar shlándáil chomh maith le táirgí níos úire de chaighdeán níos airde. Sa bhliain 2022, tugadh 25 tionscadal faoin scéim seo chun críche agus íocadh cúnamh deontais de luach €127,058.93.

Contae	Líon na nDeontas	Luach Deontais	Státchiste	CEMID
Corcaigh	7	€31,942.00	€15,971.00	€15,971.00
Dún na nGall	8	€35,253.66	€17,626.83	€17,626.83
Gaillimh	5	€25,605.01	€12,802.51	€12,802.51
Ciarraí	2	€8,640.00	€4,320.00	€4,320.00
Maigh Eo	2	€24,183.26	€12,091.63	€12,091.63
Loch Garman	1	€1,435.00	€717.50	€717.50
<b>Móriomlán</b>	<b>25</b>	<b>€127,058.93</b>	<b>€63,529.465</b>	<b>€63,529.465</b>



<b>CORCAIGH</b>	<b>28%</b>
<b>DÚN NA NGALL</b>	<b>32%</b>
<b>GAILLIMH</b>	<b>20%</b>

<b>CIARRAÍ</b>	<b>8%</b>
<b>MAIGH EO</b>	<b>8%</b>
<b>LOCH GARMAN</b>	<b>4%</b>

## An Scéim um Chaomhnú Iascaigh Intíre - V-eangúchán

Cuireann an scéim seo cúnamh deontais ar fáil do ghrúpaí (agus i gcásanna eisceachtúla, daoine ar leith) ceadaithe chun cláir áitiúla v-eangúcháin gliomach a chur i bhfeidhm. Cuidíonn an scéim seo le feabhas a chur ar inbhuanaitheacht iascaigh ghliomaigh na hÉireann trí ghliomaigh bhaineanna a chosaint ionas gur féidir leo pórú roinnt uaireanta sula mbainfear iad. Déanann an scéim cinnte de go dtiocfadh a oiread gliomach bainean pórúcháin agus is féidir slán, rud a chuireann le daonra gliomach níos inbhuanaithe. Sa bhliain 2022, tugadh 235 tionscadal faoin scéim seo chun críche agus íocadh cúnamh deontais de luach €397,829.98.

Contae	Líon na nDeontas	Luach Deontais	Státchiste	CEMID
An Clár	2	€9,523.91	€4,761.96	€4,761.96
Corcaigh	58	€62,231.56	€31,115.78	€31,115.78
Dún na nGall	8	€8,366.29	€4,183.15	€4,183.15
Baile Átha Cliath	12	€18,203.40	€9,101.70	€9,101.70
Gaillimh	50	€63,826.13	€31,913.07	€31,913.07
Ciarraí	13	€47,420.24	€23,710.12	€23,710.12
Lú	27	€65,773.30	€32,886.65	€32,886.65
Maigh Eo	14	€34,804.28	€17,402.14	€17,402.14
Sligeach	12	€31,336.31	€15,668.16	€15,668.16
Port Láirge	26	€31,753.81	€15,876.91	€15,876.91
Loch Garman	9	€18,129.65	€9,064.83	€9,064.83
Cill Mhantáin	4	€6,461.00	€3,230.50	€3,230.50
<b>Móriomlán</b>	<b>235</b>	<b>€397,829.88</b>	<b>€198,914.94</b>	<b>€198,914.94</b>



<b>AN CLÁR</b>	<b>1%</b>	<b>LÚ</b>	<b>11%</b>
<b>CORCAIGH</b>	<b>25%</b>	<b>MAIGH EO</b>	<b>6%</b>
<b>DÚN NA NGALL</b>	<b>3%</b>	<b>SLIGEACH</b>	<b>5%</b>
<b>BAILE ÁTHA CLIATH</b>	<b>5%</b>	<b>PORT LÁIRGE</b>	<b>11%</b>
<b>GAILLIMH</b>	<b>21%</b>	<b>LOCH GARMAN</b>	<b>4%</b>
<b>CIARRAÍ</b>	<b>6%</b>	<b>CILL MHANTÁIN</b>	<b>2%</b>

## An Scéim um Thairseach Eolais

Tacaíonn an Scéim um Thairseach Eolais le taighde feidhmeach, forbairt speiceas nua agus tráchtálú, taighde maidir le galair agus seadáin a bhainistiú, comhairle maidir leis an gcomhshaol agus pleanáil gnó a chur ar fáil chomh maith le deiseanna oiliúna agus líonraithe don earnáil do bharshaothraithe. Sa bhliain 2022, tugadh 11 tionscadal faoin scéim seo chun críche le cúnamh deontais de luach €1,215,748.79.

Contae	Líon na nDeontas	Luach Deontais	Státchiste	CEMID
Corcaigh	2	€224,386.29	€112,193.15	€112,193.15
Gaillimh	6	€633,441.46	€316,720.73	€316,720.73
Ciarraí	1	€115,377.04	€57,688.52	€57,688.52
Luimneach	1	€231,044.00	€115,522.00	€115,522.00
Sligeach	1	€11,500.00	€5,750.00	€5,750.00
<b>Móriomlán</b>	<b>11</b>	<b>€1,215,748.79</b>	<b>€607,874.395</b>	<b>€607,874.395</b>



<b>CORCAIGH</b>	<b>18%</b>	<b>LUIMNEACH</b>	<b>9%</b>
<b>GAILLIMH</b>	<b>55%</b>	<b>SLIGEACH</b>	<b>9%</b>
<b>CIARRAÍ</b>	<b>9%</b>		

## Scéim Eagraíochta Táirgeora

Tugann an scéim seo tacaíocht d'eagraíochtaí táirgeora (ETanna) cláraithe. Baintear é seo amach trí chabhair a thabhairt dóibh chun pleananna táirgeachta agus margaíochta a ullmhú agus a chur i bhfeidhm; trí thacú le tinreamh ar chruinnithe ar leith; trí scaipeadh eolais agus seirbhísí comhairleacha agus tacaíocht do chostais shonraithe chaipitil agus riaracháin.

Déanann an scéim seo cumarsáid, comhoibriú agus scaipeadh eolais a chumasú do na heagraíochtaí táirgeora agus a gcuid páirtithe leasmhara chomh maith le cabhrú le hionadaíocht na bpríomhthairgeoirí a chumasú ag cruinnithe ardleibhéil polasaí. Sa bhliain 2022, tugadh ceithre tionscadal faoin scéim seo chun críche le cúnamh deontais de luach €291,922.25

Contae	Líon na nDeontas	Luach Deontais	Státchiste	CEMID
Corcaigh	1	€89,073.98	€44,536.99	€44,536.99
Dún na nGall	2	€169,400.16	€84,700.08	€84,700.08
Port Láirge	1	€33,448.11	€16,724.06	€16,724.06
<b>Móriomlán</b>	<b>4</b>	<b>€291,922.25</b>	<b>€145,961.13</b>	<b>€145,961.13</b>



CORCAIGH	25%
DÚN NA NGALL	50%
PORT LÁIRGE	25%

## Scéim Inbhuanaithe Dobharshaothraithe

Is é cuspóir na Scéime Inbhuanaithe Dobharshaothraithe ná fás inbhuanaithe aschuir, luacha agus fostaíochta a chur chun cinn san earnáil dotharshaothraithe. Dírionn sé ar thacaíochtaí a chur ar fáil, ag méadú aschuir thairbheach na bhfiontar dotharshaothraithe go hInbhuanaitheacht agus ag tacú le fiontair dhobharshaothraithe nua atá ag teacht isteach san earnáil. Cuspóir eile atá aici ná cabhrú le fiontair dhobharshaothraithe méadú chun a n-iomaíochas agus a n-éifeachtacht a fheabhsú, ag éagsúlú go speicis nua agus ag méadú feirmeoireachta speiceas nach mbaintear go leor úsáide astu. Cuireann sí dotharshaothráil orgánach chun cinn.

Mar thoradh ar an scéim, tháinig méadú ar luach na bhfiontar dotharshaothraithe trí chabhrú le leathnú na bhfiontar nua agus na cinn atá ann cheana féin agus a n-acmhainn táirgthe, modhanna fáis is fearr agus forbairt suíomhanna nua. Sa bhliain 2022, tugadh 12 tionscadal chun críche agus íocadh cúnamh deontais de luach €525,459.48.

Contae	Líon na nDeontas	Luach Deontais	Státchiste	CEMID
Corcaigh	1	€27,752.20	€13,876.10	€13,876.10
Dún na nGall	2	€37,453.80	€18,726.90	€18,726.90
Gaillimh	1	€5,877.69	€2,938.85	€2,938.85
Ciarraí	1	€31,454.80	€15,727.40	€15,727.40
Lú	1	€9,485.16	€4,742.58	€4,742.58
Maigh Eo	6	€413,435.83	€206,717.92	€206,717.92
<b>Móriomlán</b>	<b>12</b>	<b>€525,459.48</b>	<b>€262,729.74</b>	<b>€262,729.74</b>




CORCAIGH	9%	CIARRAÍ	8%
DÚN NA NGALL	17%	LÚ	8%
GAILLIMH	8%	MAIGH EO	50%

## Scéim Oiliúna do Bhia Mara

Cuireann an scéim seo cúnamh deontais ar fáil le haghaidh oiliúint d'earnálacha gabhálacha, feirmeoireachta éisc agus próiseála bia mara na hÉireann. Tá na cláir oiliúna creidiúnaithe seo ar fáil d'earnálacha uile thionscal an bhia mara lena n-áirítear iad siúd atá ag iarraidh conair ghairme nua a aimsiú sna hearnálacha iascaireachta, dobharshaothraithe nó earnáil miondíola agus próiseálaithe. Is é an tionscal dobharshaothraithe anois an príomhfhostóir de thumadóirí tráchtála in Éirinn. Sa bhliain 2022, tugadh 182 tionscadal chun críche agus íocadh cúnamh deontais de luach €123,776.49.

Contae	Líon na nDeontas	Luach Deontais	Státchiste	CEMID
Corcaigh	63	€39,898.92	€19,949.46	€19,949.46
Doire	4	€873.87	€436.94	€436.94
Dún na nGall	51	€32,893.70	€16,446.85	€16,446.85
An Dún	2	€774.58	€387.29	€387.29
Baile Átha Cliath	1	€375.42	€187.71	€187.71
Gaillimh	15	€19,774.34	€9,887.17	€9,887.17
Ciarraí	14	€9,334.61	€4,667.31	€4,667.31
Maigh Eo	10	€4,697.79	€2,348.90	€2,348.90
Uíbh Fhailí	2	€1,065.56	€532.78	€532.78
Sligeach	2	€3,773.45	€1,886.73	€1,886.73
Port Láirge	4	€2,269.47	€1,134.74	€1,134.74
Loch Garman	14	€8,044.78	€4,022.39	€4,022.39
<b>Móriomlán</b>	<b>182</b>	<b>€123,776.49</b>	<b>€61,888.25</b>	<b>€61,888.25</b>



<b>CORCAIGH</b>	<b>35%</b>	<b>CIARRAÍ</b>	<b>8%</b>
<b>DOIRE</b>	<b>2%</b>	<b>MAIGH EO</b>	<b>5%</b>
<b>DÚN NA NGALL</b>	<b>28%</b>	<b>UÍBH FHAILÍ</b>	<b>1%</b>
<b>AN DÚN</b>	<b>1%</b>	<b>SLIGEACH</b>	<b>1%</b>
<b>BAILE ÁTHA CLIATH</b>	<b>1%</b>	<b>PORT LÁIRGE</b>	<b>2%</b>
<b>GAILLIMH</b>	<b>8%</b>	<b>LOCH GARMAN</b>	<b>8%</b>

## Scéim Fhorbartha Iascaigh Limistéir Áitiúla FLAGS

Bunaíodh Grúpaí Iascaigh Gnímh Áitiúla (FLAGS) faoi Thosaíocht Aontais 4 (Forbairt Inbhuanaithe Iascaigh agus Ceantair Dhobharshaothraithe) Clár Oibríochta na hÉireann, faoin Scéim Tacaíochta agus Ciste Iascach Eorpach Dobharshaothraithe Muirí Cóivid-19 2014-2020 agus tá sé comh-mhaoinithe ag Rialtas na hÉireann agus ag an gCoimisiún Eorpach.

Is straitéis fhorbartha pobal cósta é FLAG, Grúpa Iascaigh Gnímh Áitiúla (2014 - 2020) le ciste de luach €12 milliún do sheacht bpobal cósta áirithe in Éirinn. Is iad na seacht FLAGanna ná FLAG Theas (Corcaigh), Thiar Theas (Ciarraí, Luimneach), Thoir Theas (Port Láirge, Loch Garman, Cill Mhantáin) Thiar, (Gaillimh, An Clár), Thiar Thuaidh (Maigh Eo, Sligeach, Liatroim), Thuaidh (Dún na nGall), agus Thoir Thuaidh (Baile Átha Cliath, Lú, An Mhí).

Cuidíonn BIM le FLAGanna an scéim seo a sheachadadh trí thacaíochtaí a riaradh trí chúnamh deontais, oiliúint agus éascú ar an talamh, le comhordaitheoirí tiomnaithe FLAG i ngach réigiún tá seiceáil fíricí le limistéar oibre dúnta d'iarrais in 2021 toisc go raibh a bhuiséad ídithe. Sa bhliain 2022, tugadh dhá thionscadal chun críche agus íocadh cúnamh deontais de luach €490.16 leo.

Contae	Líon na nDeontas	Luach Deontais	Státchiste	CEMID
An Clár	1	€429.96	€214.98	€214.98
Gaillimh	1	€60.20	€30.10	€30.10
<b>Móriomlán</b>	<b>2</b>	<b>€490.16</b>	<b>€245.08</b>	<b>€245.08</b>

## An Scéim um Scálú Bia Mara & Forbairt ar Mhargaíocht Nua

Bunaítear an Scéim um Scálú Bia Mara & Forbairt ar Mhargaíocht Nua faoi Thosaíocht Aontais 5 (Margaíocht agus Próiseáil) Clár Oibríochta na hÉireann faoin gCiste lascaigh agus Muirí na hÉireann 2014-2020, atá comh-mhaoinithe ag Rialtas na hÉireann agus ag an gCoimisiún Eorpach.

Tacaíonn an Scéim seo le hinfheistíocht chun scála agus comhoibriú san earnáil a chur chun cinn agus chun tionscadail a thugann aghaidh ar bhunfhadhbanna earnála a mhaoiniú. Dírónn tacaíochtaí ar fhóiraim chomhoibríthe earnála, ar chomh-fhiontair idir comhlachtaí, táirgeoirí agus próiseálaithe agus tionscadail a thugann aghaidh ar fadhbanna comónta san earnáil. Sa bhliain 2022, tugadh trí tionscadal chun críche agus íocadh cúnamh deontais de luach €179,826.65 leo.

Contae	Líon na nDeontas	Luach Deontais	Státhchiste	CEMID
Corcaigh	2	€82,833.15	€41,416.58	€41,416.58
Maigh Eo	1	€47,393.50	€23,696.75	€23,696.75
Loch Garman	1	€49,600.00	€24,800.00	€24,800.00
<b>Móriomlán</b>	<b>4</b>	<b>€179,826.65</b>	<b>€89,913.33</b>	<b>€89,913.33</b>



CORCAIGH	50%
MAIGH EO	25%
LOCH GARMAN	25%

## Scéimeanna Maoinithe ag Cúlchiste Coigeartaithe Breatimeachta (BAR)

### Scéim Coigeartaithe Múnla Gnó Cois Chladaigh an Bhreatimeachta

Faoin scéim seo, is féidir le húinéirí árthaigh iascaireachta le báid suas go 8 méadar ar fad iarratas a dhéanamh chun cúnamh deontais suas go €2,700 a fháil, agus is féidir leis an té le hárthaigh iascaireachta suas go 18 méadar ar fad iarratas a dhéanamh chun cúnamh deontais suas go €4,000 a fháil. Chun a bheith incháilithe, ní mór d'úinéirí ártach léiriú go raibh siad ag iascaireacht go gníomhach idir Eanáir agus Meitheamh 2021.

Chun a ndeontas a fháil, ní mór d'iarthóirí ar a laghad ceann amháin de na cúig chúrsa oiliúna ar líne a thabhairt chun críche, atá deartha chun na scileanna atá ag teastáil ón earnáil, chun dul i dtailí ar fhírinne lom an mhargadh nua iar-Bhreatimeachta a chur ar fáil. Deartar na cúrsaí seo chun cur ar chumas úinéirí ártach deiseanna margaíochta nua a aimsiú dá ngabháil éisc, a bpleananna gnó a athrú chun aghaidh a thabhairt ar na coinníollacha margaidh nua, teicneolaíocht dhigiteach a úsáid chun dul i dteagmháil go díreach le custaiméirí, cabhrú leo luach a ngabhála a uasmhéadú agus léiriú dóibh conas is féidir leo rochtain a bheith acu ar mhargaí éagsúla. Sa bhliain 2022, tugadh 801 tionscadal chun críche faoin scéim seo agus íocadh cúnamh deontais de luach €2,661,900 leo.

Contae	Líon na nDeontas	Luach Deontais
An Clár	11	€41,400.00
Corcaigh	169	€523,900.00
Doire	1	€2,700.00
Dún na nGall	116	€373,000.00
An Dún	1	€4,000.00
Baile Átha Cliath	35	€127,000.00
Gaillimh	118	€364,100.00
Ciarraí	83	€277,400.00
Lú	38	€149,400.00
Maigh Eo	84	€280,100.00
An Mhí	4	€16,000.00
Sligeach	15	€50,900.00
Port Láirge	45	€148,800.00
Loch Garman	61	€224,500.00
Cill Mhantáin	20	€78,700.00
<b>Móriomlán</b>	<b>801</b>	<b>€2,661,900.00</b>



AN CLÁR	1%	LÚ	5%
CORCAIGH	21%	MAIGH EO	10%
DOIRE	0%	AN MHÍ	1%
DÚN NA NGALL	14%	SLIGEACH	2%
AN DÚN	0%	PORT LÁIRGE	6%
BAILE ÁTHA CLIATH	4%	LOCH GARMAN	8%
GAILLIMH	15%	CILL MHANTÁIN	3%
CIARRAÍ	10%		

## Scéim Shealadach an Bhreiteamhachta um Fheistiú Cabhlaigh 2022

Bunaíodh an scéim seo bunaithe ar Thuarascáil an Tascfhórsa Bia Mara chun an drochthionchar ar an earnáil iasc geal ón laghdú cuóta a tháinig chun cinn ón gComhaontú Trádála agus Comhoibrithe (TCA) a mhaolú go sealadach tríd na cailteanais a bhaineann le stoic áirithe, chomh maith le deacrachtaí rochtain a fháil ar uiscí na RA nó uiscí tríú tíre, a mhaolú.

Thacaigh an scéim le hárthaigh iasc geal i míreanna ilfhiúsacha agus trál bíoma chun stop sealadach a chur le gach gníomhaíocht iascaireachta i mí féilire áirithe, mar sin, ag méadú an chuóta a bhí ar fáil do na hárthaigh eile. Sa bhliain 2022, tugadh 340 tionscadal chun críche faoin scéim seo agus íocadh cúnamh deontais de luach €18,876,100 leo.

Contae	Líon na nDeontas	Luach Deontais
Corcaigh	137	€6,846,800.00
Dún na nGall	31	€2,070,600.00
Baile Átha Cliath	21	€1,380,400.00
Gaillimh	24	€1,308,000.00
Ciarraí	36	€1,073,000.00
Lú	28	€2,243,700.00
Maigh Eo	3	€94,400.00
An Mhí	4	€295,400.00
Port Láirge	9	€266,300.00
Loch Garman	45	€3,179,500.00
Cill Mhantáin	2	€118,000.00
<b>Móriomlán</b>	<b>340</b>	<b>€18,876,100.00</b>



CORCAIGH	40%	MAIGH EO	1%
DÚN NA NGALL	9%	AN MHÍ	1%
BAILE ÁTHA CLIATH	6%	PORT LÁIRGE	3%
GAILLIMH	7%	LOCH GARMAN	13%
CIARRAÍ	11%	CILL MHANTÁIN	1%
LÚ	8%		

## Scéim Aistrithe Chomharchumann Iascaigh an Bhreiteamhachta

Is í aidhm na scéime seo ná dul i ngleic le tionchair eacnamaíochta agus sóisialta diúltacha an Bhreiteamhachta ar Chomharchumann Iascaireachta atá bunaithe go príomha ar chuótaí na Comhaontaithe Trádála agus Comhoibrithe (TCA) (dá ngairtear 'na comharchumann' anseo feasta).

Is í aidhm na scéime seo ná cúnamh gearrthéarmach a chur ar fáil chun cúiteamh a dhéanamh ar laghduithe i láimhdeachas a bhí ag na comharchumann, go díreach mar thoradh ar laghduithe san amhábh a thagann chun cinn ó aistrithe cuóta TCA. Deartar an tacaíocht chun sreabhadh airgid a chobhsú sa ghearrthéarma, a cheadaíonn do na comharchumann a ngnó a athchumrú agus a athstruchtúrú go fadtéarmach - chun dul i dtaithe ar an timpeallacht trádála athraithe faoin TCA. Sa bhliain 2022, tugadh chun críche ceithre thionscadal faoin scéim seo agus íocadh cúnamh deontais de luach €643,839.91 leo.

Contae	Líon na nDeontas	Luach Deontais
Corcaigh	1	€239,813.11
Dún na nGall	1	€171,241.00
Gaillimh	1	€69,682.61
Lú	1	€163,103.19
<b>Móriomlán</b>	<b>4</b>	<b>€643,839.91</b>



## Scéim Fáis Dobharshaothraithe Inbhuanaithe an Bhreathimeachta

Is é cuspóir na scéime seo ná na hiarmhairtí diúltacha eacnamaíochta agus sóisialta a bhaineann le aistarraingt na Ríochta Aontaithe ón Aontas a mhaolú ar:

- (1) Phróiseáilte bia mara a raibh tionchar diúltach orthu mar gheall ar chailleadh soláthair amhábhair atá ag teacht chun cinn ó na laghduithe cuóta TCA,
- (2) Fhiontair dhobharshaothraithe a raibh tionchar díreach ag aistarraingt na RA orthu, agus
- (3) Phobail chósta a raibh tionchar diúltach orthu mar gheall ar réimse leathan tionchar a tháinig chun cinn ó laghdú cuóta TCA agus ó thionchair Bhreathimeachta níos leithne.

Faoin scéim nua seo, tugadh tionscadal amháin chun críche sa bhliain 2022 agus íocadh cúnamh deontais de luach €182,762.00 leis.

Seoladh roinnt scéimeanna maoinithe BAR in 2022 freisin a thosóidh ar mhaoiniú a tharraingt anuas in 2023.

Contae	Líon na nDeontas	Luach Deontais
Cill Chainnigh	1	€182,762.00

Chomh maith leis na scéimeanna BAR thuasluaite, seoladh trí scéim BAR sa bhreis in 2022. Cé gur ceadaíodh roinnt tionscadal faoi na scéimeanna seo, níor tharraing siad cistí anuas go fóill.

## Scéim Scoir Buan Deonach an Bhreathimeachta

Is é cuspóir na scéime seo ná cothromaíocht idir acmhainn táirgthe cabhlaigh agus na cuótaí atá ar fáil a thabhairt ar ais tar éis laghduithe cuóta ag eascairt ón gComhaontú Trádála agus Comhoibrithe (TCA), ag cinntiú brabúsachta an chabhlaigh.

Is í aidhm na scéime seo ná tacaíocht a thabhairt do sciar cabhlaigh a raibh tionchar ag na gnéithe seo a leanas orthu:

- Na laghduithe cuóta ó 2021 go 2026 atá ag teacht chun cinn ón gComhaontú Trádála agus Comhoibrithe. Is í aidhm na Scéime ná na cailleanais a bhaineann le stoic áirithe atá curtha san áireamh in Aguisín FISH.1 agus FISH.2 an TCA a mhaolú.
- Deacrachtaí rochtain a bheith acu ar uiscí na RA nó uiscí tríú tír nach bhfuil san AE mar thoradh ar an mBreathimeacht.

Tacóidh an scéim le hárthaigh i sciartha ilfhiúsacha agus trála bíoma chun deireadh buan a chur le gach gníomhaíocht iascaireachta agus mar sin, ag méadú an chuóta a bhí ar fáil do na hárthaigh eile.

Cé gur féidir le hárthaigh sna cabhlaigh ilfhiúsacha agus trála bíoma a bheith ag iascach speiceas cuóta a raibh tionchar ar laghduithe cuóta TCA orthu agus, mar sin, a raibh tionchar diúltach ag an TCA orthu, tugann an scéim tús áite d'iarraitis ó na hárthaigh is gníomhaí in iascaireacht na speiceas cuóta seo mar beidh baint ag a n-aistarraingt dheonach ón gcabhlach le hathbhunú cothromaíochta cabhlaigh agus le méadú an chuóta atá ar fáil d'árthaigh atá fós sa chabhlach.

## Scéim Forbartha Fiontraíochta Breathimeachta don Gheilleagar Gorm

Is é cuspóir na scéime seo ná cur i gcoinne na gcúinsí diúltacha eacnamaíochta agus sóisialta atá i gceist mar gheall ar aistarraingt na Ríochta Aontaithe ón Aontas Eorpach ar fhiontair atá ag feidhmiú sa gheilleagar gorm agus atá suite i bpobail laistigh de 10km an chósta.

**Cuirtear trí chineál tionscadal san áireamh chun maoiniú a bhaint amach:**

**Cineál Tionscadail 1**  
Infheistíocht Chaipitil

**Cineál Tionscadail 2**  
Meantóireacht Gnó agus Forbairt Acmhainne

**Cineál Tionscadail 3**  
Uasoiliúint agus Oiliúint

## Scéim Tacaíochta Caipitil um Próiseáil an Bhreathimeachta

Déan iarratas chun maoiniú deontais a fháil le haghaidh tionscnamh atá measta mar infheistíocht chaipitiúil bhunathraithe, san earnáil phróiseáilte bia mara.

Tacaíonn an scéim le hearnáil phróiseála na hÉireann chun tabhairt faoi athrú bunathraithe, ag maolú éifeachta an TCA/na Breathimeachta agus ag an am céanna, ag cruthú fiontar atá níos fearr don timpeallacht, níos inbhuanaithe agus níos iomaíche a fhreastalaíonn ar mhargaí san AE agus timpeall an domhain, leibhéal fostaíochta níos airde a chruthú go háitiúil agus úsáid níos fearr agus níos inbhuanaithe a bhaint as amhábhair a thagann isteach go hÉirinn.

Díríonn sí ar thacaíocht a thabhairt d'infheistíochtaí caipitiúil bhunathraitheacha a dhíríonn ar thionscal a éascaíonn don earnáil díriú ar “níos mó a chruthú ó níos lú,” tar éis soláthair laghduithe amhábhair, agus fiontair san earnáil a bhogadh suas níos faide an tslabhra soláthair. Is é cuspóir na scéime ná táirge de luach níos airde a tháirgeadh agus an tionscal a aistriú chun díriú ar phróiseáil tánaisteacha agus níos faide, ar tháirgí a dhíríonn ar mhargaí úsáideora deiridh.

## Scéimeanna maoinithe ag Stáitchiste Náisiúnta BIM

Tá dhá scéim a bhaineann le sábháilteacht maoinithe ag an Stáitchiste Náisiúnta (100%).

## Scéimeanna Deontais um Shábháilteacht an Chabhlaigh agus Turasóireachta Muirí

Is é cuspóir na Scéime Sábháilteachta Cabhlaigh ná caighdeán sábháilteachta ar árthaigh iascaireachta na hÉireann a fheabhsú. Cuireann an scéim cúnamh deontais ar fáil chun tacú le ceannach agus suiteáil earraí sábháilteachta lena n-áirítear trealamh reachtúil amhail trealamh tarrthála, trealamh um chomhrac dóiteáin, trealamh loingseoireachta, agus trealamh cumarsáide.


Is í aidhm na Scéime Turasóireachta Muirí ná an caighdeán sábháilteachta foriomlán ar árthaigh turasóireachta muirí na hÉireann a fheabhsú. Cuireann an scéim tacaíocht ar fáil le ceannach agus suiteáil earraí sábháilteachta lena n-áirítear trealamh reachtúil amhail trealamh tarrthála, trealamh um chomhrac dóiteáin, trealamh loingseoireachta, agus trealamh cumarsáide do shoithí turasóireachta muirí ceadúnaithe suas go dtí 15 méadar san iomlán.

Ceadaítear ag an Scéim Sábháilteachta Cabhlaigh agus an Scéim Turasóireachta Muirí araon ceannach agus suiteáil trealamh sábháilteachta. I measc na míreanna a d'fhéadfaí a mheas don mhaoiniú tá na rudá seo a leanas:

- Míreanna Marthanais amhail seaicéid tarrthála, bladhmana agus raftaí tarrthála
- Trealamh loingseoireachta amhail GPS nó uathphíolóta
- Leictreonaic amhail ceamaraí slándála TCI
- Míreanna sábháilteachta dóiteáin amhail gaireas anáilithe agus caidél dóiteáin
- Míreanna sábháilteachta struchtúracha amhail geataí bordála agus dréimírí, fuinneoga rochtana
- Táillí Suirbhé an Chóid Cleachtais do shoithí atá ag dul don iascaireacht mhara

## Sábháilteacht Cabhlaigh

Contae	Líon na nDeontas	Luach Deontais
An Clár	4	€7,219.69
Corcaigh	42	€142,228.42
Dún na nGall	39	€87,724.61
Baile Átha Cliath	6	€7,571.51
Gaillimh	38	€29,692.86
Ciarraí	17	€83,982.04
Lú	5	€51,082.29
Maigh Eo	22	€31,463.91
Sligeach	6	€4,554.13
Port Láirge	9	€37,869.08
Loch Garman	22	€57,703.73
<b>Móiriomlán</b>	<b>210</b>	<b>€541,092.27</b>




## Scéim Sábháilteachta Turasóireachta Muirí

Contae	Líon na nDeontas	Luach Deontais
An Clár	2	€3,761.66
Corcaigh	1	€336.00
Dún na nGall	3	€8,360.80
Gaillimh	1	€3,065.20
Lú	1	€2,215.94
Maigh Eo	4	€2,941.52
Loch Garman	1	€21,400.40
Cill Mhantáin	1	€207.00
<b>Móriomlán</b>	<b>14</b>	<b>€42,288.52</b>



<b>AN CLÁR</b>	<b>14%</b>	<b>LÚ</b>	<b>7%</b>
<b>CORCAIGH</b>	<b>7%</b>	<b>MAIGH EO</b>	<b>29%</b>
<b>DÚN NA NGALL</b>	<b>22%</b>	<b>LOCH GARMAN</b>	<b>7%</b>
<b>GAILLIMH</b>	<b>7%</b>	<b>CILL MHANTÁIN</b>	<b>7%</b>

# Ráitis Airgeadais



## Clár na n-Ábhar

Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste	89
Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil na gComhaltaí Boird	91
Ráiteas ar Rialú Inmheánach	96
Ráiteas maidir le hIoncam agus Caiteachas agus le Cúlchistí Ioncaim Coinnithe	100
Ráiteas maidir le hIoncam Cuimsitheach	101
Ráiteas maidir le Staid Airgeadais	102
Ráiteas maidir le Sreafaí Airgid	103
Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais	104

Ráitis Airgeadais  
don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022



## Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste Comptroller and Auditor General

### Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

#### An Bord Iascaigh Mhara

##### Tuairim ar na ráitis airgeadais

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais an Bhoird Iascaigh Mhara le haghaidh na bliana dar chríoch an 31 Nollaig 2022, mar a cheanglaítear faoi fhorálacha alt 5 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Áirítear sa ráiteas airgeadais

- an ráiteas ioncaim agus caiteachais agus cúlchistí coinnithe ioncaim
- an ráiteas ioncaim chuimsitheach
- an ráiteas ar staid an airgeadais
- an ráiteas ar shreafaí airgeadais, agus
- na nótaí gaolmhara, lena n-áirítear achoimre ar bheartais shuntasacha chuntasaíochta.

Is é mo thuairim go dtugann na ráitis airgeadais léargas fírinneach cóir ar acmhainní, dhliteanais agus staid airgeadais an Bhoird Iascaigh Mhara ag 31 Nollaig 2022 agus a ioncam agus a chaiteachas do 2022, faoi réir Chaighdeán um Thuairisciú Airgeadais (FRS) 102 - The Financial Reporting Standard applicable in the UK and the Republic of Ireland (An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais atá infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann).

##### Bunús Tuairime

Rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais faoi réir Chaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchadh (ISAnna), faoi mar a mholann an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúcháireachta. Déantar cur síos ar mo dhualgais faoi na caighdeáin sin san aguisín leis an tuarascáil seo. Feidhmíonn go neamhspleách ó An Bord Iascaigh Mhara agus chomhlíon mé mo dhualgais eite eile de réir na gcaighdeán.

Creidimid go bhfuil an fhianaise iniúcháireachta atá faighte agam leordhóthanach agus cuí chun bunús a sholáthar do mo thuairim.

##### Tuarascáil ar eolas seachas na ráitis airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir An Bord Iascaigh Mhara eolas ar leith eile i láthair leis na ráitis airgeadais. Ina measc, tá an tuarascáil bhliantúil lena n-áirítear an ráiteas rialachais agus tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird, agus an ráiteas ar rialú inmheánach. Déantar cur síos ar mo dhualgais tuairisciú a dhéanamh ar an eolas seo, agus ar nithe ar leith eile a thuairiscim orthu mar eisceacht, san aguisín leis an tuarascáil seo.

I have nothing to report in that regard (Níl aon rud le tuairisciú agam maidir leis seo).

Andrew Harkness

Ar son agus thar ceann  
An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

23 Meitheamh 2023

## Aguisín leis an tuarascáil

### Dualgais Chomhaltaí an Bhoird

Mar a shonraítear sa ráiteas rialaithe agus tuarascáil chomhaltaí an Bhoird, tá comhaltaí an Bhoird freagrach as na nithe seo a leanas

- ráitis airgeadais bhliantúla a ullmhú san fhoirm atá leagtha síos faoi mhír 9 de Chéad Sceideal d'Acht lascaigh Mhara 1952
- ag cinntiú go dtugann na ráitis airgeadais léargas fírinneach cóir faoi réir FRS102
- rialtacht idirbheart a chinntiú
- measúnú a dhéanamh an bhfuil úsáid bhunús an ghnóthais leantaigh i leith na cuntasaióchta oiriúnach nó nach bhfuil, agus
- an méid rialaithe inmheánach is a mheasann siad a theastaíonn d'fhonn ullmhú na ráiteas airgeadais a chur i gcrích, saor ó mhíthuairiscí ábharach, bíodh sé de thoradh calaoise nó earráide.

### Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tá dualgas orm, faoi Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993, iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais An Bhoird lascaigh Mhara agus tuairiscí orthu do Thithe an Oireachtais.

Is é an aidhm atá agam agus an t-iniúchadh seo á chur i gcrích agam dearbhú réasúnta a fháil an bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomlán saor ó mhíthuairisc ábharach de thoradh calaoise nó earráide nó nach bhfuil. Is éard is dearbhú réasúnta ann ardleibhéal dearbhaithe, ach ní ráthaíocht, go n-aimseoidh iniúchadh a dhéantar i gcomhréir leis na ISAanna míthuairisc ábharach nuair atá ceann ann. Is féidir le míthuairiscí teacht ó chalois nó ó earráid agus meastar go bhfuil siad ábharach más féidir leo, ina n-aonar nó trí chéile, tionchar a bheith acu ar chinntí eacnamaíocha na n-úsáideoirí ar bhonn na ráiteas airgeadais.

Mar chuid d'iniúchadh i gcomhréir leis na ISAanna, úsáidim breithiúnas gairmiúil agus coimeádam sceipteachas gairmiúil tríd an iniúchadh. Agus é seo á dhéanamh agam,

- Sainníomh agus measaim na rioscaí a bhaineann le míthuairisc ábharach na ráiteas airgeadais, bíodh sé de thoradh calaoise nó earráide; dearaim agus déanaim nósanna imeachta iniúchta freagrúil do na rioscaí sin; agus faighim fianaise iniúchta atá dóthanach agus cuí le tacú le bunús mo thuairime. Tá an riosca a bhaineann le míthuairisc ábharach a thagann ó chalois agus gan í a aithint níos airde ná an riosca a bhaineann le míthuairisc a thagann ó earráid, mar is féidir le claonpháirtíocht, brionnú, easnaimh d'aon ghnó, mífhaisnéisí, nó sárú ar smacht inmheánach a bheith i gceist le calaois.
- Faighim tuiscint ar smacht inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchta a cheapadh atá cuí sna cúinsí, ach ní chun tuairim a nochtadh maidir le héifeachtacht smachta inmheánacha.
- Déanaim oiriúnacht na mbeartas cuntasaióchta agus réasúnacht na meastachán cuntasaióchta agus nochtadh gaolmhara a úsáidtear a mheas.

- Tagaim ar thátaí maidir le cuibhiúlacht úsáid bhunús ghnóthas leantach na cuntasaióchta, agus bunaithe ar an bhfianaise iniúchóireachta a fuarthas, déanaim cinneadh an ann do neamhchinnteacht ábharach a bhaineann le teagmhais nó coinníollacha a d'fhéadfadh amhras a chruthú faoi chumas An Bhoird lascaigh Mhara leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Má chinnim go bhfuil neamhchinnteacht ábharach ann, tá sé de dhualgas orm na nochtáí a bhaineann léi sna ráitis airgeadais a léiriú i mo thuarascáil nó, má tá na nochtáí sin uireasacha, mo thuairim a athrú. Tá mo chonclúidí bunaithe ar fhianaise iniúchta a fuarthas suas le dáta mo thuarascála. D'fhéadfadh tarlaithe nó cúinsí amach anseo, áfach, cur ar an mBord lascaigh Mhara deireadh a chur le leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach.
- Déanaim measúnú ar léiriú, struchtúr agus inneachar iomlán na ráiteas airgeadais, lena n-áirítear na nochtáí, agus an léiriú na ráitis airgeadais idirbhearta bunúsacha agus imeachtaí ar bhealach a léiríonn léiriú cothrom nó nach léiríonn.

Déanaim teagmháil leis na daoine atá faoi chúram rialachais maidir le, i measc rudaí eile, raon feidhme agus uainiú an iniúchta agus torthaí suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear easpaí suntasacha i smacht inmheánach a aithním le linn m'iniúchta.

Tuairiscim go heisceachtúil, mura bhfuil, i mo thuairim,

- an t-eolas agus na míniúcháin ar fad a theastaigh uaim do m'iniúchadh faighte agam, nó
- na taifid chuntasaióchta sásúil le go bhféadfaí iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais go héasca agus i gceart, nó
- na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na taifid chuntasaióchta.

#### *Eolas seachas na ráitis airgeadais*

Ní chuimsíonn mo thuairim ar na ráitis airgeadais an t-eolas eile curtha i láthair leis na ráitis sin, agus ní léirím aon chonclúid gealltanais orthu.

Mar aon le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, tá dualgas orm faoi na ISAanna an t-eolas eile a cuireadh i láthair a léamh agus, ag déanamh amhlaidh, machnamh a dhéanamh an bhfuil an t-eolas eile neamhréireach go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó le heolas a fuarthas le linn an iniúchta nó eolas atá míchruinn go hábhartha. Má chinnim, bunaithe ar an obair atá déanta agam, go bhfuil míthuairisc ábhartha ar an eolas eile seo, caithfidh mé an fhíríc sin a thuairiscíú.

#### *Tuairiscíú ar nithe eile*

Déantar m'iniúchadh ag déanamh tagartha do na cúinsí speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistíocht agus lena bhfeidhmíú. Tuairiscim má aimsim nithe ábhartha ann a bhaineann leis an mbealach inar cuireadh gnó poiblí i gcrích.

Déanaim iarracht fianaise a fháil maidir le rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn iniúchta. Tuairiscim má aimsim aon chás ábhartha nuair nár baineadh úsáid as airgead poiblí mar a bhí leagtha síos dó, nó nach raibh na hidirbhearta ag teacht leis na húdaráis atá á rialú.

# Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil na gComhaltaí Boird

## Rialú

Bunaíodh Bord BIM faoin Acht lascaigh Mhara 1952. Tá feidhmeanna an Bhoird leagtha amach i gcuid 15 den Acht sin. Tá an Bord freagrach don Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara. Tá an Bord freagrach as dea-rialú a chinntiú agus comhlíonann sé an tasc seo trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a leagan síos agus cinntí straitéiseacha a ghlacadh i dtaobh phríomhcheisteanna gnó. Is í freagracht an Phríomhoifigigh Fheidhmiúcháin agus an bhainistíocht shinsearach BIM a bhainistiú, a rialú agus a threorú ó lá go lá. Ní mór don Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin agus don fhoireann bainistíochta shinsearach an treoir straitéiseach ginearálta atá leagtha síos ag an mBord a leanúint, agus ní mór dó cinntiú go bhfuil tuiscint shoiléir de na príomhghníomhaíochtaí agus cinntí a bhaineann leis an eagraíocht aige, agus d'aon rioscaí suntasacha a d'fhéadfadh a theacht aníos. Feidhmíonn an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin mar theagmháil dhíreach idir an Bhord agus bainistíocht BIM.

## Freagrachtaí an Bhoird

Tá obair agus freagrachtaí an Bhoird leagtha amach sa Chomhaontas um Sheachadadh Feidhmíochta agus Mhaoirseachta, a chuimsíonn freisin na hábhair a dhéanann an Bord cinneadh fúthu amháin. Cuid de na nithe seasta a mheasann an Bord ná:

- dearbhú leasanna,
- tuairiscí ó choistí,
- tuarascálacha airgeadais/cuntais bhainistíochta,
- tuairiscí feidhmíochta, agus
- ábhair forchoimeáda.

De réir Chuid 15 den Acht lascaigh Mhara 1952, tá sé de cheanglas ar Bhord BIM na cuntais go léir is cuí agus is gnách a choimeád faoi airgead a fuair sé nó a chaith i cibé foirm is cuí leis an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mar le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Agus é ag ullmhú na ráitis airgeadais seo, tá sé de cheanglas ar Bhord BIM:

- polasaithe cuntasaióchta cuí a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go seasmhach,
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus críonna,
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn ghnóthais leantaigh mura bhfuil sé neamhchuí a cheapadh go leanfaidh sé ar aghaidh ag feidhmiú, agus
- a mhaíomh an é gur leanadh caighdeáin chuntasaióchta infheidhme, faoi réir aon imeacht ábhartha atá nochtá nó mínithe sna ráitis airgeadais.

Tá an Bord freagrach as leabhair chúil chuntais a choimeád a nochtann le cruinneas réasúnta ag tráth ar bith staid airgeadais Bhord lascaigh Mhara agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go gclóíonn na ráitis airgeadais leis na ceanglais reachtúla a leagtar amach i gCuid 9 den chéad sceideal san Acht lascaigh Mhara 1952. Is í freagracht an Bhoird cothabháil agus iontaofacht an eolais chorparáidigh agus airgeadais atá foilsithe ar shuíomh gréasáin BIM a chinntiú.

Tá an Bord freagrach as an bplean agus buiséad bliantúil a fhaomhadh. Rinneadh meastachán d'fheidhmíocht BIM a dhéanamh ag tagairt don phlean agus don bhuiséad bliantúil.

Tá an Bord freagrach freisin as cosaint a shócmhainní agus mar sin as bearta réasúnta a ghlacadh do chosc agus brath calaoise agus neamhréireachtaí eile.

Measann an Bord go dtugann ráitis airgeadais BIM léargas fíor agus cothrom d'fheidhmíocht airgeadais agus de staid airgeadais BIM ar an 31 Nollaig 2022.

### Struchtúr an Bhoird

Tá Cathaoirleach agus cúigear gnáthchomhaltaí ar an mBord, iad ar fad ceaptha ag an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara. Ceapadh comhaltaí an Bhoird ar feadh tréimhse trí bliana agus cruinníonn siad le chéile go míosúil. Tugann an tábla thíos sonraí faoi thréimhse cheapacháin na gcomhaltaí reatha:

Comhalta Boid	Ról	Dáta Ceapacháin
Aidan Cotter	An Cathaoirleach	17 Bealtaine 2022
Lisa Vaughan	Stiúrthóir	Téarma críochnaithe 18 Meitheamh 2022 athcheaptha 19 Meitheamh 2022
William Deasy	Stiúrthóir	19 Samhain 2020
Jean Callanan	Stiúrthóir	19 Samhain 2020
Marie Gleeson	Stiúrthóir	19 Samhain 2020
George Golden	Stiúrthóir	29 Meán Fómhair 2021

Chuir an Bord na coistí seo a leanas ar bun:

**Coiste Iniúchta agus Riosca:** tá dhá chomhalta Boid agus trí chomhalta neamhspleácha ann. Is é ról an Choiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca (ARC) tacaíocht a thabhairt don Bhord maidir lena fhreagrachtaí a bhaineann le rialáil rioscaí agus rialú agus ráthaíochtaí gaolmhara. Tá an Coiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca neamhspleách ó bhainistíocht airgeadais na heagraíochta. Ach go háirithe, cinntíonn an Coiste go ndéantar monatóireacht ghníomhach agus neamhspleách ar na córais rialaithe inmheánaí lena n-áirítear na gníomhaíochtaí iniúchóireachta. Tuairiscíonn an Coiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca don Bhord tar éis gach cruinniú, agus go foirmeálta i scríbhinn uair sa bhliain.

Is iad comhaltaí an Choiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca ná:

- Lisa Vaughan (Cathaoirleach)
- George Golden
- Gearóid Breathnach
- Stephen McGovern
- Aidan Dunning

Chruinnigh an ARC le chéile cúig uaire in 2022.

**Coiste Oiliúna agus Forbartha:** tá dhá chomhalta Boid agus trí chomhalta neamhspleácha ann. Ról an Choiste Oiliúna agus Forbartha (TADC) ná maoirseacht agus athbhreithniú a chur ar fáil maidir le hoibríocht Aonad Oiliúna BIM. Tuairiscíonn TADC don Bhord i ndiaidh gach cruinnithe, agus go foirmeálta i scríbhinn uair sa bhliain.

Is iad comhaltaí an Choiste Oiliúna agus Forbartha ná:

- Jean Callanan (Cathaoirleach)
- Marie Gleeson
- Cormac Gebruers
- John Lynch
- Mark Skinner

Bhí dhá chruinniú de chuid TADC ar siúl in 2022.

	Bord	Coiste Iniúchta agus Riosca	Táillí 2022 €'000	Speansais 2022 €'000
Aidan Cotter	(7/7)	-	7	-
Lisa Vaughan	(11/12)	(5/5)	8	1
William Deasy	(12/12)	-	8	4
Jean Callanan	(12/12)	-	8	1
Marie Gleeson	(11/12)	-	8	2
George Golden	(11/12)	(4/5)	8	3
Gearóid Breathnach	-	(5/5)	1	-
Stephen McGovern	-	(5/5)	1	-
Aidan Dunning	-	(5/5)	1	-
<b>Iomlán</b>			<b>50</b>	<b>11</b>

### Athruithe ar na Comhaltaí Boid

Ceapadh an Cathaoirleach, Aidan Cotter, an 17 Bealtaine 2022.

Athcheapadh Lisa Vaughan an 19 Meitheamh 2022.

### Nochtaí atá ina gCeanglais faoin gCód Cleachtas chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016)

Tá an Bord freagrach as a chinntiú go ndearna BIM ceanglais an Chóid Chleachtas chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, 2016 ("an Cód") a chomhlíonadh, arna fhoilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. De réir an Chóid, is gá na nochtuithe seo a leanas a dhéanamh:

### Mionsonrú ar Shochair Ghearrthéarmacha Fostaithe

Aicmítear sochair gearrthéarmacha fostaithe os cionn €60,000 i Nóta 9(c) de na Ráitis Airgeadais.

### Costais Chomhairliúcháin

Cuimsíonn costais chomhairliúcháin costas comhairle sheachtrach don bhainistíocht agus ní chuimsíonn sé feidhmeanna 'gnó mar is gnách'.

	2022 €'000	2021 €'000
Comhairle dlí	50	111
Comhairle airgeadais/achtúireach	-	-
Acmhainní Daonna	-	-
Feabhsú gnó	-	-
Eile	-	-
<b>Costais chomhairliúcháin iomlán</b>	<b>50</b>	<b>111</b>
Costais chomhairliúcháin chaipitlithe	-	-
Costais chomhairliúcháin bainte as Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe	50	111
<b>Iomlán</b>	<b>50</b>	<b>111</b>

### Costais Dhlí agus Socruithe

Tugann an tábla thíos mionsonrú ar na suimeanna a aithnítear mar chaiteachas sa tréimhse tuairiscithe maidir le costais dhlí, socruithe agus imeachtaí idir-réitigh agus eadrána a bhaineann le conarthaí a dhéantar le tríú páirtithe. Ní chuimsíonn sé seo caiteachas a thabhaítear maidir le comhairle dlíthiúil ghinearálta a fuair BIM a nochtar sna costais chomhairliúcháin thuas.

	2022 €'000	2021 €'000
Táillí Dlí - imeachtaí dlíthiúla	-	51
Íocaíochtaí idir-réitigh agus eadrána	-	-
Socruithe*	-	95
<b>Iomlán</b>	<b>-</b>	<b>146</b>

\* Tá figiúr socraíochtaí 2021 de €95,000 comhdhéanta de shocraíochtaí íoctha de €62,000 agus costais ghaolmhara dlí de €33,000.

### Caiteachas Taistil agus Cothabhála

Déantar caiteachas taistil agus cothabhála a aicmiú mar seo a leanas:

	2022 €'000	2021 €'000
<b>Intíre</b>		
- Bord*	13	3
- Fostaithe	473	307
<b>Idirnáisiúnta</b>		
- Bord*	-	-
- Fostaithe	78	5
<b>Iomlán</b>	<b>564</b>	<b>315</b>

\*Lena n-áirítear costais taistil agus cothaithe de €10,000 a íocadh go díreach le comhaltaí an Bhoird in 2022 (2021: €3,000). Baineann iarmhéid €3,000 (2021: €1,000) le caiteachas a d'íoc BIM thar ceann chomhaltaí an Bhoird.

### Caiteachas ar Fhálteachas

Cuimsíonn an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais an caiteachas ar fhálteachas seo a leanas:

	2022 €	2021 €
Fálteachas don Fhoireann	1	1
Fálteachas do chliant	-	-
<b>Iomlán</b>	<b>1</b>	<b>1</b>

### Ráiteas Comhlíonta

Ghlac an Bord leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) agus tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm aige chun comhlíonadh BIM leis an gCód a chinntiú. Rinne BIM riachtanais an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) a chomhlíonadh le haghaidh 2022.



Aidan Cotter  
An Cathaoirleach  
21 Meitheamh, 2023

# Ráiteas ar Rialú Inmheánach

## Rian Freagrachta

Thar ceann BIM glacaim le freagracht an Bhoird chun a chinntiú go ndéantar córas éifeachtach de rialú inmheánach a choinneáil agus a oibriú, go n-ullmhaítear chuntais BIM agus go gcomhlíontar gach oibleagáid reachtúil a bhaineann le BIM. Aithníonn an fhreagracht seo na ceanglais atá sa Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016).

## Príomhnósanna Imeachta Rialaithe chun Rialú Éifeachtach Inmheánach a Sholáthar

Is iad na príomhnósanna imeachta a bhunaigh an Bord ar mhaithe le rialú inmheánach éifeachtúil a chinntiú ná:

- Rinne an Bord athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha a críochnaíodh i mí an Mhárta 2023. Ag tabhairt faoin athbhreithniú seo rinne na Stiúrthóirí na rudaí seo a leanas a mheas:
  - Tuarascáil ar chóras rialuithe inmheánacha in 2022 lena n-áirítear Bainistíocht Riosca, Iniúchtaí Inmheánacha, Iniúchadh Seachtrach agus obair an Choiste Iniúcháireachta agus Measúnú Riosca in 2022;
  - Athbhreithniú bliantúil ar chomhlíonadh leis an gCód um Chaiteachas Poiblí;
  - Tuarascáil maidir le comhlíonadh an Chóid Cleachtais; agus
  - Tuarascáil na n-Iniúcháirí Inmheánacha maidir le Córais Rialuithe Inmheánacha.
- Béim léir ar chuspóirí gnó faoi mar a chinneann an Bord i bhfianaise na gceanglas reachtúil.
- Struchtúr sainithe eagraíochta ina bhfuil freagrachtaí leagtha amach go soiléir, tarmligean údaráis agus deighilt idir dualgais a fhéachann le timpeallacht chúil rialaithe a chruthú.
- Próiseas um bainistíocht rioscaí a dhéanann breithniú ar phleananna straitéiseacha agus gnó i gcomhthéacs phróiseas an bhuiséid bhliantúil tráth a leagtar amach agus a dhéantar athbhreithniú ar phleananna agus ar spriocanna airgeadais ag an mBord i bhfianaise na spriocanna cinntithe.
- Córas tuairiscithe agus rialaithe lena n-áirítear athbhreithniú a dhéanann an Bord ar an mbuiséad bliantúil chomh maith le hathbhreithniú rialta a dhéanamh ar na torthaí féin i leith an bhuiséid.
- Nósanna imeachta um rialú - coinníonn an Bord beartais chuimsitheacha maidir lena phríomhghníomáíochtaí go léir. Is ann do theorainneacha agus do nósanna imeachta, go háirithe, atá sainmhínithe go soiléir do chaiteachas airgeadais, lena n-áirítear soláthar agus caiteachas caipítíl.
- Córais mhonatóireachta - déantar monatóireacht ar nósanna imeachta um rialú leis an bhfeidhm iniúchta inmheánaigh a oibríonn de réir an chreata i gcomhair feidhmithe dea-chleachtais mar atá leagtha amach sa Chód Cleachtais um Rialú Comhlachtaí Stáit 2016. Tugtar eolas i dtaobh obair an iniúchta inmheánaigh trí anailís ar an riosca a bhfuil BIM nochtá dó. Tá an tuairisc ar rialú inmheánach do 2022 faighte ag an gCoiste Iniúcháireachta agus Measúnú Riosca, agus tá tuairim an Iniúcháir Inmheánaí faoi leordhóthanacht agus éifeachtúlacht an chórais rialaithe inmheánaí sa tuairisc sin, agus cuireadh é seo os comhair an Bhoird. Tá an obair iniúcháireachta a rinne iniúcháirí seachtracha go bliantúil ar bhearta cúnamh deontais éagsúla curtha leis na córais iniúcháireachta agus monatóireachta inmheánaí mar a cheanglaítear faoin reachtaíocht AE ar na bearta.
- Tá Comhaltaí Boird neamhfheidhmiúcháin agus triúr comhaltaí seachtracha neamhspleácha ar an gCoiste Iniúchta Riosca, ar chuir an Bord ar bun é in 2009. Tá tuairiscí an Choiste um Iniúcháireacht & Measúnú Riosca don bhainistíocht, agus na hiniúcháirí seachtracha a dhéanann obair ar Bhearta Deontais AE, agus ráitis a dhéanann an tArd-Reachtair Cuntas & Ciste in Litir Bhainistíochta nó i dtuairiscí eile mar bhun eolais ag monatóireacht agus athbhreithniú an Bhoird d'éifeachtúlacht an chórais rialála inmheánaí. Ar a bharr sin, choimisiúnaigh an Bord, mar is cú, athbhreithnithe neamhspleácha de na córais rialaithe inmheánacha ar leith san eagraíocht.

## Cuspóir an Chórais Rialaithe Inmheánaí

Tá an córas rialaithe inmheánach deartha chun rioscaí a bhainistiú ag leibhéal inghlactha seachas iad a dhíbirt ar fad. Mar sin, is féidir leis an gcóras seo ráthaíocht réasúnta seachas absalóideach a thabhairt go gcosnófar sócmhainní, go dtabharfar údarás agus go ndéanfar taifead ceart d'idirbhearta agus go ndéanfar earráidí ábhartha nó neamhréireachtaí eile a chosc agus a bhrath go tráthúil. Cé gur féidir éifeachtacht córais rialaithe inmheánach athrú le himeacht aimsire, déanann BIM athbhreithniú agus nuashonrú ar na córais sin de réir mar a éilítear.

Tá an córas rialaithe inmheánach seo, atá ag teacht leis an treoir a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i bhfeidhm in BIM don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022 agus suas go dtí dáta formheasta na ráiteas airgeadais.

## Athbhreithniú ar Ráiteas ar Rialú Inmheánach

Rinne an Coiste um Iniúcháireacht & Measúnú Riosca (ARC) agus an Bord athbhreithniú ar an Ráiteas ar Rialú Inmheánach 2022 seo i mí an Mhárta 2023. chun cinntiú go léiríonn sé go cruinn an córas rialaithe a bhí ann le linn 2022.

## Tionchar phaindéim COVID-19 ar an Timpeallacht Rialaithe

D'athraigh teacht phaindéim COVID-19 go luath in 2020, agus an chomhairle sláinte poiblí agus bearta sábháilteachta dá bharr, cleachtais oibre BIM go gasta agus b'é an chianobair an gnás don fhoireann.

In 2020, chríochnaigh BIM Measúnú Riosca COVID-19 an OC&AG agus rinneadh athbhreithniú agus uasdátú ar an measúnú in 2021 agus arís in 2022. Lean BIM ar aghaidh le monatóireacht a dhéanamh ar fhorbairtí go cruinn agus leanann sé treoir an Rialtais ar fad, agus é ag súil le rioscaí a laghdú a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar oibríochtaí gnó, ar an bhfoireann agus ar pháirtithe leasmhara.

I measc na ngníomhartha a ghlac BIM bhí:

- Oibríochtaí gnó BIM a aistriú go timpeallacht cianoibre, áit ar comhlíonadh formhór na bpróiseas gnó mar ba ghnách.
- Measúnú leanúnach ar rioscaí suntasacha a bhain le paindéim COVID-19 agus cumas BIM freagairt go héifeachtach.
- Cinnta a dhéanamh gur leanadh le scaradh dualgas leis an grianobair agus go raibh clúdach cúil ann.
- Cinnta a dhéanamh gur leanadh le beartais agus nósanna imeachta a bhain le cosaint sonraí agus bainistíocht taifead sa timpeallacht cianoibre agus go ndearnadh tuairisc orthu mar ba ghnách.
- Cinnta a dhéanamh go bhfuair baill foirne rochtain ar líonra BIM agus iad ag baint úsáide as trealamh TF, ceadaithe ag BIM, agus go raibh an trealamh TF riachtanach sin ag gach ball den fhoireann a bhí ag cianobair.
- Measúnú an fhéidearthacht a bhí ann maidir le laigí sna rialúcháin inmheánacha de bharr COVID-19 agus bearta a ghlacadh chun na rialúcháin inmheánacha a mheasúnú agus a nuashonrú nuair a bhí gá.

Tá ARC ag BIM ina bhfuil beirt chomhalta Boird agus triúr chomhalta neamhspleácha seachtracha, a bhfuil saineolas airgeadais agus iniúchta acu. Tháinig an ARC le chéile cúig uaire in 2022.

Tá a fheidhm iniúcháireachta inmheánaí seachfhoinisithe ag BIM; tá cistiú dóthanach aige agus comhlíonann sé clár oibre atá aontaithe leis ARC.

Tá polasaí bainistíochta riosca forbartha ag an gCoiste Iniúcháireachta agus Measúnú Riosca a leagan amach an inghlacthacht riosca, na próisis bhainistíochta riosca atá i bhfeidhm agus a thugann sonraí faoi róil agus freagrachtaí na foirne i leith riosca. Rinneadh an polasaí a eisiúint leis an bhfoireann ar fad atá faoi cheanglas oibriú laistigh de pholasaithe bainistíochta riosca BIM, an bhainistíocht a chur ar an airdeall faoi rioscaí féidearthachta agus laigí rialaithe agus freagracht a ghlacadh as rioscaí agus rialaithe laistigh dá réimse oibre féin.



## Creat Riosca agus Rialaithe

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag BIM a aithníonn agus a thuiriscíonn príomhrioscaí agus na gníomhaíochtaí bainistíochta atá á úsáid chun déileáil leis na rioscaí seo, a oiread agus is féidir.

Tá clár rioscaí ann ina n-aithnítear na príomhrioscaí atá os comhair BIM agus rinneadh iad seo a aithint, a mheas agus a aicmiú ag brath ar chomh suntasach agus atá siad. Déanann an ARC an clár a athbhreithniú agus a nuashonrú ar bhonn ráithiúil agus is ní seasta ar an gclár é don Bhord. Úsáidtear torthaí na measúnaithe seo chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh chun a chinntiú go ndéantar bainistíocht ar riosca go dtí leibhéal atá inghlactha.

Tugann an clár riosca sonraí faoi na rialaithe agus gníomhaíochtaí is gá chun rioscaí a mhaolú agus faoi fhreagrachtaí d'fheidhmiú rialaithe atá ag baill foirne ar leith. Dearbhaím go bhfuil timpeallacht rialaithe leis na gnéithe seo a leanas i bhfeidhm:

- rinneadh nósanna imeachta do gach príomhphróiseas gnó a dhoiciméadú,
- rinneadh freagrachtaí airgeadais a dháileadh ag leibhéal na bainistíochta leis an gcuntasáocht chúí,
- tá córas buiséadaithe cuí ann le buiséad bliantúil atá faoi athbhreithniú ag an mbainistíocht shinsearach,
- tá córais ann atá dírithe ar shlándáil faisnéise agus córais teicneolaíochta cumarsáide,
- tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint, agus
- cinntíonn nósanna imeachta rialála do chistiú deontais do ghníomhaireachtaí seachtracha rialú leordhóthanach maidir le formheas deontais agus go ndéantar monatóireacht agus athbhreithniú ar dheontaithe chun a chinntiú gur cuireadh i bhfeidhm an cistiú deontais chun na críocha cearta.

## Sáruithe Rialúcháin

Ní raibh cás ar bith de shárú rialúcháin tuairiscithe in 2022.

## Cailteanais Ábhartha nó Calaoisí

Níor tuairiscíodh aon chailteanais ná calaoisí ábhartha in 2022.

## Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach

Bunaíodh nósanna imeachta foirmeálta chun próisis rialaithe agus easpaí rialaithe a mhonatóiriú agus déantar iad seo a chur in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomhaíochtaí ceartaitheacha a ghlacadh agus don bhainistíocht agus don Bhord, más íomchuí, go tráthúil. Dearbhaím go bhfuil na córais mhonatóireachta leanúnacha seo i bhfeidhm:

- Rinneadh príomhrioscaí agus rialaithe gaolmhara a aithint agus cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibríocht na bpríomhrialaithe sin agus aon easpaí aitheanta a thuirisciú,
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal ag a bhfuil freagracht as bainistíocht airgeadais tugtha, agus
- Déanann an bhainistíocht shinsearach athbhreithnithe rialta den fheidhmíocht thráthrialta agus bhliantúil agus cuireann siad le chéile tuairiscí airgeadais a chuireann feidhmíocht i gcomparáid le buiséid/réamhfaisnéis.

## Nósanna Imeachta chun Aghaidh a Thabhairt ar Impleachtaí Airgeadais de Mhór-rioscaí Gnó

Rinneadh impleachtaí airgeadais na mór-rioscaí gnó a mheas trí phróiseas foirmiúil an mheasúnaithe bainistíochta rioscaí agus trí Phleananna Iniúchta Inmheánaigh BIM a ullmhú. Déantar a thuilleadh measúnaithe agus athbhreithnithe orthu siúd trí Phlean Iniúchta Inmheánaigh BIM a chur i bhfeidhm de réir a chéile.

## Faisnéis Airgeadais agus Buiséid

Tá córas an rialúcháin inmheánaigh bunaithe ar chreat d'fhaisnéis rialta bhainistíochta, córas tarmligin agus freagrachta, tacair de nósanna imeachta airgeadais agus riaracháin lena n-áirítear leithscaradh na ndualgas. Cuimsíonn sé go háirithe na rudáí seo a leanas:

- Córas cuimsitheach buiséadaithe a bhfuil buiséad bliantúil aige, ar a ndéantar athbhreithniú agus faomhadh ag an mBord.
- Sannadh buiséad agus údaráis buiséadaithe agus freagrachta maidir le feidhmeanna ar leith do bhainisteoirí roghnaithe.
- Socruithe do gach ceannach le bheith déanta agus rialaithe trí chóras agus nósanna imeachta bainistíochta airgeadais BIM.
- Athbhreithnithe míosúla déanta ar thuarascálacha bainistíochta airgeadais ag an mBord.
- Glacadh le Plean Corparáideach Soláthair bliantúil agus Oifigeach Soláthair a cheapadh.

Lean na rialuithe ionsuite sna Córais Airgeadais ag oibriú ar aghaidh mar is gnáth i rith 2022 gan sárú nós imeachta nó príomhrialaithe chun gnó mar is gnáth a choinneáil ag imeacht.

## Soláthar

Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag BIM chun comhlíonadh le rialacha agus treoracha soláthair reatha a chomhlíonadh agus gur chloígh BIM leis na nósanna imeachta seo in 2022. Comhlíonann BIM na rialacha soláthair reatha agus na treoirlínte atá leagtha amach ag an Oifig um Sholáthar Rialtais.

## Athbhreithniú ar Éifeachtúlacht

Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag BIM chun éifeachtúlacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe a mhonatóiriú. Tá obair na n-iniúcháirí inmheánacha agus seachtracha, an Coiste um Iniúcháireacht agus Measúnú Riosca a mhaoirsíonn a n-obair, agus an bhainistíocht shinsearach laistigh den BIM atá freagrach as forbairt agus cothabháil an chreat rialaithe airgeadais inmheánaí, tá siad mar bhun eolais ag mhonatóiriú agus athbhreithniú an BIM ar éifeachtúlacht an chórais rialaithe inmheánaí.

Dearbhaím go ndearna an Bord athbhreithniú bliantúil ar éifeachtúlacht na rialúcháin inmheánach do 2022 in Eanáir 2023.

## Fadhbanna Rialaithe Inmheánaí

Níor aithníodh aon laigí sa rialú inmheánach in 2022 ar gá iad a nochtadh sna ráitis airgeadais

## Faomhadh an Bhoird

Rinne an Coiste Iniúcháireachta agus Measúnú Riosca agus an Bord an ráiteas ar rialú inmheánach a athbhreithniú chun a chinntiú go bhfreagraíonn sé go huile agus go hiomlán leis na córais rialaithe a bhí i bhfeidhm i rith na tréimhse tuairiscithe.

Sínithe thar ceann Bhord BIM,



Aidan Cotter  
An Cathaoirleach  
21 Meitheamh, 2022

## Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus na Cúlchistí Ioncaim

### don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022

	Tabhair do d'aire	2022 €'000	2021 €'000
<b>Ioncam</b>			
Deontais an Oireachtais	3	51,065	45,900
Glanmhaoiniú Iarchurtha don Scor			
Oibleagáidí Sochair	19(c)	1,168	665
		<b>52,233</b>	<b>46,565</b>
Deontais an AE	4	35	334
Láimhdeachas Ghléasra Oighir	5	306	341
Ioncam Eile	6	822	596
		<b>53,396</b>	<b>47,836</b>
<b>Caiteachas</b>			
Forbairt Reatha an AE	4	1	45
Forbairt Chaipitil Tionscail	7	2,819	9,272
Forbairt Reatha Tionscail	8(a)	38,906	26,308
Riarachán Reatha Tionscail	8(b)	6,028	5,261
Dímheas a Gearradh i Rith na Bliana	8(c)	1,079	1,244
Oibleagáidí Sochar Scoir	19(a)	3,257	2,840
Caiteachas ar Ghléasraí Oighir	5	1,144	1,115
		<b>53,234</b>	<b>46,085</b>
<b>Barrachas/(Easnamh) don bhliain</b>		<b>162</b>	<b>1,751</b>
Glanastríú go Cúlchiste Caipitil	15	(680)	(647)
Iarmhéid tugtha ar aghaidh amhail an 1 Eanáir		<b>(268)</b>	<b>(1,372)</b>
<b>Iarmhéid tugtha ar aghaidh amhail an 31 Nollaig</b>		<b>(786)</b>	<b>(268)</b>

Baineann an t-ioncam agus caiteachas go léir don bhliain le gníomhaíochtaí leantacha amhail an dáta tuairiscithe.

Tá Nótaí 1-23 ina gcuid de na Ráitís Airgeadais seo.

Rinne an Bord na Ráitís Airgeadais a fhaomhadh ar an 21 Meitheamh 2023 agus sínítear iad thar a cheann ag:



Aidan Cotter  
An Cathaoirleach  
21 Meitheamh, 2023



Caroline Bocquel  
Príomhfheidhmeannach  
21 Meitheamh, 2023

## Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach

### Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022

	2022 €'000	2021 €'000
<b>Barrachas/(Easnamh) don bhliain</b>	<b>162</b>	<b>1,751</b>
Gnóthachain/(caillteanas) ó thaithí ar oibleagáidí shochar scoir	(499)	(653)
Athruithe ar thiomhdí	24,154	(3,940)
Coigeartú ar mhaoiniú iarchurtha shochar scoir	(23,655)	4,593
<b>Ioncam Cuimsitheach Iomlán don bhliain</b>	<b>162</b>	<b>1,751</b>

Tá Nótaí 1-23 ina gcuid de na Ráitís Airgeadais seo.

Rinne an Bord na Ráitís Airgeadais a fhaomhadh ar an 21 Meitheamh 2023 agus sínítear iad thar a cheann ag:



Aidan Cotter  
An Cathaoirleach  
21 Meitheamh, 2023



Caroline Bocquel  
Príomhfheidhmeannach  
21 Meitheamh, 2023

## Ráiteas ar Stad Airgeadais

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022

	Tabhair do d'aire	2022 €'000	2021 €'000
<b>Sócmhainní Seasta</b>			
Maoín, Gléasra agus Trealamh	11	4,849	4,169
<b>Sócmhainní Reatha</b>			
Infháltais	12	666	825
Fardal		9	10
Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgead Tirim		835	8,988
		<b>1,510</b>	<b>9,823</b>
<b>Dlíteanas Reatha</b>			
Méideanna Iníochta (suimeanna dlíte laistigh de bhliain amháin)	13	(2,296)	(10,091)
<b>Glansócmhainní/(Dlíteanais) Reatha</b>		<b>(786)</b>	<b>(268)</b>
<b>Sócmhainní Iomlána Lúide Dlíteanais Reatha roimh Phinsean</b>		<b>4,063</b>	<b>3,901</b>
Oibleagáid Sochair Scoir	19(b)	(66,903)	(89,390)
Sócmhainn Iarchurtha Mhaoinithe Shochair Scoir	19(c)	66,903	89,390
<b>Glansócmhainní Iomlána</b>		<b>4,063</b>	<b>3,901</b>
<b>In ionannas le</b>			
Cúlchistí Ioncaim Coinnithe		(786)	(268)
Cúlchistí Caipitil	15	4,849	4,169
<b>Glansócmhainní Iomlána</b>		<b>4,063</b>	<b>3,901</b>

Tá Nótaí 1-23 ina gcuid de na Ráitis Airgeadais seo.

Rinne an Bord na Ráitis Airgeadais a fhaomhadh ar an 21 Meitheamh 2023 agus sínítear iad thar a cheann ag:



Aidan Cotter  
An Cathaoirleach  
21 Meitheamh, 2023



Caroline Bocquel  
Príomhfheidhmeannach  
21 Meitheamh, 2023

## Ráiteas ar Shreafaí Airgid

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022

	2022 €'000	2021 €'000
<b>Réiteach ar an mBarrachas/(Easnamh) Oibriúcháin le Glansreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin/Forbartha</b>	<b>162</b>	<b>1,751</b>
Barrachas/(Easnamh) don Bhliain	162	1,751
Ús Bainc		-
Muirear Dímhheasa	1,079	1,244
Ioncam ó Dhíol Sócmhainní Seasta (Méadú)/Laghdú ar an bhFardal	1	1
Laghdú/(Méadú) ar Infháltais	159	93
Méadú/(Laghdú) ar Iníochtaigh	(7,796)	6,989
<b>Glan-Airgid (eis-sreabhadh) /Insreabhadh ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin/Forbartha</b>	<b>(6,394)</b>	<b>10,107</b>
<b>Ráiteas maidir le Sreafaí Airgid</b>		
Glan-insreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin/Forbartha	(6,394)	10,107
<b>Sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Maoinithe</b>		
Ús a Fuarthas	-	-
<b>Sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta</b>		
Íocaíochtaí chun Sócmhainní Seasta Inláimhsithe a Ghnóthú	(1,759)	(1,891)
Fáltas ó dhíol sócmhainní	-	-
<b>Méadú/(Laghdú) ar Airgead Tirim agus ar Choibhéisí in Airgead Tirim</b>	<b>(8,153)</b>	<b>8,216</b>
Airgead tirim agus coibhéisí in airgead tirim ag tús na bliana	8,988	772
<b>Airgead tirim agus coibhéisí in airgead tirim ag deireadh na bliana</b>	<b>835</b>	<b>8,988</b>

Tá Nótaí 1-23 ina gcuid de na Ráitis Airgeadais seo.

Rinne an Bord na Ráitis Airgeadais a fhaomhadh ar an 21 Meitheamh 2023 agus sínítear iad thar a cheann ag:



Aidan Cotter  
An Cathaoirleach  
21 Meitheamh, 2023



Caroline Bocquel  
Príomhfheidhmeannach  
21 Meitheamh, 2023

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

## Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022

### 1. Beartais Chuntasaíochta

Tá an bonn cuntasáíochta agus na polasaithe cuntasáíochta suntasacha a ghlac an BIM leo leagtha amach thíos. Cuireadh iad sin i bhfeidhm go comhsheasmhach i rith na bliana agus don bhliain roimhe.

#### Faisnéis Ghinearálta

Bunaíodh BIM faoin Acht lascaigh Mhara, 1952, agus tá a cheannoifig i nDún Laoghaire, Contae Bhaile Átha Cliath.

Is iad príomhchuspóirí BIM mar a leagtar amach iad san Acht lascaigh Mhara, 1952, ná: an tionscal a fhorbairt ar tonn agus ar tír, chun a chur ar a chumas cur go hiomlán le geilleagar na réigiún cósta agus le geilleagar na tíre trí chéile. Is í an Ghníomhaireacht Stáit ag a bhfuil freagracht phríomhúil as forbairt inbhuanaithe thionscal bia mara na hÉireann agus as éagsúlú an gheilleagair chósta í.

Is Eintiteas Sochair Phoiblí é BIM.

#### Ráiteas Comhlíonta

Rinneadh ráitis airgeadais BIM don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022 a ullmhú de réir FRS 102, an caighdeán tuairiscithe airgeadais infheidhme sa RA agus in Éirinn arna eisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais (FRC).

#### Bunús Ullmhúcháin

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil, ach amháin i gcás sócmhainní agus dliteanas áirithe a ndéantar iad a thomhas ag a luach cóir mar a mhínítear sna beartais chuntasaíochta thíos. Tá na ráitis airgeadais i bhfoirm atá faofa ag an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara le toiliú ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe faoin Acht lascaigh Mhara, 1952. Cuireadh na beartais chuntasaíochta seo a leanas i bhfeidhm go comhsheasmhach maidir le nithe a réiteach a mheastar gur nithe ábhartha iad i dtaca le ráitis airgeadais BIM.

#### Ioncam - Deontais an Oireachtais

Sonraítear ioncam ar bhonn fabhráithe de ghnáth; an t-aon eisceacht ná Deontais an Oireachtais a shonraítear ar bhonn fáltas airgid.

#### Aisíocaíochtaí ar na Deontais a Íocadh

Bíonn na deontais a íocadh in-aisíoctha in imthosca áirithe, mar shampla má dhéantar an chuideachta a fuair an deontas a leachtú/dhíscáoilleadh, nó mura gcloítear le coinníollacha an deontais. Aithnítear aisíocaíochtaí deontais áit ar dócha go bhfaighidh an BIM an t-airgead agus gur féidir an méid a mheas go beacht; mar sin, cuirtear san áireamh iad ar bhonn fabhráithe.

#### Ioncam Úis

Sonraítear ioncam úis ar bhonn fabhráithe ag úsáid an mhodha um ghlanráta úis.

#### Ioncam Eile

Sonraítear ioncam eile ar bhonn fabhráithe.

#### Ioncam Iarchurtha

Cuimsíonn ioncam iarchurtha cistiú Eorpach agus cistiú Chruatain Bhradáin a iarcuireadh ag brath ar chaiteachas ar sheachadadh seirbhísí.

#### Scéimeanna Deontais

Déantar íocaíochtaí a dhéantar faoi na scéimeanna deontais éagsúla a oibríonn an Bord a chur san áireamh ar bhonn fabhráithe.

Déantar deontais atá iníoctha le BIM a aithint mar chaiteachas nuair a chomhlíonann an deontas na coinníollacha atá leagtha amach sa chomhaontas deontais agus gur chuir sé isteach an doiciméadú cuí chun an comhlíonadh seo a dheimhniú.

Déantar ceangaltais a eascraíonn de bhun ceaduithe faoi na Scéimeanna éagsúla Deontais atá á bhfeidhmiú ag an mBord a léiriú i Nóta 16.

#### Drochfhiacha

Déantar foráil d'iasachtaí agus d'fhiachais a mheastar go bhfuil amhras ann go mbaileofar iad agus i gcoinne aon chaillteanas a bhféadfadh teacht aníos de bharr ráthaíochtaí. Glantar drochfhiacha sa bhliain ina ndéantar deireadh a chur le comhaontú na hiasachta atá i gceist.

#### Fardal

Is éard atá san fhardal ná earraí atá le hathdhíol, agus sonraítear é sna ráitis airgeadais ag an gCostas nó an Glanluach Inréadaíthe (GLI), cibé acu is ísle. Ríomhtar an costas ar bhonn an chinn is túisce isteach, is túisce amach agus cuirtear na costais cheannacháin go léir san áireamh ann. Is é an GLI ná an praghas díola (fíorphraghas nó praghas measta) lúide na costais riachtanacha chríochnúcháin go léir.

#### Infháltais

Sonraítear infháltais ag a luach cóir, lúide soláthar in aghaidh fiach amhrasach. Is foráil ar leith an fhoráil in aghaidh fiach amhrasach, agus déantar í a bhunú nuair atá fianaise oibiachtúil ann nach mbeidh BIM in ann na suimeanna ar fad atá dlíte dó a bhailiú. Sonraítear na gluaiseachtaí go léir i soláthar in aghaidh fiach amhrasach sa Ráiteas maidir le hioncam agus Caiteachas agus le Cúlchistí Ioncaim Coinnithe.

#### Léasanna Oibriúcháin

Sonraítear an caiteachas cíosa faoi léasanna oibriúcháin sa Ráiteas maidir le hioncam agus Caiteachas agus le Cúlchistí Ioncaim Coinnithe thar saolré an léasa. Sonraítear an caiteachas de réir méid chothroim thar thréimhse an léasa, ach amháin sa chás go dtagann méadú ar an gcíos atá nasctha le ráta ionchais an bhoilscithe. Sa chás sin, sonraítear na méaduithe nuair a thabhaítear iad. Sonraítear thar shaolré an léasa na dreasachtaí léasa a fhaightear.

#### Maoin, Gléasra agus Trealamh

Luaitear maoin, gléasra agus trealamh ag a gcostas lúide dímheas carntha, agus iad mionchoigeartaithe do sholáthar in aghaidh bearnaithe, más ann dó. Déantar soláthar in aghaidh dímheasa ag rátaí measta ar an maoin, gléasra agus trealamh go léir, ach amháin talamh ruilse agus saothar ealaíne, chun an costas, lúide an luach iarmharach measta, atá ar gach sócmhainn a dhíscríobh de réir méid chothroim thar a saol úsáideach measta, mar seo a leanas:

- Talamh agus Áitribh
  - a. Talamh Nialas
  - b. Áitribh:
    - Stáisiúin Loingseoireachta - Bunaidh 2%
    - Stáisiúin Loingseoireachta - Breise 10%
    - Áitribh Eile 10%

- Gléasra agus Innealra
  - a. Trealamh Oiliúna 16.6%
  - b. Gléasra agus Innealra Eile 10%
  - c. Trealamh Teicniúil 20%
- Mótarfheithiclí 20%
- Gléasanna agus Trealamh
  - a. Trealamh Iascaireachta 50%
  - b. Árthaí 10%
  - c. Trealamh Oifige 20%
  - d. Trealamh Ríomhaireachta (TF) 33.3%

Is ionann an luach iarmharach agus an tsuim mheasta a gheofaí faoi láthair ar dhiúscairt sócmhainne, tar éis costais mheasta na diúscairthe a asbhaint, sa chás go mbeadh an tsócmhainn d'aois agus de riocht a mbeifeá ag súil leo ag deireadh a saoil úsáidigh.

Más ann d'fhianaise oibiachtúil go bhfuil luach sócmhainne bearnaithe, sonrófar cailteanas bearnaithe sa Ráiteas maidir le hloncam agus Caiteachas agus le Cúlchistí Ioncaim Coinnithe don bhliain.

### Cúlchistí Caipitil

Is éard atá sna Cúlchistí Caipitil ná an luach gan amúchadh atá ar na deontais chaipitil a úsáidtear chun sócmhainní seasta a mhaoiniú.

### Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgead Tirim

Is éard atá in airgead tirim ná airgead ar láimh agus taiscí prapéilimh. Is éard atá i gcoibhéisí in airgead tirim ná infheistíochtaí gearrthéarmacha an-leachtacha ar féidir iad a chomhshó go réidh i suimeanna aitheanta airgid thirim, suimeanna nach bhfuil ach mionriosca ann go dtiocfaidh athrú ar a luach.

### Airgeadraí Iasachta

Aistrítear sócmhainní agus dliteanais airgid in airgeadraí iasachta ag na rátaí malairte ar an dáta tuairiscithe. Aistrítear ioncam agus costais ag na rátaí malairte ar dhátaí na n-idirbheart atá i gceist.

Pléitear sa Ráiteas maidir le hloncam agus Caiteachas agus le Cúlchistí Ioncaim Coinnithe le brabúis agus le cailteanais a eascraíonn as idirbhearta in airgeadraí iasachtacha agus as socraíocht na suimeanna infhaighte agus iníoctha.

### Sochair na bhFostaithe

**Sochair Ghearrthéarmacha:** Sonraítear sochair ghearrthéarmacha amhail pá saoire mar chostas sa bhliain, agus cuirtear na sochair atá carntha ag deireadh na bliana san áireamh i bhfigiúr na nIníocthach sa Ráiteas maidir le Staid Airgeadais.

**Sochair Scoir:** Roimhe seo, bhunaigh BIM a scéim sochair phinsin deimhnithe féin, a cistíodh go bliantúil ar bhonn íoc-mar-a-thuilltear ó airgead a chuir an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara ar fáil agus ó íocaíochtaí rannpháirteacha a baineadh ó thuarastail bhaill foirne agus tuarastail chomhaltaí. Oibríonn BIM Scéim Pinsin Seirbhísí Poiblí Aonair (“Scéim Aonair”) freisin, ar scéim sochair dheimhnithe í d'fhostaithe sa tseirbhís phoiblí a ceapadh ar nó tar éis an 1 Eanáir 2013. Íoctar ranníocaíochtaí bhaill na Scéime Singile leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (RCPA).

Achtaíodh an t-Acht um Pinsin Seirbhísí Phoiblí (Scéim Singil agus Forálacha Eile) 2012 ar an 28 Iúil 2012 agus thug sé isteach Scéim Phinsin Seirbhísí Poiblí Singil (“Scéim Singil”) le héifeacht ón 1 Eanáir 2013. Is baill gach iontrálaí nua sa tSeirbhís Phoiblí, ar nó tar éis an 1 Eanáir 2013, den Scéim Singil.

Léiríonn costais phinsin na sochair phinsin a thuilleann fostaithe sa tréimhse agus sonraítear iad de réir ranníocaíochtaí pinsin na mball foirne a choimeádann BIM. Déantar suim a fhreagraíonn don táille pinsin a aithint mar ioncam sa mhéad agus atá sé in-aisghabhála, agus gur féidir é a fhritháireamh in aghaidh deontais a fuarthas sa bhliain chun na híocaíochtaí pinsin a dhéanamh.

Léirítear na gnóthachain nó na cailteanais achtúireacha a eascraíonn as dliteanais na scéime sa Ráiteas maidir le hloncam Cuimsitheach agus sonraítear athrú comhfhreagrach sa tsuim atá in-aisghabhála ón Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara.

Léiríonn na ráitis airgeadais luach cóir na sócmhainní agus dliteanais a eascraíonn as ceangaltais pinsin an BIM, mar aon le haon mhaoiniú gaolmhar, agus sonraítear iontu na costais a bhaineann le sochair pinsin a sholáthar sna tréimhsí cuntasáíochta inar gnóthaíodh ag na fostaithe iad. Déantar dliteanais maidir le scéim shochar scoir a thomhas ar bhonn achtúireach ag úsáid mhodh na n-aonad réamh-mheasta creidmheasa.

### Soláthairtí

Sonraítear soláthairtí nuair atá ceangaltas reatha dlíthiúil nó inchiallaithe ar an mBord mar thoradh ar imeachtaí roimhe seo; is dócha go mbeidh eis-sreabhadh acmhainní de dhíth chun an ceangaltas a réiteach agus gur féidir méid na hoibleagáide a mheas go cinnte.

### Suimeanna Teagmhasacha

Ní shonraítear dliteanais theagmhasacha a eascraíonn as imeachtaí roimhe seo (i) mura dócha go mbeidh eis-sreabhadh acmhainní ann nó mura féidir an tsuim a thomhas go hiontaofa amhail an dáta tuairiscithe, nó (ii) má dhéanfar iad a dheimhniú trí imeachtaí neamhchinnte a tharlóidh nó nach dtarlóidh sa todhchaí, nach bhfuil go hiomlán faoi rialú an Bhoird. Déantar dliteanais theagmhasacha a nochtadh sna ráitis airgeadais ach amháin más fánach an seans go dtarlóidh eis-sreabhadh.

Ní shonraítear sócmhainní teagmhasacha. Déantar sócmhainní teagmhasacha a nochtadh sna ráitis airgeadais nuair is dócha go dtarlóidh insreabhadh de shochair gheilleagracha.

## 2. Breithiúnais agus Meastacháin An-Tábhachtacha Chuntasaíochta

Le linn do na ráitis airgeadais seo a bheith á n-ullmhú, bíonn ar an lucht bainistíochta breithiúnais, meastacháin agus toimhdí a dhéanamh a chuireann isteach ar fhorfheidhmiú na mbeartas agus ar na suimeanna a thuairiscítear i leith sócmhainní agus dliteanas, ioncaim agus costas.

Déantar breithiúnais agus meastacháin a mheas go leanúnach agus bunaítear ar chleachtaí stairiúla agus ar thosca eile iad, lena n-áirítear ionchais maidir le himeachtaí amach anseo a mheastar gur ionchais réasúnta iad sna himthosca. Déanann an Bord meastacháin agus toimhdí maidir leis an todhchaí. Is annamh go mbeidh na meastacháin chuntasaíochta, faoi mar a thuigfeá, a eascraíonn as, mar an gcéanna leis na fíorthorthaí gaolmhara. Pléitear thíos na meastacháin agus na toimhdí a bhfuil baol mór ann go dtiocfaidh athrú ó thaobh ábhair de, dá mbarr, ar shuimeanna glanluacha na sócmhainní agus na ndliteanas sa chéad bhliain airgeadais eile:

### (a) Saolréanna a bhunú chun críocha dímheasa do mhaoin, do ghléasra agus do threalamh

Is cuid mhór de na sócmhainní iomlána iad sócmhainní fadsaolacha, .i. maoin, gléasra agus trealamh den chuid is mó. Braitheann an muirear bliantúil dímheasa go príomha ar shaolréanna measta gach cineál sócmhainne agus ar mheastacháin luachanna iarmharacha. Déanann an Bord athbhreithniú rialta ar shaolréanna na sócmhainní agus athraíonn sé iad nuair is gá chun an smaointeoireacht reatha ar na saolréanna atá fágtha a léiriú i bhfianaise úsáid ionchasach geilleagrach agus riocht fisiceach na sócmhainní lena mbaineann. Is féidir le tionchar suntasach a bheith ag athruithe ar shaolréanna sócmhainní ar na muirir dhímheasa don tréimhse. Tá mionsonraí faoi shaolréanna úsáideacha curtha san áireamh sna beartais chuntasaíochta.

### (b) Soláthar le haghaidh fiach amhrasach

Déanann an Bord meastacháin maidir le luach in-aisghabhála na bhféichiúnaithe trádála agus féichiúnaithe eile. Úsáideann an Bord meastacháin atá bunaithe ar chleachtadh stairiúil chun leibhéal na bhfiach a shocrú go mb'fhéidir nach mbaileofaí iad. Cuirtear san áireamh sna meastacháin tosca amhail rátáil reatha an fhéichiúnaí, próifíl aosaithe na bhféichiúnaithe agus an cleachtadh stairiúil. Déantar athbhreithniú leanúnach ar leibhéal riachtanach an tsoláthair.

### (c) Sochar Scoir

Déanann an Bord na suimeanna atá ag dul dó ón Stát as an dliteanas iarchurtha neamhchistithe pinsin, a shonrú bunaithe ar roinnt imeachtaí roimhe seo. Áirítear leis na himeachtaí sin tacaíocht rathúil don scéim aoisliúntais, agus an beartas agus an cleachtadh a bhaineann le pinsin seirbhíse poiblí a mhaoiniú, lena n-áirítear an próiseas bliantúil um meastachán. Cé nach ann do chomhaontú foirmiúil, agus mar sin do ráthaíocht, i ndáil leis na suimeanna faoi leith seo leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, níl aon fhianaise ag an mBord nach mbainfidh an beartas maoinithe seo an tsuim seo amach de réir a chéile de réir an chleachtais reatha.

### (d) Oibleagáidí Sochar Scoir

Déantar nuashonrú go bliantúil ar na toimhdí atá mar bhunús ag na luachálacha achtúireacha dá ndéantar na suimeanna atá sonraithe sna ráitis airgeadais a leagann amach (lena n-áirítear rátaí lascaire, rátaí méadaithe ar leibhéal cúitimh amach anseo, rátaí báis agus rátaí treochta um chostais cúram sláinte) bunaithe ar chúinsí geilleagracha reatha, agus má dhéantar aon athrú ábhartha ar théarmaí agus coinníollacha na bpleananna pinsin agus iar scoir.

Is féidir leis na nithe seo a leanas dul i gcion ar thoisí:

- (i) Athraíonn an ráta lascaire sa ráta fáltais ar bhannaí corparáideach d'ardchaighdeán.
- (ii) Leibhéil chúitimh don todhchaí, coinníollacha margaidh lucht saothair todhchaí.
- (iii) Rátaí treochta um chostais cúram sláinte, ráta an bhoilscithe de bharr costais leighis i réigiúin ábhartha.

## 3. Deontais an Oireachtais: An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara

	2022 €'000	2021 €'000
<b>Vóta 30 - Fo-cheannteideal D5 Forbairt Reatha</b>		
Pá	8,250	7,700
Aoisliúntas	2,450	2,600
Neamhphá	35,865	23,850
<b>Iomlán Forbartha Reatha</b>	<b>46,565</b>	<b>34,150</b>
Forbairt Chaipitil	4,500	11,750
	<b>51,065</b>	<b>45,900</b>

## 4. Deontais

### Deontais a Fuarthas

Tionscadal	2022 €'000	2021 €'000
Interreg	35	334
	<b>35</b>	<b>334</b>

### Deontais a Caitheadh

Tionscadal	Tuarastail	Neamhphá	Deontais	Iomlán	Iomlán
Interreg	-	1	-	1	45
	-	<b>1</b>	-	<b>1</b>	<b>45</b>

Cuireadh fáltais uile an AE i bhfeidhm le linn na bliana agus bhain siad le caiteachas ar fhorbairt reatha tionscail. Baineann an difríocht, de €34,000, idir na deontais a fuarthas agus na deontais a caitheadh le difríochtaí ama i riar na n-éileamh le haghaidh maoinithe scéime.

## 5. Torthaí oibriúcháin maidir le Soláthar Oighir

	2021 €'000	2020 €'000
<b>Láimhdeachas</b>	<b>306</b>	<b>341</b>
Lúide: Pánna	(507)	(486)
Lúide: Costais oibriúcháin	(526)	(482)
Lúide: Costais riaracháin	(111)	(147)
<b>Caiteachas Iomlán ar Ghléasraí Oighir*</b>	<b>(1,144)</b>	<b>(1,115)</b>
<b>(Easnamh)/Barrachas ar oibríochtaí</b>	<b>(838)</b>	<b>(774)</b>

\*Ní áirítear sa chaiteachas iomlán muirir dhímheasa ar shócmhainní seasta gléasra oighir de €14,000 sa bhliain (2021: €16,000).

Nóta: Rinne Bord BIM measúnú ar chás gnó nuashonraithe d'oibríochtaí gléasra oighir amach anseo in 2022. Tá dul chun cinn á dhéanamh air seo faoi láthair leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara.

## 6. Ioncam eile

	2022 €'000	2021 €'000
Ioncam Riaracháin – lena n-áirítear. Cíos Infhála	30	32
Ioncam lascaigh Mhara	247	210
Comhairle Uiscí an Iarthuaiscirt	16	16
Ioncam ó Oiliúint	439	294
Aisíocaíochtaí ar Dheontais lascaigh Mhara	89	43
Fáltais ó Dhíol Sócmhainní	1	1
	<b>822</b>	<b>596</b>

## 7. Caiteachas Forbartha Caipitil Tionscail

	2022 €'000	2021 €'000
<b>Tionscadal</b>		
Seirbhísí Teicniúla Mara	2,819	6,631
Seirbhísí Forbartha agus Nuálaíochta	-	2,641
	<b>2,819</b>	<b>9,272</b>

Áirítear le STS doharshaothrú de €577k in 2022 (2021: €2,821k)

## 8. Caiteachas ar Fhorbairt Reatha Tionscail

### (a) Forbairt

	2022 €'000	2021 €'000			
<b>Tionscadal</b>	<b>Tuarastail</b>	<b>Neamhphá</b>	<b>Deontais</b>	<b>Iomlán</b>	<b>Iomlán</b>
Seirbhísí Teicniúla Mara	2,244	3,127	24,214	29,585	16,641
Seirbhísí Eacnamaíochta agus Straitéiseacha	499	471	-	970	1,455
Seirbhísí Forbartha agus Nuálaíochta	1,183	2,516	90	3,789	4,337
Cúnamh Teicniúil (EMFF)	458	507	-	965	862
Seirbhísí Forbartha Scileanna	1,388	1,163	124	2,675	2,470
Cúrsaí Cumarsáide	343	579	-	922	543
	<b>6,115</b>	<b>8,363</b>	<b>24,428</b>	<b>38,906</b>	<b>26,308</b>

### (b) Riarachán

	2022 €'000	2021 €'000
Costais Tuarastail	1,871	1,675
Baill Foirne Riaracháin Taistil	48	24
Costais Táillí agus Taistil Chomhaltáí an Bhoird	71	60
Cíos, Rátaí agus Deisiúcháin	138	185
Guthán, Postas agus Páipéarachas	209	215
Próiseáil Sonraí (TF)	1,807	1,319
Cumhacht, Soilse agus Glantóireacht	236	112
Táillí Dlí, Gairmiúla agus Sainchomhairleoirí	848	946
Táille Iniúchta	32	32
Tuarascáil Bhliantúil	15	15
Árachas	109	88
Fógraíocht & Urraíocht	3	3
Costais Oiliúna agus Forbartha Foirne	320	333
Ilnithe, Costais Ghinearálta agus Suibscríbhinní Trádála	321	254
	<b>6,028</b>	<b>5,261</b>

### (c) Dímhéas

	2022 €'000	2021 €'000
Dímhéas i rith na bliana	1,079	1,244
	<b>46,013</b>	<b>32,813</b>

## 9. Costais Foirne

Gearrtar tuarastail foirne i gcaitheamh na bliana ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Coimeádta Ioncaim Reatha faoi na ceannteidil seo a leanas. Gearrtar pá Oibreoirí Ghléasra Oighir ar chostais reatha Ghléasra Oighir (Féach Nóta 5).

### (a) Tuarastail Foirne de réir Rannáin

	Líon na mBall Foirne amhail an 31 Nollaig 2022	2022 € '000	Líon na mBall Foirne amhail an 31 Nollaig 2021	2021 €'000
Tuarastail maidir le Seirbhísí Teicniúla Bia Mara - Nóta 8 (a)	32	2,244	32	2,294
Seirbhísí Eacnamaíochta & Straitéiseacha - Nóta 8(a)	6	499	6	403
Tuarastail Forbartha Gnó & Nuála - Nóta 8(a)	16	1,183	20	1,179
Tuarastail Forbartha Seirbhísí Oiliúna - Nóta 8 (a)	20	1,388	22	1,264
Tuarastail Cumarsáide - Nóta 8(a)	5	343	5	320
Seirbhísí Corparáideacha - Nóta 8(b)	35	2,035	28	2,129
Tuarastail Ghléasra Oighir - Nóta 5	12	507	9	486
	<b>126</b>	<b>8,199</b>	<b>122</b>	<b>8,075</b>

Áiríodh tuarastail de €458,000 a bhaineann le foireann a coinníodh faoin Scéim Chabhrach Teicniúil (2021: Áirítear €498,000), arna gcistiú ag cúnamh deontais EMFF, san aonad Seirbhísí Corparáideacha do 2022. Áirítear ragobair de €42,000 (2021: €44,000) sa mhéid thuas. Níor íocadh aon liúntais ar bord sa bhliain (2021: €1,000).

### (b) Pinsin a hÍocadh sa Bhliain

Is iad is pinsinéirí iontu ná íocaíochtaí pinsin a dhéantar le baill foirne BIM atá ar scor (Féach Nóta 19).

	2022 € '000	2021 €'000
Pinsinéirí	128	129
Íocaíochtaí Cnapshuime	124	217
	<b>128</b>	<b>129</b>
	<b>2,501</b>	<b>2,574</b>

Baineadh tobhach pinsin €273,000 ó bhail foirne agus íocadh é leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara. Tar éis rialú an AE in 2008 rinneadh ball seasta foirne de gach ball foirne ar conradh a bhí i dteideal conartha thréimhse éiginnte. Áirítear na baill foirne seo le líon na mball foirne atá údaraithe ag BIM, mar a comhaontaíodh leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara.

### (c) Mionsonrú ar Shochair na bhFostaithe

Ó	Raon iomlán na bhfostaithe		Líon na bhFostaithe	
	Go dtí	2022	2021	
€60,000	€69,999	23	35	
€70,000	€79,999	23	7	
€80,000	€89,999	9	11	
€90,000	€99,999	5	5	
€100,000	€109,999	2	-	
€110,000	€119,999	2	-	
€120,000	€129,999	-	-	
€130,000	€139,999	-	1	



## 10. Tuarastal na Stiúrthóirí agus an POF

		Táillí 2022 €'000	Táillí 2021 €'000	Taisteal Speansais 2022 €'000	Taisteal Speansais 2021 €'000
Aidan Cotter (Téarma 17 Bealtaine 2022 to 16 Bealtaine 2025)	An Cathaoirleach	7	-	-	-
Lisa Vaughan (Téarma 19 Meitheamh 2020 agus an 18 Meitheamh 2022) (athcheaptha 19 Meitheamh 2022 agus an 18 Meitheamh 2025)	Stiúrthóir	8	8	1	1
William Deasy (Téarma 26 Iúil 2017 go dtí 25 Iúil 2020) (Téarma idir an 19 Samhain 2020 agus an 18 Samhain 2023)	Stiúrthóir	8	8	4	1
Jean Callanan (Téarma idir an 19 Samhain 2020 agus an 18 Samhain 2023)	Stiúrthóir	8	8	1	1
Aaron Forde (Téarma idir an 19 Samhain 2020 agus an 17 Feabhra 2021)	Stiúrthóir	-	1	-	-
Marie Gleeson (Téarma idir an 19 Samhain 2020 agus an 18 Samhain 2023)	Stiúrthóir	8	8	2	1
George Golden (Téarma 29 Meán Fómhair 2021 to 28 Meán Fómhair 2024)	Stiúrthóir	8	2	3	1
		<b>47</b>	<b>35</b>	<b>11</b>	<b>5</b>

Bhí 12 lánchruinniú TBC ag an mBord in 2022. D'fhreastail Comhaltaí Boird ar chruinnithe agus imeachtaí eile lasmuigh de chruinnithe an Bhoird agus Cruinnithe Iniúchóireachta thar ceann BIM.

	Freastal an Bhoird 2022	Cruinnithe Eile 2022
Aidan Cotter	(7/7)	-
Lisa Vaughan	(11/12)	6
William Deasy	(12/12)	-
Jean Callanan	(12/12)	2
Marie Gleeson	(11/12)	2
George Golden	(11/12)	4

	Tuarastal 2022 € '000	Tuarastal 2021 €'000
POF (Jim O'Toole)	117	136
Príomhfheidhmeannach Eatramhach	20	-
	<b>137</b>	<b>136</b>

Tá an POF ina bhall de scéim shochair shainithe BIM agus íocadh costais de €7,000 leis an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin do 2022 freisin. D'éirigh an Príomhfheidhmeannach as an 31 Deireadh Fómhair 2022.

Ceapadh Caroline Bocquel mar POF Eatramhach ar 1 Samhain 2022. Íocadh costais de €2,139 leis an POF Eatramhach le haghaidh 2022.

## 11. Maoin, Gléasra agus Trealamh

	Iomlán €'000	Talamh agus Áitribh €'000	Gléasra agus Innealra €'000	Sócmhainní le linn tógála €'000	Feithiclí Mótair €'000	Gaireas agus Trealamh €'000
<b>Costas</b>						
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir	33,352	6,762	5,965	-	382	20,243
Breiseanna	1,759	121	758	621	2	257
Aistriú*						
Diúscairtí	(4)		(4)	-		
<b>Iarmhéid amhail an 31 Nollaig</b>	<b>35,107</b>	<b>6,883</b>	<b>6,719</b>	<b>621</b>	<b>384</b>	<b>20,500</b>
<b>Dímheas</b>						
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir	29,183	6,010	4,532	-	293	18,348
Muirear don Bhliain	1,079	160	318	-	34	567
Diúscairtí	(4)	-	(4)	-		
<b>Iarmhéid amhail an 31 Nollaig</b>	<b>30,258</b>	<b>6,170</b>	<b>4,846</b>	<b>-</b>	<b>327</b>	<b>18,915</b>
<b>Glanluach Leabhair</b>						
<b>Amhail an 31 Nollaig 2022</b>	<b>4,849</b>	<b>713</b>	<b>1,873</b>	<b>621</b>	<b>57</b>	<b>1,585</b>
<b>Amhail an 31 Nollaig 2021</b>	<b>4,169</b>	<b>752</b>	<b>1,433</b>	<b>-</b>	<b>89</b>	<b>1,895</b>

\*Tagraíonn sócmhainní atá á thógáil faoi láthair don tiomantas caipitil sonraithe ar an 31 Nollaig 2022.

## 12. Infháltais

	2022 € '000	2021 €'000
Infháltais Eile	313	406
Réamhíocaíochtaí	369	434
	<b>682</b>	<b>840</b>
Lúide: Soláthar le haghaidh Fiach Amhrasach	(16)	(15)
	<b>666</b>	<b>825</b>

### 13. Méideanna Iníochta (suimeanna dlite laistigh de bhliain amháin)

	2022 € '000	2021 €'000
Ioncam Iarchurtha	54	54
Iníochta agus fabhruithe trádála	1,917	1,388
Fabhruithe Deontais	325	8,649
	<b>2,296</b>	<b>10,091</b>

Tá cáin agus árachas sóisialta faoi réir théarmaí na reachtaíochta ábhartha. Gearrtar ús ar íocaíochtaí déanacha. Ní raibh aon ús dlite ag dáta deiridh na bliana airgeadais. Tá téarmaí na bhfabhruithe bunaithe ar na conarthaí bunaidh. Na suimeanna eile a chuirtear san áireamh i gcreidiúnaithe, nach bhfuil cumhdaithe ag nochtadh nótaí ar leith, is suimeanna neamhraithe iad atá gan ús agus iníochta ar éileamh.

### 14. Ceangaltais Léasa

Amhail an 31 Nollaig 2022 bhí na híocaíochtaí íosta todhcháiocha léasa seo a leanas ag BIM, faoi léasanna oibríocháin nach féidir iad a chealú, do na tréimhsí seo a leanas:

	2022 € '000	2021 €'000
Iníochta laistigh de bhliain amháin	17	17
Iníochta laistigh de dhá bhliain suas le cúig bliana	41	53
Iníochta tar éis cúig bliana	9	19
	<b>67</b>	<b>89</b>

### 15. Cúlchistí Caipitil

	2022 € '000	2021 €'000
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir	4,169	3,522
<b>Aistriú (chuig an)/ón gCuntas Ioncaim agus Caiteachas</b>		
Maoiniú Bhreiseanna Sócmhainní	1,759	1,891
Amúchadh i gcomhréir le Dímheas Sócmhainní	(1,079)	(1,244)
<b>Aistriú chuig an Ráiteas maidir leis an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais agus le Cúlchistí Ioncaim Coinnithe</b>	<b>680</b>	<b>647</b>
<b>Iarmhéid amhail an 31 Nollaig</b>	<b>4,849</b>	<b>4,169</b>

### 16. Dlíteanais agus Ceangaltais Theagmhasacha

Ní raibh aon dlíteanais agus ceangaltais theagmhasacha ann amhail an 31 Nollaig 2022, a d'eascair as seo a leanas:

- (a) Ag deireadh na bliana bhí iarratais ar dheontais ann a bhí faofa go hiomlán, agus nach bhfuarthas aon iarratas ina leith.

Ba iad na hiarmhéideanna maidir leis na háiseanna airgeadais seo a faomhadh ach nár úsáideadh ar an 31 Nollaig ná:

	2022 € '000	2021 €'000
lascaigh	15,378	5,454

### 17. Tionscnamh Dobharshaothraithe Trasteorann

Rinneadh an Tionscnamh Dobharshaothraithe Trasteorann arna thacú ag an gClár Speisialta um Shíocháin agus Athmhuintearas a chorprú in 1998 mar Ghrúpáil Eorpach um Leas Eacnamaíoch (EEIG) agus a chláraíodh san Oifig um Chlárú Cuideachtaí. Tá sé faoi chomhúinéireacht BIM agus Bhia Mara Thuaisceart Éireann Teoranta (Northern Ireland Seafood Limited).

Comhdaítear ráiteas bliantúil leis an CRO (IG8) agus síníonn ballraíocht an GELE é, Bluett Conran a iniúchann na cuntais don Tionscnamh Dobharshaothraithe.

Chríochnaigh an Tionscnamh Dobharshaothraithe Trasteorann a chuid oibríochtaí ar an 31 Nollaig 2020 agus cuirfead tús leis an bpróiseas leachtaithe, trí iarratas Ard-Chúirte, in 2021 agus tá sé fós ar siúl.

### 18. Ciste Cothromais Bheanntaí

Bhunaigh an Rialtas an ciste faoi leith seo le forbairt thionscal do bharshaothraithe réigiún Bheanntaí a chur chun cinn tar éis dhúnadh Chríochfort Ola Fhaoide. Sealbhaítear na scaireanna uile in ainm an Aire Airgeadais. Ní féidir luach na scaireanna seo a mheas go cruinn de bharr go mbraitheann sé ar fheidhmíocht na bhfontar.

Sealbhaíodh na hinfheistíochtaí seo a leanas amhail an 31 Nollaig 2022:

	2022 € '000	2021 €'000
Kush Seafarms Teoranta	19	19
Fastnet Mussels Teoranta	19	19
	<b>38</b>	<b>38</b>

## 19. Costais Shochair Scoir

### (a) Costais Scoir

Anailís ar na costais iomlána shochar scoir a gearradh ar an Ráiteas maidir le hIoncam agus Caiteachas agus le Cúlchistí Ioncaim Coinnithe:

	2022 € '000	2021 €'000
Costas Seirbhíse Reatha	2,418	2,439
Ús ar Dhliteanais Scéime Pinsin	1,251	799
Ranníocaíochtaí Fostaí	(412)	(398)
	<b>3,257</b>	<b>2,840</b>

### (b) Gluaisteacht i nglan-Oibleagáidí Shochar Scoir

	2022 € '000	2021 €'000
Glandliteanas Pinsin amhail an 1 Eanáir	89,390	84,132
Costas Glan Seirbhíse Reatha	2,006	2,041
Rannchuidithe Fostaithe	412	398
Ús ar Dhliteanais Scéime Pinsin	1,251	799
Caillteanas/(Gnóthachan) Achtúireach	(23,655)	4,593
Pinsin a híocadh sa bhliain	(2,501)	(2,573)
Íocaíocht i leith aistriú seirbhíse go tríú páirtí*	-	-
	<b>66,903</b>	<b>89,390</b>

### Toimhdí Airgeadais

Ba iad seo a leanas na príomhthoimhdí achtúireacha:

	2022	2021
Ráta méadaithe na dtuarastal	4.15%	3.60%
Ráta méadaithe na bpinsean á n-íoc	3.65%	3.10%
Ráta Lascaine	3.65%	1.40%
Ráta Boilscithe	2.65%	2.10%

Ligeann bonn na básmháireachta a nglactar leis d'fheabhsúcháin ar ionchas saoil le himeacht aimsire. Mar sin de, braithfidh ionchas saoil tráth scoir ar an mbliain a bhaineann ball aois scoir amach (65 bliain d'aois). Taispeántar sa tábla thíos an meánionchas saoil ualaithe a úsáidtear chun oibleagáidí sochair na mball a leagadh amach.

Bliain ar baineadh aois 65 bliain amach	2022	2042
Ionchas saoil - fir	24.3	22.1
Ionchas saoil - mná	26.4	24.4

### (c) Sócmhainn Maoinithe Iarchurtha le haghaidh Pinsean

Breathnaíonn an Bord ar na méideanna seo mar shócmhainn a fhreagraíonn don dliteanas iarchurtha gan mhaoiniú le haghaidh pinsean de réir na sraithe toimhdí a mhínítear thíos agus roinnt imeachtaí a tharla san am atá thart. Ar na himeachtaí seo tá an bonn reachtúil um bunú na scéimeanna aoisliúntais, agus an beartas agus an cleachtas atá i bhfeidhm faoi láthair i ndáil le maoiniú pinsean na seirbhíse poiblí, lena n-áirítear ranníocaíochtaí fostaithe agus an próiseas bliantúil meastachán. Cé nach ann do chomhaontú foirmiúil i ndáil leis na suimeanna faoi leith seo leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, níl aon fhianaise ag an mBord nach mbainfidh an beartas maoinithe seo na suimeanna seo amach mar is dual dó de réir an chleachtais reatha.

Glanmhaoiniú Iarchurtha le haghaidh Pinsean sa bhliain	2022 € '000	2021 €'000
Maoiniú in-aisghabhála maidir le costais phinsin na bliana reatha	3,669	3,238
Deontas Stáit caite le pinsinéirí a íoc agus aistriú seirbhíse	(2,501)	(2,573)
	<b>1,168</b>	<b>665</b>

### (d) Stair na nDlíteanais Scéime agus na ngnóthachan/(caillteanas) Taithí

Glanmhaoiniú Iarchurtha le haghaidh Pinsean sa bhliain	2022 € '000	2021 € '000	2020 € '000	2019 € '000	2018 €'000
Oibleagáidí sainithe sochair	66,903	89,390	84,132	78,619	71,082
Gnóthachain ó thaithí ar dhliteanais phlean	499	653	338	(980)	(1,317)
Gnóthachain ó thaithí mar chéatadán de dhliteanais phlean	0.7%	0.7%	0.4%	(1.2%)	(1.9%)

### (e) Scéim Pinsin

Feidhmíonn BIM scéim aoisliúntais sochair sainithe don fhoireann. Íoctar teidlíochtaí aoisliúntais a eascraíonn ó na scéimeanna as ioncam reatha agus gearrtar ar an Ráiteas maidir le hIoncam agus Caiteachas agus le Cúlchistí Ioncaim Coinnithe iad, de réir glan-ranníocaíochtaí aoisliúntais na bhfostaithe, sa bhliain a bhíonn siad le híoc. Leagtar amach na torthaí thuas ar luacháil achtúireach de dhliteanais pinsin maidir le foireann BIM atá ag obair, atá scoite nó básaithe ar an 31 Nollaig 2022. Rinne achtúire neamhspleách cáilithe an luacháil seo.

### (f) Scéim Aonair

Is í an Scéim Aonair an scéim pinsin gairme d'fhostaithe sa tseirbhís poiblí a earcaíodh ó 2013 i leith. Is scéim sochar sainithe atá ann, le sochair scoir bunaithe ar meánphá gairmréime. Gnóthaíonn an scéim sochair pinsin agus sochair chnapshuime scoir do gach ball den scéim. Fabhraíonn na sochair airgid seo, ar a nglaoitear "suimeanna inghairthe", mar chéatadán de phá ar bhonn leanúnach. Déantar na suimeanna inghairthe fabhráithe gach bliain a luacháil go bliantúil go dtí scor ag teacht le méaduithe boilscithe (Praghasinnéacs Tomhaltóirí). Is ionann an pinsean bliantúil a bhronntar ar scor agus iomlán carnach suimeanna inghairthe pinsean bhall den scéim agus, ar an gcuma chéanna, is ionann an cnapshuim a bhronntar agus iomlán suimeanna inghairthe chnapshuime bhall den scéim.

## 20. Leasanna Bhail an Bhoird

Ghlac an Bord le nósanna imeachta de réir na dtreoirlínte a d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i dtaca le nochtadh Chomhaltaí an Bhoird faoi leasanna agus comhlíonadh na nósanna imeachta seo i rith na bliana. Níor nocht Comhaltaí Boird leasanna in am ar bith in 2022.

## 21. Nochtadh Páirtí Baintigh

Is ionann na príomhphearsanra bainistíochta i BIM agus an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus Bord na Stiúrthóirí. B'ionann iomlán an chúitimh a íocadh leis an bpríomhphearsanra bainistíochta, táillí agus speansais chomhaltaí an Bhoird agus luach saothair iomlán an Phríomhoifigigh Fheidhmiúcháin, agus €204,000 (2021: €184,000).

Chun briseadh síos a fháil ar luach saothair agus sochair a íocadh leis an bpríomhphearsanra bainistíochta, déan tagairt le do thoil le Nóta 10.

Glacann BIM nósanna imeachta i gcomhréir leis na treoirlínte a eisiónn an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe a chlúdaíonn leasanna pearsanta chomhaltaí an Bhoird. I ngnáthchúrsa an ghnó, féadfaidh BIM deontais a fhorhreas nó dul isteach i socruithe conarthacha le haonáin ina bhfuil comhaltaí Boird an BIM fostaithe nó a bhfuil leas eile acu iontu.

Is le BIM 100% de ghnáth-scairchaipiteal St. George Fishery Company Limited, cuideachta atá corpraithe in Éirinn, nach bhfuil ag feidhmiú faoi láthair agus nár thrádáil le linn na tréimhse. Tá glansócmhainní de €1,270 ag an gcuideachta.

## 22. Gnóthas Leantach - COVID-19

Leanann BIM air ag bainistiú cúinsí athraitheacha maidir le paindéim COVID-19. Baineann an próiseas seo leis na prótacail is déanaí ón Rialtas a leanúint agus cinnte a dhéanamh go bhfuil maoluithe cuí i bhfeidhm le Creat Bainistíochta Riosca BIM. Tá plean teagmhais COVID-19 i bhfeidhm agus déanann foireann shinsearach ceannaireachta é a bhainistiú agus a nuashonrú.

## 23. Faomhadh na Ráiteas Airgeadais

Rinne an Bord na Ráitis Airgeadais a fhaomhadh ag an gcruinniú ar an 21 Meitheamh 2023.

